IRIS SEANDÁLAÍOCHTA AN UBN
2010 Eagrán 5

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

# seanda



www.nra.ie/Archaeology/

# Clár ábhar

# seanda


ICH

02 Nuascéala Tionscadail

07 Cuntas Iarbháis

08 Máistrí a gceirde: adhmaid oibrithe ó Eanach Abhalta, Co. Thiobrad Árann

10 Maidir le gráinní agus uaigheanna: tochailtí ag Baile an Totaigh 2

14 Iarsmaí barr ó Bhaile na Móna 2

16 Luath-Fhiagaithe Cnuasaitheoirí Gar Don tSionna

18 Luaithreach Créamtha agus ceisteanna: Adhlacadh Créumhaoise ag Derrybane 2

22 Coirnín 'Meare'

23 ASI: Imscrúdú ar Láthair Seandálaíochta i dtuaisceart Chontae Lú

26 Oibriú iarainn meánaoiseach sa phuiteach

30 Seandálaíocht á cur in iúl trí thaispeántas: tuairimí an phobail á dtomhas

34 An Áith Triomaithe Arbhair is Luaithe in Éirinn?

36 Laethanta Tosaigh ar Sheachród Ros Mhic Thriúin an N25

38 Folcadh sa Chréumhaois?

40 Babhlaí polapód agus potaí íogairt ilchríochacha

41 Tochailt, sonraí agus craobhscaoileadh

42 Uaimh Thalún ag Baile na Carraige 2

45 Seandálaíocht an Tíogair Cheiltigh —an Radharc de Chéin

48 Ag tógáil ar bhunsraith thathagach: tochailtí ag lios Ráth Mhuirisín

50 Cuimhne ar an mBás ag Mullach, Co. Longfoirt

52 Clós agus Lonnaíocht Neoiliteach gan ríochan ag Tulach Éide

56 Tábhacht 'nuair'?

60 Creideamh léimneach na hatógála

64 Gluais



08 Máistrí a gceirde: adhmaid oibrithe ó Eanach Abhalta, Co. Thiobrad Árann





*Déanann Kate Taylor, Stiúrthóir Tochailte le TVAS (Ireland) Ltd, tuairisc ar roinnt déantán adhmaid ar thángthas orthu le linn tochailtí ar an scéim mhótarbhealaigh M7 An tAonach–Luimneach.*


38 Folcadh sa Chréumhaois?




*Déanann Nial O' Neill, Stiúrthóir Tochailte le Headland Archaeology Ltd, cur síos ar umar mionsaothraithe, tobar agus ardán a fuarthas faoi fhulacht fiadh/ dumha dóite ar mhótharbhealach an M7.*


56 Tábhacht 'nuair'?




*Scrúdaíonn Ken Hanley, Seandálaí NRA le Foireann an Deiscirt, an chaoi a bhfeabhsaíonn an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch go leanúnach réimse agus beaichte na modhanna dátaithe atá infhaighte do sheandálaithe.*

NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

## Foireann Táirgthe

FOIREANN EAGARTHÓIREACHTA
Michael Stanley
Rónán Swan
Rachel Pierce (eagarthóir cóipe, Verba Editing House)

TÁIRGEADH, LEAGAN AMACH, DEARADH AGUS CLÓDÓIREACHT
Brunswick Press Limited,
Baile Átha Cliath

COINCHEAP DEARAIDH BUNAIDH
Begley Hutton Design Consultants

FOILSITHEOIR
Údarás um Bóithre Náisiúnta
Teach Naomh Máirtín
Bóthar Waterloo
Baile Átha Cliath 4

SUÍOMH IDIRLÍN
Tabhair cuairt ar www.nra.ie/Archaeology/ chun leagan PDF den irisleabhar agus de gach eagrán roimhe seo a fheiceáil agus a íoslódáil.

SÉANADH
Ní gá gur léiriú atá sna tuairimí a nochtar san fhoilseachán seo ar dhearcadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, ach is tuairimí na n-údar iad féin amháin atá iontu fós.

© An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta 2010

Gach ceart ar cosnamh. Ní féidir cuid ar bith den irisleabhar seo a ath-chlóbhualadh ná a atáirgeadh ná a úsáid ar aon bhealach leictreonach, meicniúil ná eile, dá bhfuil ann ná dá n-airgfear dá éis seo, lena n-áirítear fótachóipeáil agus taifeadadh, ná ar bhealach éigin eile gan toil scríofa na bhfoilsitheoirí roimh ré ná gan ceadúnas trína gceadaítear cóipeáil shrianta in Éirinn arna eisiúint ag Gníomhaireacht Ceadúnúcháin Chóipchirt na hÉireann Teo., Áras na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

*Íomhá clúdaigh:* Próca 'Aghaidhmhaisc' uathúil ón gCré-umhaois Luath ó Bhaile Mhistéala, Co. Chorcaí, a fuarthas ó láithreán ar Bhóthar Faoisimh an N8 i mBaile Mhistéala (Grianghraif: John Sunderland)

## Fáilte chuig an
# gCúigiú hEagrán de *Seanda*

FEARDORCHA DE BARRA, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Bóithre Náisiúnta


Feardorcha de Barra


Fearaimse fáilte roimh léitheoirí chuig an gcúigiú heagrán de *Seanda*, irisleabhar seandálaíochta an NRA. Is cúis mhórtais dúinn go bhfuil cúig eagrán den irisleabhar curtha dínn, agus tá sé tar éis bheith mar cheann de na foilseacháin is mó a réitigh lena léitheoirí as an iliomad foilseachán seandálaíochta a tháirgeann an NRA i láthair na huaire. Fuair gach aon eagrán go dtí seo ardmholadh ó go leor cearn, agus chuir an tsraith le bunú an NRA mar cheann de na foilsitheoirí is forásaí don saothar seandálaíochta in Éirinn, faoi mar a dúirt léirmheastóir amháin le déanaí.

Tá rath an irisleabhair *Seanda*, an dá shraith monagraif de chuid an NRA (féach l. 6 agus an clúdach cúil) agus modhanna eisiúna eile, cosúil le Bunachar Sonraí Seandálaíochta an NRA (féach l. 41), i bhfiach go mór ar fhís agus díograis Dháire O'Rourke, a bhí ina Ceann Seandálaíochta ag an NRA idir na blianta 2001 agus 2010. B'oth linn go bhfuair Dáire bás ag deireadh mí Aibreáin tar éis di dúshlán a tinnis a thabhairt, agus is mór a airíonn a muintir, cairde agus comhleacaithe uathu í. Ba mhór a rannchur le saothar an NRA agus le gairm na seandálaíochta trí chéile, agus rachaidh a hoidhreacht chun leasa an dá ghrúpa amach anseo.

Tiomnaímidne an t-eagrán seo dá cuimhne.

# Nuascéala Tionscadail

## *In the Shadow of the Galtees*




Sheol an tAire Stáit Martin Mansergh TD ceathrú monagraf scéime an NRA, *In the Shadow of the Galtees: archaeological excavations along the N8 Cashel to Mitchelstown road scheme*, a scríobh Melanie McQuade, Bernice Molloy agus Colm Moriarty, ar an 16 Samhain 2009 i suíomh meánaoiseach an Fhleití i gCaisleán Chathair Dúin Iascaigh, Co. Thiobraid Árann. Chabhraigh an imeacht, a d'eagair Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas Labhaoise McKenna, le hoidhreacht shaibhir sheandálaíochta agus chultúrtha Thiobraid Árann Theas a chur chun cinn. Ba é an Cathaoirleach Liam Ahearn, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, a thug an t-aitheasc oscailte, agus thug Mary Cahill, Coimeádaí Seaniarsmaí in Ard-Mhúsaem na hÉireann (agus atá as Cluain Meala ó dhúchas), spreagaitheasc. Cuireadh feabhas ar an suíomh atmaisféarach ag cuid de na rannpháirtithe a raibh culaithirt mheánaoiseach á caitheamh acu agus ag an 'mbraon beag' de mheá a bhí ar fáil chun fáilte a chur roimh na haíonna.



Ó chlé go deis: Melanie McQuade (MGL), Seandálaí Cúnta sa NRA, Mairéad McLaughlin, Colm Moriarty agus Bernice Molloy (MGL) ag seoladh In the Shadow of the Galtees. (Grianghraf: Sheelagh Conran)

Cuireann *In the Shadow of the Galtees* síos ar thorthaí na dtochailtí seandálaíochta a rinneadh ar bhealach Scéim Feabhsúcháin Bóithre an N8 ó Chaiseal go Baile Mhistéala, ar thug Margaret Gowen & Co. Ltd (MGL) fúthu. Mar thoradh ar na himscrúduithe sin aithníodh 63 láithreán seandálaíochta nach raibh tuairisc orthu roimhe sin, áit ar nocht seandálaithe iarsmaí ó ghníomhaíocht lonnaíochta, dheasghnách agus tionscail. Cuireann na húdair síos ar na déantáin iontach spéisiúil a fuarthas sna láithreáin sin, a léiríonn na hathruithe ar riachtanais, ar thoighsí agus ar dhílseacht pholaitiúil na ndaoine a raibh cónaí orthu sa cheantar le 5,000 bliain anuas. Cuirtear feabhas ar chur i láthair thorthaí na tochailte ag CD-ROM a théann in éineacht leo agus a chuimsíonn na tuarascálacha deireanacha tochailte agus na saintuarascálacha go léir, ag cur ar chumas an léitheora tuiscint níos fearr a fháil ar na tírdhreacha a raibh cónaí ag ár sinsir iontu ó thréimhse na réamhstaire anuas go dtí an tréimhse iar-mheánaoiseach.

Is é an NRA a d'fhoilsigh *In the Shadow of the Galtees* agus tá sé ar fáil i siopaí leabhair nó díreach ó Wordwell Book Sales, Wordwell Limited, Media House, Páirc Gnó Dheisceart an Chontae, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 (teil: +353 1 2947860; ríomhphost: helen@wordwellbooks.com).

*Mairéad McLaughlin, Seandálaí Cúnta ón NRA, Foireann an Deiscirt.*



Roinnt gnímh athachtaithe roimh an seoladh leabhair. (Grianghraf: Fintan McCarthy)

# Fia Mór na mBeann agus fearnóg luath: an tábhacht a bhaineann le blogh

Aisghabhadh iarsmaí Fhia Mór na mBeann (*Megaloceros giganteus*) ó chósta thoir locha oighrigh dhéanaigh i mBealach Achaille, Co. Thiobraid Árann, le linn tochailtí deireanacha ar mhótarbhealach an M7 ón Aonach-Luimneach. Bhí leaba domhain marla carntha sa loch agus ina dhiaidh sin clúdaíodh an láithreán ag portach. Chuimsigh na bloghanna a d'aithin an tOistéa-sheandálaí Auli Tourunen bloghanna binne agus bloghanna cnámha eile, lenar áiríodh dhá mhandabal clé (cnámha géill íochtair), ag tabhairt le fios go mbaineann na hiarsmaí le dhá fhia ar a laghad. Mar gheall ar na cnámha go léir a tháinig ó eiseamail aosacha agus toisc go bhfuil beanna ann, dearbhaítear go bhfuil fia fireann amháin ar a laghad i gceist. Sholáthródh an timpeallacht seo ina bhfuil aolchloch chun tosaigh agus atá ar mhórán cailciam an chineál féaraigh iontach scamhardach a bheadh ag teastáil chun tacú leis na beanna suntasach arb iad an tréith is cáiliúla den speiceas (réise 3.6 m, meáchan 40 kg). Filleadh dátaí radacarbóin de 10939–10861 RCh, 10902–10782 RCh agus 10480–10178 RCh ó na trí shampla agus tá siad ag teacht le dátaí foilsithe. Ábhar díospóireachta fós é an tráth beacht a ndeachaigh an speiceas seo in éag, agus fuarthas samplaí níos deireanaí sa tSibéir.

Rinneadh blogh adhmad fearnóige (*Alnus glutinosa*), a d'aithin an tAircéa-luibheolaí Karen Stewart ar dtús agus a dearbhaíodh ag an bPailéa-chomhshaolaí Ingelise Stuijts, a aisghabháil freisin ó Bhealach Achaille. Rinneadh dátú radacarbóin siar go 7308-7073 RCh ar an adhmad sin. Is gnách go ndeirtear gur tháinig an fhearnóg sin go hÉirinn timpeall 6000 RCh. Tugann staidéir ar phailin i gCill Áirne, Co. Chiarraí agus i nGleann dá Loch, Co. Chill Mhantáin le tuiscint go raibh pobail leithlisithe d'fhearnóg ann taobh le péine agus dair nuair a tharla an coilíniú iaroighreach tosaigh do choillearnacha. Fuarthas an fhianaise luath sin ar fhearnóg ó ghráinní pailine gaothshéidte a d'fhéadfaí a áitiú gur eascair siad ó fhoinse lasmuigh d'Éirinn. Tá tábhacht ag baint le sampla Bhealach Achaille toisc go ndearbhaíonn sé go raibh an fhearnóg ag fás i dTiobraid Árann míle bliain níos luaithe ar a laghad ná mar a ceapadh ar dtús.

*Lisa Doyle, Bainisteoir Láithreáin,, Headland Archaeology Ltd.*




# Duaiseanna as Cur i Láthair Taighde ar Oidhreacht 2010


Tar éis dul i gcomórtas leis an deichniúr seandálaithe is mó sa Bhreatain, bhuaigh Brendon Wilkins, a d'oibrigh i Headland Archaeology Ltd uair amháin, an duais dara háite ag Duaiseanna Oidhreachta Shasana as Cur i Láthair Taighde ar Oidhreacht 2010. Bronnadh an duais as a chur i láthair faoi reiligí éagsúla a ndearnadh a thochailt ar scéim bóithre an N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe Thoir. Rinneadh an searmanas duaise bliantúil sin, a mholann do thaighdeoirí atá gníomhach i ngach réimse den oidhreacht sa Bhreatain agus in Éirinn a gcuid torthaí a chur i láthair don phobal, a óstáil ag an irisleabhar Current Archaeology agus ag an Portable Antiquities Scheme mar chuid den chomhdháil Archaeology 2010 sa British Museum, Londain, ar 26–28 Feabhra. Ag labhairt ag an searmanas duaiseanna, dúirt Brendon: 'Bhí an tionscadal seo iontach spreagúil. Le 10 mbliana anuas tá Éire chun tosaigh sa domhan maidir le méid agus cáilíocht na hoibre seandálaíochta a dhéantar—tairbhe as an mborradh tógála nach n-aithnítear go minic.'

Is féidir tuilleadh eolais faoi na duaiseanna, a dhéantar a chomhurrú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil in Éirinn a fheiceáil ag: http://www.english-heritage.org.uk/professional/training-and-skills/improving-practice/awards-for-presentation-of- heritage-research/.

*Michael Stanley, Seandálaí UBN, Ceannoifig UBN.*

# Nuascéala Tionscadail

## *Places along the way:* an chéad mhonagraf ar an M3




Cé gur osclaíodh scéim mótarbhealaigh an M3 ó Chluain Aodha –Laisteas de na Cealla roimh am i mbliana, bhí an chéad mhórfhoilseachán faoin tseandálaíocht a thángthas uirthi ar an scéim ar fáil sular osclaíodh an scéim.

I Márta 2010 sheol an tAire Iompair Noel Dempsey TD *Places Along the Way: first findings on the M3*, a chuir Seandálaí Sinseartha ón NRA Mary B Deevy agus Donald Murphy, Stiúrthóir Archaeological Consultancy Services in eagar, san Ionad Ealaíon Solstice san Uaimh, Co. na Mí. Thug an Dr Michael Ryan, Stiúrthóir an Leabharlann Chester Beatty i mBaile Átha Cliath óráid ag an seoladh agus chuir sé fáilte roimh scaipeadh luath na gcuntas mór agus na dtuairimí faoi ocht gcinn de na láithreáin ba mhó a ndearnadh a thochailt ar mhótarbhealach an M3 idir Dún Búinne agus an Uaimh i gContae na Mí, ceantar a chuimsíonn an tírdhreach níos leithne timpeall Chnoc na Teamhrach. Dúirt an Dr Ryan cé gur ráitis eatramhacha a scríobhadh agus taighde iar-thochailte ar siúl atá sna caibidlí go léir san imleabhar seo, nach cosúil go dtiocfaidh athrú mór tar éis tuilleadh taighde ar chuid mhór de na conclúidí a moladh ar bhonn sealadach.

Rinne an Dr Ryan a aitheasc a thíolacadh do Dháire O' Rourke, Ceann Seandálaíochta san NRA ó 2001-2010, agus thug sé ómós dá raibh bainte amach aici, lenar áiríodh an NRA a bhunú mar cheann de phríomhfhoilsitheoirí na seandálaíochta in Éirinn.

Is é *Places Along the Way* an cúigiú foilseachán i sraith Monagraif Scéime an NRA agus is é an chéad mhonagraf i sraith atá chun plé leis na torthaí tochailte ón M3. D'fhoilsigh an NRA é i Nollaig 2009 agus tá sé ar fáil i siopaí leabhair nó díreach ó Wordwell Books Sales, Media House, Páirc Gnó Dheisceart an Chontae, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 (teil: +353 1 2947860; ríomhphost: helen@wordwellbooks.com).

*Mary Deevy, Seandálaí Sinsearach UBN , Foireann an Oirthir.*



An seandálaí Robert O'Hara, duine de na húdair a bhí rannpháirteach san fhoilseachán, ag síniú cóipeanna ag an seoladh. (Grianghraf: Alan Russell)



Ó chlé go deas: an t-údar Robert O'Hara, an tAire Iompair Noel Dempsey TD, Cathaoirleach William Carey (Comhairle Contae na Mí), an Dr Michael Ryan, na heagarthóirí Mary Deevy agus Donald Murphy agus an t-údar Aidan O'Connell ag seoladh Places Along the Way. (Grianghraf: Alan Russell)

# An t-Am Fadó, Athrú Ratha

Reáchtálfaidh Rannóg Seandálaíochta an NRA a Sheimineár Bliantúil Seandálaíochta ar 26 Lúnasa 2010 san Óstán Gresham, Baile Átha Cliath chun bheith ar siúl ag an am céanna leis an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta (21–29 Lúnasa). Measadh go mbeadh sé oiriúnach breathnú ar théama a léireodh an imní faoin ngeilleagar atá le brath faoi láthair, agus mar sin is é teideal an tseimineáir i mbliana ná *An t-Am Fadó, Athrú Ratha*.

Táthar ag iarraidh ar na cainteoirí i mbliana dul i ngleic leis an bhfianaise sa tseandálaíocht ar thimthriallta de bhorradh agus chliseadh. Mar shampla, cuirfidh an seandálaí comhshaoil an Dr Scott Timpany i láthair *Agricultural boom and bust in medieval Ireland: plant macrofossil evidence from sites along the N9/N10 road scheme*, agus cuirfidh an Seandálaí sa NRA Ken Hanley páipéar dar teideal *Profiting from the land: mixed fortunes in historic landscapes* i láthair.

Is féidir clár iomlán an tseimineáir a fheiceáil ar láithreán gréasáin an NRA, ag www.nra.ie/Archaeology/ArchaeologySeminar2010/. Imeachtaí saor in aisce atá i Seimineáir Náisiúnta Seandálaíochta an NRA, ach ní mór áit a chur in áirithe. Chun clárú don imeacht seo déan teagmháil le do thoil le Lillian Butler (teil: +353 1 6602511; ríomhphost: lbutler@nra.ie).

*Michael Stanley, Seandálaí UBN, Ceannoifig UBN.*




## Taighde a dhéanamh ar aircéa-gheoifisic

Cosúil le haon fhorbróir mór, tá sé ar cúram don NRA srianta móra ó thaobh na seandálaíochta a aithint go luath chun go bhféadann sé aon drochthionchair a mhaolú go sásúil agus é ag súil freisin go mbeidh sé in ann iad a íoslaghdú. Le deich mbliana anuas tá úsáid á baint ag an NRA as modhanna éagsúla chun srianta den sórt sin a aithint, agus tá an suirbhé geoifisice ar ceann de na modhanna lárnacha. Foilsíodh torthaí suirbhéanna den sórt sin in eagráin de Seanda a tháinig roimhe seo (mar shampla, féach Eagrán 1 [2006], pp. 12–15).

Mar gheall ar fhairsinge agus ar mhéid na hoibre seandálaíochta a rinneadh ar scéimeanna bóithre náisiúnta, creidimid go bhfuil sé in am anois athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na hoibre sin agus a mheas cibé acu ar chomhlíon na suirbhéanna sin a gcuid cuspóirí aonair agus ar a mhéid agus atá leas bainte ag an NRA astu. Tuigimid freisin go mbeidh ábharthacht níos leithne ag baint leis an athbhreithniú fairsing sin mar fhoinse lárnach de phríomhshonraí seandálaíochta agus trí fhaisnéis den sórt sin a dhéanamh inrochtana go mbeimid ag comhlíonadh ár gcuspóra mar atá an fhaisnéis a thagann chun cinn ó scéimeanna bóithre náisiúnta a scaipeadh.

Tá an staidéar seo á dhéanamh ar bhonn na comhdhála Near Surface ar shuirbhéireacht airceá-geoifisice, a rinneadh i gColáiste na Tríonóide i bhfómhar 2009. Thaispeáin an chomhdháil go soiléir an obair shuntasach a rinneadh ar scéimeanna bóithre náisiúnta agus an dul chun cinn mór a rinneadh ó thaobh na suirbhéireachta airceá-geoifisice in Éirinn agus ar fud an domhain le deich mbliana anuas.

Rinneadh an t-athbhreithniú a choimisiúnú mar chuid de Chlár Comhaltachta an NRA, a bhfuil cuspóir faoi cheathair sonraithe aige:

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtaí airceá-geoifisice ar scéimeanna náisiúnta bóithre le 10 mbliana anuas.
2. Bunachar sonraí inrochtana de gach scéim den sórt sin a fhorbairt.
3. Tabhairt faoi thionscadail phíolótacha chun fiosrú a dhéanamh ar na fachtóirí éagsúla a mbíonn tionchar acu ar rath nó ar theip suirbhé, lena n-áirítear fachtóirí mar shéasúracht, réigiúnachas agus geolaíocht.
4. Moltaí a dhéanamh don NRA maidir leis na teicnící geoifisice is éifeachtúla ó thaobh costais.


I ndeireadh na dála, cuirfidh an staidéar seo ar chumas an NRA a chuid cleachtaí a thagarmharcáil de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta agus freisin soláthróidh sé acmhainn shuntasach faisnéise a mbeidh pleanálaithe, taighdeoirí, an lucht acadúil agus baill den phobal i gcoitinne ar ndóigh, in ann úsáid a bhaint as.

Táimid ag súil go mbronnfar an chomhaltacht sna seachtainí romhainn agus táimid ag tnúth le léitheoirí a choimeád ar a n-eolas faoin dul chun cinn uirthi sna heagráin de Seanda atá le teacht.

*Rónán Swan, Ceann Seandálaíochta (gníomhach) UBN, Ceannoifig UBN.*

# Nuascéala Tionscadail

## Beanna agus umair: foilseacháin atá le teacht ón NRA




Foilseofar *Creative Minds: production, manufacturing and invention in ancient Ireland*, an seachtú imleabhar sa tsraith Seandálaíochta agus i sraith Monagraif Scéime an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, ag deireadh mhí Lúnasa 2010. Sa leabhar nua seo, a chuir Michael Stanley, Ed Danaher agus James Eogan in eagar, tá imeachtaí Sheimineár Náisiúnta Seandálaíochta an NRA a reáchtáladh ar an 27 Lúnasa 2009 san Óstán Gresham, Baile Átha Cliath.

Rinne na cainteoirí ag an seimineár *Creative Minds* iarracht cruthaitheacht ár sinsear, a bhfuil fianaise uirthi le feiceáil sna fionnachtana go léir a rinneadh ar scéimeanna bóithre náisiúnta, a scrúdú, a thuiscint agus a cheiliúradh. Scrúdaíonn an monagraf a tháinig chun cinn dá bharr táirgeadh uirlisí cloiche, criadóireachta agus teicstílí le linn thréimhse na réamhstaire; cuid den fhianaise is luaithe ar iompar rothach in Éirinn; déanamh clog láimhe ar shuíomh mainistreach agus ar phróisis mhiotalóireachta le linn thréimhsí na réamhstaire deireanaí agus na meánaoiseanna. Trí húsáid a bhaint as seandálaíocht thurgnamhach agus as athdhéanamh ríomhghinte, agus trí fhianaise ó go leor láithreán ar fud na tíre a shintéisiú, léiríonn na húdair an chruthaitheacht nach mór a bheith ag seandálaithe chun eagar a chur ar a gcuid fianaise, chun í a thuiscint agus a chur i láthair.

Foilseofar *Of Troughs and Tuyères: the archaeology of the N5 Charlestown Bypass*, an mhír is deireanaí i sraith Monagraif Scéime an NRA, i nDeireadh Fómhair 2010. Sa leabhar nua seo, a scríobh Richard F Gillespie agus Agnes Kerrigan, tá torthaí na dtochailtí a rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo ar Sheachbhealach Bhaile Chathail ar an N5 i gContae Mhaigh Eo agus i gContae Ros Comáin. Sna láithreáin a ndearnadh a thochailt bhí gnéithe lonnaíochta, sochraide agus tionscail ón ré Neoiliteach, ón gCré-umhaois agus ó dháta luath sna meánaoiseanna. Taispeánadh buaicphointí ó na fríotha a thángthas orthu le linn na dtochailtí san eagrán roimhe seo (*Seanda*, Issue 4 [2009], pp. 8–11) agus fuarthas gur déantáin thábhachtacha iad maidir le scéal seandálaíochta na tíre a insint. Mar a bhí amhlaidh maidir leis na fríotha a nochtadh ar scéimeanna bóithre náisiúnta eile i Liatroim, i nGaillimh agus i Sligeach le blianta beaga anuas, tarraingíonn na fionnachtana iontach spéisiúil sin aird ar an ról lárnach atá ag an Iarthar maidir le scéal seandálaíochta an oileáin seo atá fós ag teacht chun solais.

D'fhoilsigh an NRA *Creative Minds* and *Of Troughs and Tuyères* agus beidh sé ar fáil i siopaí leabhair agus díreach ó Wordwell Book Sales, Media House, Páirc Gnó Dheisceart an Chontae, Baile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18 (teil: +353 1 2947860; ríomhphost: helen@wordwellbooks.com).

*Michael Stanley, Seandálaí UBN, Ceannoifig UBN.*

## *Nótaí Comhairle athbhreithnithe le haghaidh Tochailteoirí*

Tá Ard-Mhúsaem na hÉireann tar éis a chuid Nótaí Comhairle le haghaidh Tochailteoirí (a eisíodh den chéad uair in 1997) a athbhreithniú agus a atheisiúint agus é beartaithe Ionad Acmhainní Bailiúchán nua an Mhúsaeim a oscailt i mBaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, i bhfómhar 2010. Le hoscailt an Ionad Acmhainní Bailiúchán, táthar ag súil go mbeidh an Músaem in ann tosú arís ag tógáil isteach earraí seandálaíochta a aisghabhadh i dtochailtí le déanaí. Chun go mbeadh an próiseas sin chomh héifeachtach agus is féidir, ní mór go ndéanfaí na fríotha tochailte a chaomhnú, a dhoiciméadú, a uimhriú, a lipéadú agus a phacáistiú—agus sin é an cuspóir atá ag na Nótaí Comhairle. Tugann na Nótaí treoir iomlán do sheandálaithe agus do shainoibrithe eile chun cabhrú leo ábhar a ullmhú le taisceadh san Ionad Acmhainní nua.

Chomh maith le treoirlínte ginearálta maidir le doiciméadú, le huimhriú, le lipéadú agus pacáistiú, tá cuid leathnaithe sna Nótaí Comhairle athbhreithnithe faoi chúram fríotha ag tochailteoirí agus freisin tá na Treoirlínte Caomhnaithe athbhreithnithe le haghaidh Seandálaithe de chuid an Irish Professional Conservators' and Restorers Association atáirgthe ina n-iomlán. Freisin tá treoirlínte pacáistithe sonrach d'ábhar iontu chomh maith le míniú ar na riachtanais nua maidir le doiciméadú digiteach faoi fhríotha a chur isteach agus imlíne ar na nósanna imeachta foirmiúla um thaisceadh a úsáidfidh an Músaem.

Is féidir na Nótaí Comhairle a fheiceáil nó a íoslódáil ar láithreán gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann ag http://www.museum.ie/en/list/policies.aspx, nó is féidir iad a iarraidh ón Oifigeach Dualgais i Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann, ag antiquitiesdo@museum.ie. Moltar go tréan do gach seandálaí atá freagrach as fríotha tochailte nó a d'fhéadfadh a bheith freagrach astu amach anseo aithne a chur ar na Nótaí Comhairle.

*Andy Halpin, Coimeádaí Cúnta, Rannóg Sheaniarsmaí na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann*

# *'Onóir a comhluadair'*— I gcuimhne ar Dháire O'Rourke

Bhí Dáire O'Rourke, a fuair bás ar an 28 Aibreán 2010 agus í 45 bliain d'aois, ina Ceann Seandálaíochta san UBN. Ó d'éag sí, tá ómós tugtha ag go leor daoine di agus iad ag iarraidh a chur in iúl, an oiread agus ab fhéidir, an cineál duine a bhí inti—bean dhinimiciúil gan eagla, go háirithe agus í ag dul i ngleic le breoiteacht le roinnt blianta anuas; an comhghleacaí cairdiúil agus an ceannasaí dícheallach; an bhean chéile, an deirfiúr, an aintín, an iníon agus an cara dílis, grámhar.



Casadh Dáire orm den chéad uair agus mé ag feitheamh le hagallaimh in 2001. Is cuimhin liom an lá sin go raibh sí ina bean fhiosrach agus fhuinniúil. Bhí an fhiosracht sin mar chuid bhunúsach dá carachtar. De réir mar a tháinig struchtúr seandálaíochta chun cinn faoina treoir dhaingean ina dhiaidh sin, cuireadh fáilte romham féin agus roimh chomhghleacaithe mar chairde i saol Dháire agus a fir chéile Ed. Chothaigh Dáire comhghleacaíocht agus cairdiúlacht laistigh dár ndream óg—tasc deacair toisc go rabhamar go léir fostaithe ag na Comhairlí Contae seachas an NRA ag an am. Éacht mór ab ea comhtháthú a chruthú ar na cúinsí casta sin agus léiríonn sé a pearsantacht agus a cuid buanna ó thaobh na hidirghabhála agus na bainistíochta.

Bhí fios a gnó ag Dáire. Mar sin cé gur minic go mbíodh sí dian mar cheannasaí, deireann Ed liom gurbh amhlaidh a bhí sí mar bhean chéile. Ag a sochraid álainn, luaigh Ed a claonadh i dtreo 'ceannais impiriúil' agus í ag imirt *Risk*. Bhí sí daingean diongbháilte maidir lena fís don todhchaí—is cinnte go mbíodh sí sásta plé a dhéanamh ach ba annamh a géilleadh sí nó a imíodh sí óna slí bhunúsach. Is cuimhin liom na laethanta oibre comhghleacaí agus na hoícheanta sóisialta a caitheadh le Dáire, Ed agus le cairde agus comhghleacaithe mar gheall ar na hábhair intleachtúla agus pholaitiúla a pléadh, mar gheall ar an bplé faoi struchtúr an NRA agus faoin treo a raibh sé ag dul ann agus freisin mar gheall ar an léargas níos doimhne ar sheandálaíocht in Éirinn.

Bhíodh Dáire ar a dícheall ar na hócáidí sin, agus í i mbun plé faoi fhís, faoi straitéis agus luachanna, ach i ndeireadh na dála bhíodh fonn amhránaíochta uirthi—agus guth iontach a bhí uirthi. Sna hamhráin ar nós *Take me up to Monto* nochtadh a cuid fréamhacha, a nádúr 'Bleá Cliathach' a tógáil i gcroílár teaghlaigh ghrámhar a raibh a cuid luachanna polaitiúla féin acu—grá a thug sí ar ais dóibh, agus í féin agus a cuid siblíní ag baint taitnimh as an saol lena n-athair sna laethanta deireanacha dá shaol. Ní féidir liom dul isteach i bhforhalla an Sligo Great Southern gan Dáire a fheiceáil cois tine oíche fhada álainn i samhradh 2004, a huillinn ar an matal agus pionta ina lámh aici, a ceann caite siar agus a súile dúnta agus í ar a dícheall ag canadh. Oíche amhránaíochta, dáimhiúlachta a bhí inti agus bhí sceitimíní mar gheall ar fhionnachtain seandálaíochta le brath, toisc go raibh imfhálú cabhsaithe Neoiliteach ar an N4 á nochtadh.

Theastaigh ó Dháire bheith ina seandálaí ó bhí sí ocht mbliana d'aois. Cheannaigh a máthair lámhleabhar a moladh ar *Blue Peter*, agus dar léi féin, bhí sí 'gafa' tar éis é sin a léamh. Ní féidir deighilt a dhéanamh idir a pearsantacht agus an tslí bheatha a bhí aici ina dhiaidh sin. Bhain sí céim BA agus MA amach i UCD, áit ar casadh a fear céile agus a cara cléibh, Ed, uirthi. Fuair an stiúrthóir bus páirtaimseartha Duais Chuimhneacháin Ruaidhrí de Valera as a tráchtas MA. Chaith Dáire cúpla bliain iarchéime sna claiseanna; tar éis na mblianta sin de thochailt agus de shainobair chuaigh sí i mbun bainistíochta den chéad uair, agus sa deireadh ghlac sí post mar stiúrthóir cúnta i Dublinia. Lean sí ar aghaidh lena slí bheatha sa bhainistíocht nuair a ceapadh í mar Sheandálaí Cathrach le Bárdas Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1995. Ba ansin a tháinig a meanma throda chun cinn, agus í chun tosaigh maidir le hoidreacht sheandálaíochta a cathrach dúchasaí a chosaint agus a chur chun cinn. Thaitin an troid agus an streachailt go mór léi, agus chuaigh sí i ngleic le go leor dúshlán eile agus í i gceannas ar struchtúr an NRA ó 2001. Aimsir strusmhar a bhí inti freisin, áfach. Agus í ag tabhairt aghaidh ar an gcoimhlint dhosheachanta idir an fhorbairt agus an tseandálaíocht, chuir Dáire ceisteanna simplí luachmhara—cén fáth, agus cad í an chúis leis sin?

Trína cuid oibre bhí Dáire ag iarraidh go nglacfaí leis go bhfuilb luach ag baint le struchtúir chearta seandálaíochta agus le bainistíocht tionscadail, le foilsiú agus le dul i ngleic leis an bpobal agus go leor leor eile. Agus é sin á dhéanamh aici, chuir sí deireadh le go leor coimhlintí a bhí treoraithe ag tionchar agus fuair sí an ceann is fearr ar go leor céilí comhraic. Ní dhéanfar dearmad ar an iarracht a rinne sí, agus í chomh hóg, chun glacadh na ndaoine sin a bhaint amach. Anois gabhaim féin agus mo chuid comhghleacaithe a cuid luachanna oibre chugainn féin. Tá sé deacair glacadh leis go bhfuil sí imithe.

Aireoidh go leor daoine go mór uathu í—tá cuimhní deasa ag go leor acu ar an réalta reatha Dáire O' Rourke, mar a chuireann a dlúthchara Helen síos uirthi . Tá roinnt daoine ann freisin nach bhfuil cuimhní deasa acu, iad siúd nach raibh neart céille acu le hullmhú sula ndeachaigh siad i mbun díospóireachta léi! Ach fós féin níl aon amhras ach go gcaithfidh siad a tiomantas, a diongbháilteacht agus a cuid cumhachtaí áitimh a aithint.

Cé go mbíodh sí fíochmhar agus í i mbun díospóireachta, is iad na cuimhní buana atá agam faoi Dháire ná bean óg a bhíodh istigh inti féin i gceart agus í sa bhaile le Ed in Inse Cór, i mBéal Átha hAmhnais nó ag téarnamh i gCuan an Mhadra, i gcomhluadar a clainne agus a cairde timpeall tine campála ar Inis Gé, agus iad go léir ag baint suilt as a fáilte chroíúil, as a hacmhainn grinn fhonóideach agus as a gáire. Bhí an leanbh i nDáire fós beo bríomhar go dtí deireadh a saoil.

Agus cibé suíochán ríoga carraigeach a mbíodh sí ina suí air, dhéanadh Dáire cinnte i gcónaí go mbíodh na gloiní lán agus go mbíodh an ceol ar siúl agus í ag ullmhú i gcomhair amhráin.

Cosúil le go leor daoine eile, ba onóir dom a bheith ina gcomhluadar.

*Michael MacDonagh, Seandálaí Sinsearach UBN, Foireann an Iarthuaiscirt*

(Foilsíodh an scéala báis seo den chéad uair san irisleabhar *Archaeology Ireland*, Eagrán Uimh. 92, Samhradh 2010.)



Ceann de na cuaillí ó Eanach Abhalta, Co. Luimnigh; taispeánann líon na marcanna uirlise gur úsáid saor adhmaid oilte tua an-ghéar air. (Grianghrafanna John Sunderland)

# Máistrí a gceirde: adhmaid oibrithe ó Eanach Abhalta, Co. Thiobrad Árann

*Déanann Kate Taylor, Stiúrthóir Tochailte le TVAS (Ireland) Ltd, tuairisc ar roinnt déantán adhmaid ar thángthas orthu le linn tochailtí ar an scéim mhótarbhealaigh M7 An tAonach–Luimneach.*

I 2007 nochtadh tóchar substaintiúil le linn monatóireacht a dhéanamh ar oibríochtaí tógála i bPortach Eanach Abhalta, ar an teorainn idir Tiobraid Árann agus Luimneach. Rinneadh tuairisc go hachomair ar thorthaí na tochailte in Eagrán 3 de *Seanda* (lgh.54–5) Úsáideadh deindreacroineolaíocht (anailís fáinní crainn) chun dáta de thimpeall 40 RCh, lár na hIarannaoise, a chur leis an tóchar de 7–8 m ar leithid, a chónaisc dhá inis thirim sa phortach agus ar dócha go raibh sé mar chuid de ghréasán bóithre níos leithne a thrasnaigh bogach a bheadh dothrasnaithe gan é.

Is iomaí píosa adhmaid a úsáideadh i dtógáil an tóchair, lena n-áiríodh cláir adhmaid, sleamhnáin iomáin chruinne, cuaillí agus stácaí, agus léiríonn na marcanna uirlise marthanacha ar chuid acu seo úsáid uirlisí iarainn ghéar, dea-chothaithe ag oibrithe ardoilte. I gcuid de shraitheanna an struchtúir, freisin, bhí 15 déantán adhmaid a úsáideadh roimhe sin in áit eile sular feistíodh isteach iad mar chuid den tóchar. Caitríona Moore, seandálaí bogaidh, a rinne na rudaí seo a scrúdú agus a aithint.

Is earraí teaghlaigh iad cuid de na rudaí, lena n-áirítear páirteanna de thrí shoitheach ar a laghad atá déanta as adhmad fearnóige. Ba chuid de thrach bunúsach ar dócha gur losaid é ceann acu seo, a úsáideadh chun taos a fhuineadh. Fuarthas freisin roinnt píosaí de thobán sorcóireach, lena n-áirítear páirteanna de dhá chluais. Is minic a thagtar ar shoitheach den chineál seo ina mbíonn im phortaigh, ach bhí smidiríní déanta den sampla a fuarthas in Eanach Abhalta faoin am ar cuireadh sa phortach é. Fuarthas freisin píosa caol de thobán eile, 76mm ar airde, ar a raibh dromchla a bhí críochnaithe go



An trach nó losaid ar dócha gur úsáideadh é chun taos a fhuineadh.

hálainn ar ar léir a lán marcanna uirlise beaga ubhchruthacha, ar dócha a rinneadh le scian ghéar. Chomh maith le feidhm a bheith leis ba rud tarraingteach é seo i dteach duine éigin sa chéad aois RCh.

Fuarthas dhá ábhar talmhaíochta freisin ón láthair. Blogh de chuing ainmhí, briste ar an dá thaobh, ar a bhfuil coiléar amháin iomlán agus coiléar amháin neamhiomlán. Tugann garspásáil na gcoiléar agus laghad an sampla atá slán le tuiscint gur cuid de cheannchuing é seo a shuíodh taobh thiar d'adharca an ainmhí. Bheadh ar na ba a gcloigne a ísliú agus a bhrú chun tosaigh ar an gcuing. Tá an chuing déanta as adhmad fuinseoga, ar adhmad é atá láidir, solúbtha agus frith-turrainge, rud a chiallaíonn gur adhmad sármhaith é le haghaidh uirlise den chineál seo.

Fuarthas freisin earra briste ar dócha gur páirt de charr é. Is píosa d'fhearnóg an t-earra seo ar a bhfuil pionnaí nó duail atá suite isteach i bpolaí beaga agus ar a bhfuil sliotán caol dronuilleogach. Dhéanfaí cláir adhmaid a fheistiú isteach sa sliotán agus dhéanfaí iad a dhaingniú le pionnaí beaga chun bonn nó taobh cairr a dhéanamh. D'fhéadfaí gur cuid den fheithicil chéanna é pionna beag snoite eile ar a bhfuil poll ina cheann a fuarthas in aice láimhe. Fuarthas blogh dá samhail ó thóchar iomráiteach na hIarannaoise sa Chorr Liath, An Longfort, agus i dteannta a chéile tugann na píosaí seo fianaise dúinn ar an gcineál feithicle a d'fhéadfadh bheith in úsáid ar bhóithre den mhéid seo a tógadh trasna na bportach.

Is ceist í atá le plé cibé acu ar cuireadh na déantáin, atá go léir ina mbloghanna, sa tóchar toisc nach raibh siad úsáideach níos mó nó toisc go raibh tábhacht ar leith ag baint leo. Ar aon chor, tá léargas tugtha dúinn ag na rudaí leasaithe seo ar shaol áitritheoirí an réigiúin le linn na hIarannaoise, sa bhaile agus ar an mbóthar.



Cuid de chluas tobáin sorcóirigh, ar dócha gur úsáideadh é le haghaidh bia nó deoch a choimeád.



Blogh chabhail an tobáin ar a dtaispeántar an áit ina gcuirfí an bonn.



Blogh na cuinge. Is féidir coiléar iomlán a fheiceáil sa lár agus tá páirtchoiléar ar chlé. Bheadh an chuing seo in úsáid le hainmhithe tarraingthe.




Páirt de charr. Bheadh cláir adhmaid feistithe isteach sa sliotán chun bonn nó taobh feithicle a dhéanamh.

# Maidir le gráinní agus uaigheanna: tochailtí ag Baile an Totaigh 2


*Tuairiscíonn Lee Scotland, Stiúrthóir Tochailte le Aegis Archaeology Ltd ar réamhdhátú agus ar léirléamh ar dhá imfhálú meánaoiseacha arna dtochailt i gContae Thiobraid Árann ar an scéim mhótarbhealaigh M7, an tAonach–Luimneach.*

Ceann de roinnt fríotha seandálaíochta spreagúla ar thángthas orthu ar an mótarbhealach M7, an tAonach–Luimneach is ea imfhálú ilchéime nua-aitheanta i mbaile fearann Bhaile an Totaigh, c. 4.5 km soir ó dheas ón Aonach (féach *Seanda*, Eagrán 2 [2007], lgh. 44–6). Thochail Aegis Archaeology Ltd dhá láthair i mBaile an Totaigh. Fulacht fia agus iarsmaí de chonair adhmaid nó d'ardán adhmaid a bhí sa chéad cheann (Baile an Totaigh 1) . Sa dara cheann, Baile an Totaigh 2 , a thochail Frank Coyne agus Frank Ryan, bhí dhá imfhálú ag teacht trasna ar a chéile ina raibh roinnt gnéithe gaolmhara, lena n-áiríodh ceithre áith ghránach leacthaobhacha, for-imfhálú a cuireadh le ceann de na himfháluithe agus an dóchúlacht go raibh an tríú imfhálú ann: cuid mhór de a bhí laistigh de chonair an bhóthair.

Bhí an dá imfhálú, a raibh cruth fodhronuilleogach orthu, léirtheorannaithe le díoga. Thart ar 35m ar 32m a bhí an ceann is lú; bhí an t-imfhálú eile i bhfad níos mó, tart ar 57m ar 59m.




Radharc ó aer den dá imfhálú ag Baile an Totaigh 2, Tiobraid Árann, ina bhfuil Caisleán Bhaile an Totaigh le feiceáil ar chlé ar fad.
(Grianghraf: Markus Casey)





Plean de Bhaile an Totaigh 2 a thaispeánann na príomhghnéithe meánaoiseacha (tá díog an imfhálaithe níos luaithe scáthaithe) (Líníocht: Aegis Archaeology Ltd)


Le linn na tochailte d'éirigh sé chun bheith soiléir go raibh dátaí leis an dá imfhálú seo a bhain le thréimhsí éagsúla mar go raibh an ceann is lú laghdaithe ag an gceann is mó thar chuid mhór de pháirt thoir na críche thuaidh. Taobh amuigh de mhioniarsmaí tógála agus de ghné mhór ar chosúil le clais é, ar dócha gur teach slogtha a bhí ann, arbh iad na gnéithe cónaithe amháin a bhí ann, is beag fianaise a bhí ann go ndearna daoine cónaí ann. Thug tochailt cheithre áith ghránach agus roinnt bloghanna chloiche bró léargas ar láthair thuaithe mheánaoiseach arbhé triomú agus próiseáil gránach a príomh-fheidhm.

Ba léir ó nádúr na ngnéithe agus na rudaí ar thángthas orthu gur bhain an láthair leis an meánaois ó thaobh dáta de, cé gur thug fríth chinn tua cloiche snasta Neoiliteach fianaise ar ghníomhaíocht réamhstairiúil ar an láthair seo. Ar chur i gcrích na tochailte, níorbh fhéidir aon dáta cinnte a mholadh, cé go raibh nádúr an suímh deimhnithe. Le linn na céad anailíse iarthochailte, gan dátaí radacharbóin ag gabháil leo, moladh gur dócha gur bhain an dá imfhálú leis an meánaois ó thaobh dáta de, cé nárbh ionann iad ó thaobh dáta de, cé gur thug seandálaí cúnta an NRA Paul O'Keeffe le fios gur dócha gur bhain sé leis an meánaois luath (*Seanda*, Eagrán 2 [2007], lch. 46).

Cinneadh ar réamhdhátú na láithreach mar gheall ar í a bheith suite gar d'iarsmaí tí aird ón tréimhse 13ú -14ú aois, thart ar 200m ó thuaidh soir ó thuaidh uaidh, a tochlaíodh roimh thógáil Sheachród N7 an Aonaigh, agus mar gheall ar iarsmaí Chaisleán Bhaile an Totaigh atá ar marthain, suite thart ar 300m soir. Ó threoshuíomh bhealaí isteach ar an dá imfhálú agus ón ngaolmhaireacht idir na himfháluithe, glacadh leis gur bhain an t-imfhálú is lú agus is luaithe leis an teach halla, rud atá i gcomhréir le gnáthchlaonadh lonnaíochta tuaithe Angla-Normannaigh. Ba le le foirgneamh láir dhaingnithe, ar nós móta agus bábhúin, tí halla, nó fiú suímh mhótaigh, a raibh clachan d'áitribh feirme thart air, a rinneadh na cineálacha lonnaíochta seo. Rinneadh an suíomh a mhéadú níos moille anonn trí imfhálú níos mó a thógáil—a d'fhéadfadh a rinneadh de thoradh ar an maoin a tháinig isteach mar gheall ar thriomú gránach—agus a raibh baint aige le Caisleán Bhaile an Totaigh.




Pleananna cheithre áith (Líníocht: Aegis Archaeology Ltd)



Ceithre cinn de bhloghanna chloiche bró a fuarthas le linn tochailte (Líníocht: Andrzej Wojtowicz, Aegis Archaeology Ltd)


Mar sin de, ar chur i críoch na dtochailtí, bhí an chuma ar an scéal gur léir é an réamh-léirléamh ar lonnaíocht an tsuímh, cé go raibh sé rud beag níos deacra teacht ar fhianaise ar leith. Cuireadh roinnt conablach ainmhithe sa láthair in éineacht le dhá uaigh—ceann amháin a raibh díog an fhorfhoirgnimh laghdaithe aige agus ina raibh dhá phearsa aonair ( duine fásta agus páiste), agus adhlacadh aonair a bhí sa cheann eile a bhí suite in aice le bealach isteach an imfhálaithe is luaithe. Creideadh go bhféadfar gur tharla adhlacadh na gconablach ainmhithe agus na dtrí chur le linn tréimhse ghalair, tráth nárbh fhéidir ainmhithe marbha a dhiúscairt agus daoine aonair a chur i dtalamh coisricthe mar gheall ar an ngá a bhí ann chun iad a bhaint ar shiúil go gasta chun scaipeadh galair a chosc. De ghnáth, chloígh na cuir le traidisiún na Críostaíochta, ach ní i gcónaí a cloíodh leis. Siar ó dheas lámh soir ó thuaidh a bhí an t-adhlacadh dúbailte, na cinn ina luí siar ó dheas, agus ina luí ar a ngualainn deas agus ar a gcromán deas soir lámh siar a cuireadh an duine aonair agus a cheann nó a ceann ina luí soir. Ní gnáthchleachtas Críostaíochta é an treoshuíomh soir siar seo, ach amháin le haghaidh cléireach, a mbeifí ag dúil leis go gcuirfí i reilig iad.

Mar gheall ar thuileadh anailíse iarthochailte agus ar thuileadh dátaithe, rinneadh léirléamh na láithreach a fheabhsú. Cé go bhfuarthas líon mór gráinní gránach ó roinnt gnéithe agus go ndearnadh iad a aithint, rud a thacaíonn leis an dtuairim gurbh é próiseáil gránach príomh-fheidhm na láithreach, tá sé léirithe ag na dátaí a fuarthas go raibh bunú na láithreach tosaithe chomh luath leis an seachtú aois AD, rud a thugann le tuiscint go bhféadfar go raibh treibh Ghaelach áitiúil, ar nós an Eile ina cónaí ann. Ar cheann de na simléir ar Áith 1, a bhí an dáta radacharbóin ba luaithe (620–690 AD), ar simléar é, mar gheall ar an áit a bhfuil sé ar an láthair, a bhféadfadh dáta a chur ar an imfhálú is luaithe. Treisíodh leis an dáta meánaoiseach níos luaithe seo mar gheall ar

dhá dháta a fuarthas ó Áith 3 a chlúdaigh tréimhse ó 710 go 990 AD. Bhí an t-imfhálú níos luaithe laghdaithe ag an áith seo, rud a léiríonn ní amháin go ndearnadh díog an imfhálaithe níos luaithe a aislíonadh ach a thugann le tuiscint go raibh daoine ina gcónaí san imfhálú is moille le linn na tréimhse seo.

Léirigh dátaí a ghabhann leis dá áith eile (1030–1220 AD agus 1160–1280 AD maidir le háith 2: 1270–1390 maidir le hÁith 4), a bhí taobh istigh de ghnéithe an imfhálaithe, léirigh siad go raibh an láthair in úsáid ní amháin ó thréimhsí luath na meánaoise ach go dtí mall sna meánaoiseanna ach go raibh siad in úsáid freisin le linn lonnaíochta sa teach halla in aice láimhe. Léiríonn dátaí ó ghnéithe eile freisin, lena n-áitítear an dóchúlacht go raibh an tríú imfhálú ann, go raibh daoine ina gcónaí ann ar feadh i bhfad anuas go dtí tús an 15ú aois. Le cúnamh na n-anailísí nua a rinneadh féadaimis a fheiceáil anois gur beag athrú a tháinig ar an láthair thar thréimhse 800 bliana, tráth ar tharla athruithe móra i saol polaitíochta na linne—ó bhris ionradh na nAngla-Normannach Dúiche Éile, ar de thoradh air a bronnadh talamh, lena n-airíodh Baile an Totaigh, ar Theobald FitzWalter (bunaitheoir Chlann de Buitléir) a thóg Caisleán an Aonaigh idir 1200 agus 1220,sa bhliain 1185, anuas go dtí teacht i réim chlann Uí Chinnéide níos moille sa 14ú aois.

Féadfar gur tharla teacht i réim chlann Uí Chinnéide ag an am chéile is ar díríodh níos mó ar Chaisleán Bhaile an Totaigh agus is ar tháinig meath ar imfháluithe Bhaile an Totaigh. Cé go dtugtar Ballintotty ar an mbaile mór i *Patent Rolls Shéamais 1 1618* agus go bhfuil muileann, úllghort agus ocht gcábán liostaithe ag Baile an Totaigh sa Civil Survey a bhí in iarsheilbh dhuine de mhuintir Uí Chinnéide (1654–6AD), is cosúil gur tagairtí iad seo do lonnaíocht thréigthe atá suite go díreach taobh ó thuaidh de Bhaile an Totaigh. Féadfar go mbaineann na hadhlactha leis an tréimhse seo agus gur úsáideadh an suíomh tréigthe mar reilig a bhí ar fáil nuair ba ghá. Cé go bhfuil na dátaí fós ar feitheamh, léirigh anailís na dtaisí a rinne an t-oiste-eolaí Linda Lynch gurb ógánach mná 12–15 bliana d'aois, a raibh an eitinn uirthi tráth a báis, a bhí sa chur aonair. Aithníodh mar bhean 35–39 bliana d'aois an duine fásta san adhlacadh dúbailte, agus mar pháiste 5–6 bliana d'aois, agus tugann nádúr pearsanta an adhlactha le tuiscint go bhféadfar gur máthair agus páiste a bhí ann.



Trí scian meánaoiseacha agus an ceann tua cloiche snasta Neoiliteach a fuarthas le linn tochailte (Líníocht: Andrzej Wojtowicz, Aegis Archaeology Ltd)

Tá anailís agus dátú breise á ndéanamh faoi láthair chun cur lenár dtuiscint ar an láthair. Foilseofar na torthaí, mar aon le léirléamh iomlán na láithreach, mar chuid de shraith monagraf na scéime NRA.


An cur aonair le linn tochailte. (Grianghraf: Aegis Archaeology Ltd)


An t-adhlacadh dúbailte le linn tochailte. Cuireadh an páiste le taobh an duine fásta, lena ceann ina luí ar ghéag an duine fásta. (Grianghraf: Aegis Archaeology Ltd)

# Iarsmaí barr ó Bhaile na Móna 2




An teach ag Baile na Móna 2, Contae Chorcaí, le linn tochailte. Grianghraf: John Sunderland)

*Tugann Penny Johnston ó Eachtra Archaeological Projects léargas ar an bhfianaise i leith stóráil agus phróiseáil barr ag teach ón gCré-Umhaois ar bhealach na scéime bóthair N8, Baile Mhistéil—Mainistir Fhear Maí i gContae Chorcaí.*

Is féidir le hanailís aircéaluibheolaíochta(staidéar ar ábhar lusanna ó láithreacha seandálaíochta) eolas a thabhairt ar na cineálacha barr a fásadh agus a úsáideadh san am atá thart. Léiríonn na hiarsmaí plandaí ó chruinnteach arna thochailt ag an seandálaí Linda Hegarty ag Baile na Móna 2, Contae Chorcaí, sampla sármhaith de láthair inar caomhnaíodh slán faisnéis líonmhara den sórt seo agus léiríonn siad an méid is féidir leo a nochtadh. Dódh stórtha líonmhara gráin a bhain leis an teach ag Baile na Móna 2 agus fágadh iad gan cur isteach orthu ó bhí lár na Cré-Umhaoise ann (c. 1600–1100 RCh).

Bíonn síolta gualaithe beag (is lú ná 1mm i méid cuid mhór acu) agus de ghnáth bíonn siad scaipthe go forleathan laistigh de shil-leagain seandálaíochta, rud a chiallaíonn gur deacair iad a fheiceáil leis an tsúil. Bhí an oiread sin grán sna sil-leagain ag Baile na Móna 2, áfach, go rabhthas ábalta na síolta a fheiceáil go soiléir de réir mar a bhí an láthair á thochailt. Glacadh líon mór samplaí le linn tochailte d'fhonn na barra a bhí ann a aithint. Nuair a rinneadh na samplaí a phróiseáil agus nuair a rinneadh scrúdú formhéadaithe orthu, fuarthas amach gur eorna nocht formhór na ngránach, agus go raibh méid beag cruithneachta emmer ann freisin. Bhíothas in ann an chuid den teach ónar tógadh na samplaí ina raibh eorna nocht a bhreacadh agus an áit a bhfuarthas na samplaí ina raibh líon mór gráinní




Plean den chruinnteach ag Baile na Móna 2, lena n-áirítear dáileadh iarsmaí gránach. (Léaráid: Eachtra Archaeological Projects)



Radharc ardaithe ar theach Bhaile na Móna 2 le linn tochailte agus samplála. (Grianghraf: John Sunderland)

emmer a thaispeáint. Léirigh sé seo gur dócha gur sa chuid thoir-theas den teach a stóráladh an emmer agus gur sa chuid láir agus sa chuid theas den teach a stóráladh an eorna nocht.

Is cruithneacht chrotail í emmer, rud a chiallaíonn go bhfásann a ngráinní le 'crotail' nó cáithní cosanta thart orthu. Bhí a lán faisnéise ag Baile na Móna 2 a léirigh go raibh na crotail seo fós greamaithe le bun na ngráinní. Is dócha gur stóráladh na gráinní laistigh de na crotail, sa dias. Deirtear go gcuireann sé seo le saolré ghráin stóráilte toisc go gcuidíonn sé chun é a chosaint ar ionsaí fungais agus feithidí. Ciallaíonn crotail a bheith ar ghráinní emmer, áfach, nach mór don bharr dul trí shraitheanna casta de chéimeanna phróiseáil barr sular féidir é a úsáid mar bhia, ó tharla gur gá na crotail agus na gais a bhaint de sular féidir an ghráin a ithe. I gcodarsnacht leis sin, níl crotail ar eorna nocht. Cé go gciallaíonn sé seo gur beag cosaint atá ag na gráinní agus iad á stóráil, tá de bhuntáiste aige gur fusa iad a ullmhú le hithe ós rud é gur lú an obair agus an t-am is gá chun iad a ullmhú.

Fuarthas cloiche bró agus cloiche cuimilte in éineacht leis na sil-leagain gráinní líonmhara seo. Is léir gur stóráladh barra gráin d'emmer agus d'eorna nocht ag an teach seo ag Baile na Móna 2 agus gur ghníomhaíochtaí tábhachtacha iad próiseáil barra agus ullmhú bia a rinneadh sa teach seo.



Cloiche bró agus cloiche cuimilte a thángthas orthu le linn tochailte. (Grianghraf: John Sunderland)



Cloch chuimilte a thángthas uirthi ag Baile na Móna 2. (Grianghraf: John Sunderland)



Cloch bhró ar thángthas uirthi ag Baile na Móna 2. (Grianghraf: John Sunderland)

# Luath-Fhiagaithe Cnuasaitheoirí Gar Don tSionna

*Tugann TJ O' Connell, Feitheoir Sinsearach le Headland Archaeology Ltd, tuairisc ar fhionnadh agus ar dhátú ceann tua ón Ré Luath-Mheisiliteach i gContae Luimnigh, ar scéim bhóthair an M7 idir Aonach Urmhumhan agus Luimneach*

Tá ceann tua cloiche fánach ó pháirc fhliuch le droch-dhraenáil i Richill, atá thart ar 2.5 km soir ó thuaidh ó shráidbhaile Áth an Choite ar imeall oirthearach chathair Luimnigh, tar éis cur lenár gcuid eolais ar ghníomhaíocht dhaonna i réigiún na Sionna. Tá sé cruthaithe go mbaineann an déantán, a fuarthas i nDeireadh Fómhair 2006, nuair a bhí monatóireacht sheandálaíochta ar siúl maidir le baint na barrithreach roimh na hoibreacha tochailte ar mhótarbhealach an M7 ó Aonach Urmhumhan go Luimneach, leis an Ré Luath-Mheisiliteach (8000–5500 RCh). D'úsáidfeadh roinnt de na chéad áitritheoirí sa réigiún, idir 7,500 agus 9,000 bliain ó shin, an ceann tua.

Fuarthas an déantán c. 2.5 km soir ó dheas ó Abhainn na Sionna agus ba é sin láthair thrí cinn d'fhulachta fiadh/dumhaí dóite agus adhlacadh aonair de dhuine daonna créamtha, a ndearnadh tochailt orthu i ndiaidh aimsiú an chinn tua. Fuarthas é i lár an láithreáin tamall ó na príomh-ghnéithe seandálaíochta. Rinneadh dátú carbóin ar na dumhaí dóite agus baineann said leis an Ré Neoiliteach Dhéanach (2900–2500 RCh), leis an Ré Neoiliteach Dheireanach/Luath-Ré Chréumha (2500-2200 RCh) agus leis an Ré Mheán-Chréumha (1600–1100 RCh) faoi seach agus baineann an t-adhlacadh créamtha leis an Ré Mheán-Chréumha.

Rinne Emmet O' Keeffe ó Thionscadal Tua Cloiche na hÉireann agus Dr. Farina Sternke, saineolaí ar theicneolaíocht liteach, scrúdú ar an tua cloiche. Is é atá ann ná píosa scealla athraithe a bhí 108 mm ar fhaid, 41 mm ar leithead agus tiús 22 mm ann. Tá faobhar gearrtha atá idir cearnógach agus cruinn agus taobhanna atá dírithe beagáinín ann agus níl an bun críochnaithe. Bhí comharthaí ann go ndearna teas damáiste ar an gciumhais agus ar thaobh amháin, a bhfuil comharthaí ann go bhfuil sé caite ó bheith á húsáid agus go bhfuil sé snasta. Tugadh faoi deara go raibh gruanna díreacha ar dhá thaobh an tua, chomh maith.

Is féidir cinn tua snasta a dhátú ón Ré Mheisiliteach go dtí an Ré Chréumha. Ach, éagsúil le dumhaí dóite nó le hadhlacadh créamtha, níorbh fhéidir dátú carbóin a úsáid chun an ceann tua a dhátú. Mar sin, chaithfí roinnt tréithe a bhain leis an déantán féin a úsáid, ina measc na gruanna réidhe ar dhá thaobh an earra a fhaightear, go





Aghaidh 1 an chinn tua scealla ón ré Luath-Mheisiliteach ó Richill, Contae Luimnigh. (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)




Aghaidh 2 cheann tua Richill.
(Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)

coitianta, ar chinn tua ón ré Luath-Mheisiliteach agus an sceall a húsáideadh le haghaidh a dhéanta, chun é a dhátú. Sceall is ea ábhar cloiche a húsáideadh, go coitianta, i ndéantús ceann tua sa ré Mheisiliteach ach tá an chuma ar an scéal nár úsáideadh mórán é le haghaidh déantús tua sa ré Neoiliteach a tháinig níos déanaí.

De ghnáth, baineann láithreáin lonnaíochta sa ré Luath-Mheisiliteach le suíomhanna ar an gcósta, in aice abhann agus in aice locha. Thug na suíomhanna seo deis do na luath-phobail úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha éagsúla. Chuir aibhneacha ródbhealaí áisiúla ar fáil chun áiteanna éagsúla a shroichint i mbáid. Is é is dóichí ná go bhful tábhacht ag baint leis an tSionna a bheith gar don fhionnadh a fuarthas ag Richill, áit a bhfuarthas cinn tua Mheisiliteacha eile. Cé nach féidir nasc díreach a dhéanamh, tá seans ann go bhfuil baint idir ceann tua Richill agus gníomhaíocht a haimsíodh in 2001 ar bhruacha na Sionna ag Hermitage, gar do Chaisleán Uí Chonaill, thart ar 2.5 km lastuaidh de Richill. Fuarthas roinnt adhlacadh créamtha agus cinn tua cloiche ón Ré Luath-Mheisiliteach anseo. Déantar comparáid dhíreach idir an ceann tua a fuarthas ag Richill agus na cinn tua a fuarthas ag Hermitage, chomh maith leis na cinn tua a fuarthas ó láithreacha Meisiliteacha eile in Éirinn.




Líníocht de cheann tua Richill, a léiríonn Aghaidh 1.
(Líníocht: Sara Nyland, Headland Archaeology Ltd)

# Luaithreach Créamtha agus ceisteanna: Adhlacadh Créumhaoise ag Derrybane 2



Tochailt ar an reilig chréamtha oirthearach ag Derrybane 2, Contae Thiobraid Árann, ón iarthar. (Grianghraf: John Sunderland)

*Déanann Linda Lynch, Penny Johnston agus Jacinta Kiely ó Eachtra Archeological Projects cur síos ar dheasghnátha adhlactha casta a fuarthas ag dhá reiligí créamtha ar an N7 ó Castletown go hAonach Urmhumhan: scéim bhóthair Derrinsallagh go Ballintotty i gContae Thiobraid Árann.*

Do chuid mhaith den Chréumhaois (c. 2400–800 RCh), ba é an créamadh an phríomh-dheasghnáth adhlactha a chleacht ár sinsir. Bhí éagsúlacht sa bhealach in ar cuireadh corpáin i rith na tréimhse agus dhealródh sé, nuair a cuireadh roinnt de na cnámha créamtha in uaigh chiste nó in uaigh phoill, nach raibh ann ach gné amháin de roinnt modhanna casta adhlactha. Tharlódh gur úsáideadh an chuid ba mhó den chorpán créamtha i ndeasghnátha adhlactha eile nach raibh baint ar bith acu le hionad adhlactha 'deiridh'. Léiríonn anailís ar chorpáin chréamtha ó dhá reilig chréamtha sa Chréumhaois, a ndearnadh tochailt orthu le déanaí ag Derrybane i dTiobraid Árann Thuaidh, go raibh cleachtais adhlactha éagsúla ann a chuireann próisis dheasghnátha chasta in iúl.

In 2007–8 cuireadh tochailtí ar siúl sar ar tógadh scéim bhóthair an N7 ó Castletown go hAonach Urmhumhan agus fionnadh roinnt láithreán lonnaíochta ón gCréumhaois. Léirigh iniúchadh ag Derrybane 2 lonnaíocht le dhá reilig chréamtha a bhí 300m óna chéile lastoir agus laistiar den phríomh-cheantar cónaithe. Fuarthas corpáin chréamtha ó 21 gné ag Derrybane 2. Bhí corpáin 18 nduine i gceist: 12 aosach agus seisear ógánach (d'fheadfaí trí shampla bhreise a aithint mar dhaoine daonna). Fuarthas na corpáin chréamtha ó cheithre cheantar den láithreán:

1. Ó cheithre pholl sa reilig iartharach.
2. Ó logán in aice lár an láithreáin agus gar do theach cruinn ón gCréumhaois.
3. Measctha le cnámha créamtha ainmhithe i dtinteán sa cheantar céanna.
4. Ó 17 bpoll sa reilig oirthearach. I gceann de na poill bhí imeall síothail iompaithe bunoscionn (an t-aon earra den chineál seo a fuarthas sa láithreán).

De ghnáth, bhíodh an luaithreach créamtha bán, a chuir créamadh iomlán in iúl.

I gcoitinne, ar éigean a bhí sé indéanta an sampla a aithint mar dhuine fásta (17+ mbliana) nó mar ógánach (< 17 mbliana). B'fhéidir gurbh




Ceann de na poill chréamtha ag Derrybane 2. (Grianghraf: Eachtra Archaeological Projects)

aosaigh bhaineanna dhá cheann de na luaithrigh chréamtha, an t-adhlacadh sa síothal san áireamh, ach níorbh fhéidir gnéas aon cheann eile de na luaithrigh chréamtha a aithint. Ní raibh aon loic phaiteolaíocha(damáiste fiocháin de dheasca galair) sna hiarsmaí. Bhí an easpa sonraí seo ann toisc nach raibh dóthain cnámh ann agus chuir sé seo as don mheasúnú ar struchtúr na gcnámh.

Tá an t-eolas is soiléire ar fáil faoin mbealach ina gcaitear leis na luaithrigh chréamtha. Bhí meáchan 56.5% de na 23 sampla níos lú ná 100g. Bhí meáchan 782 g sa sampla ba mhó ( ón síothal). Dáiríre, ní raibh ach meáchan 3,396 g (aosaigh agus ógánaigh) ar fad sna luaithrigh chréamtha sa láithreán. Cuireann staidéir nua-aimseartha in iúl go bhfuil idir 1,600 g agus 3,500 g i luaithreach créamtha aosaigh. Cuireann na meáchain bheaga ó Derrybane 2 in iúl nár cuireadh ach cuid de chréamadh sa láithreán nó nach ndearnadh créamadh ach ar pháirteanna áirithe den chorp. Bhí an fhianaise ó dhá pholl ar an taobh thoir den láithreán, an t-adhlacadh sa síothal san áireamh, suimiúil maidir leis an bpointe seo. Cnámha fada ar fad ba ea na luaithrigh chréamtha i gceann de na poill.B'fhéidir gur thoradh ámharach, ag éirí as an bpróiseas bailithe anallód é seo, nó tharlódh gur tharla sé d'aonghnó.

Léirigh measúnú ar na luaithrigh chréamtha sa síothal mórán eolais, toisc gurbh é sin an sampla ba mhó de chnámh a fuarthas. Bhain na luaithrigh chréamtha le haosach singil, baineann, b'fhéidir. Ní raibh an creatlach iomlán anseo arís. Léiríonn measúnú ar mhinicíocht cnámh áirithe agus ar na suíomhanna ina raibh said laistigh den síothal (ag cur san áireamh an bogadh a tharla sa chré tar éis dóibh a bheith curtha ann), dhá rud. Ar an gcéad dul síos, tá an chuma ar an scéal gur roghnaíodh iarsmaí cráiníocha (blaosc) d'aonghnó le haghaidh créamtha/le fágáil ann. Ar an dara dul síos, ba iad na hiarsmaí cráiníocha na nithe deireanacha a cuireadh sa síothal sar ar iompaíodh bunoscionn é.

Cé's moite den dá pholl, a bhfuil cur síos déanta orthu thuas, ní raibh aon mhór-fhianaise sna luaithrigh chréamtha eile gur roghnaíodh páirteanna áirithe den chorpán. Tugann sé seo le tuiscint gur créamadh an corpán iomlán ach nár cuireadh ach cuid de sa láithreán. Ní féidir a rá cad a tharla leis an gcuid eile de na luaithrigh chréamtha nó cé acu ar fágadh créamadh iomlán i roinnt poll nó nár fágadh.

Tá fianaise ann go raibh briseadh glan ar chnámha in dhá cheann de na poill sa reilig iartharach. Glactar leis go coitianta go dtarlaíonn briseadh glan nuair a dhéantar créamadh ar chnámh thirim gan feoil agus go dtarlaíonn briseadh comhlárnach in iarsmaí fada cnámh nuair a dhéantar créamadh ar chnámha feola (de ghnáth, corpáin iomlána). Tá nasc idir an briseadh comhlárnach, le caolú agus le crapadh na matán de dheasca na teasa ón tine chréamtha, agus lúbadh agus briseadh na cnáimhe ina dhiaidh. Toisc go n-aithnítear briseadh glan (cnámha tirime gan feoil), cuireann sé in iúl go mb'fhéidir go raibh roghnú áirithe sna corpáin a ndearnadh créamadh orthu.

Is féidir gur coinníodh roinnt iarsmaí créamtha ar feadh tamaill sar ar cuireadh sa reilig nó sa pholl iad; bhí cuma chaite ar na luaithrigh chréamtha in dhá pholl. Dealraíonn sé nár tharla briseadh i ndiaidh iad a bheith curtha sa pholl ach gur coinníodh na cnámha i ndiaidh an chréamtha sar ar cuireadh sa pholl iad. Léiríonn measúnú ar mhéad na




Tochailt ar reilig chréamtha oirthearach ag Derrybane 2, ón tuaisceart. (Grianghraf: Eachtra Archaeological Projects)

mbloghanna cnámh nár buaileadh agus nár brúdh na cnámha i ndiaidh an chréamtha.

Léiríonn anailís ón luaithreach créamtha daonna ó Derrybane 2 go raibh próiseas deasghnátha casta i gceist. Taispeánann fianaise atá ag teacht chun cinn ó chréamadh réamhstairiúil go raibh cleachtais éagsúla i gceist agus is amhlaidh atá an fhianaise ó Derrybane 2. Ardaíonn na luaithrigh chréamtha níos mó ceisteanna ná mar a fhreagraíonn said agus cuireann an anailís béim ar na ceisteanna casta a bhaineann leo. Tá difríochtaí atá soiléir agus tábhachtach sa tslí in ar caitheadh le luaithreach créamtha daoine áirithe. Is féidir féachaint ar chréamadh mar mhodh, a raibh onóir ag baint leis, chun corp a dhiúscairt nó b'fhéidir go raibh a mhalairt i gceist. Rinneadh cnámha feola agus cnámha tirime a chréamadh. B'fhéidir go raibh cúis shimplí leis seo sa chás go raibh an aimsir ró-fhliuch nó nach raibh breosla ar fáil. Cén fáth, chomh maith, nach raibh ach codanna de luaithreach créamtha curtha anseo? Cad a tharla don chuid eile den luaithreach créamtha? Cén tábhacht a bhaineann leis na poill eile sa láithreán nach bhfuil luaithreach créamtha iontu? B'fhéidir go raibh sé i gceist iad a bheith ar nós leachtanna cuimhneacháin. Tá fianaise ann gur coinníodh cuid de na luaithrigh chréamtha, ar a laghad, ar feadh tamaill sar a ndearnadh diúscairt orthu.

Bhí an-éagsúlacht sna modhanna diúscartha soiléir. Déan comparáid, mar shampla, idir an 't-adhlacadh comharthach', de réir dealraimh, de luaithrigh chréamtha 64 g aosach i logán gar do lár an láithreáin le 782 g de luaithrigh chréamtha aosach ón síothal. Fuarthas formhór na samplaí de luaithrigh chréamtha ó phoill a bhí tochailte sa chré. Cé acu díobh a fuair adhlacadh a raibh 'stádas ard' ag baint leis má bhí ceann ar bith díobh? Ní bheadh sé ciallmhar glacadh leis go raibh stádas sóisialta níos airde ag an duine aonair a hadhlacadh sa síothal. B'fhéidir go raibh coir áirithe déanta aige sa phobal agus go raibh an síothal iompaithe bunoscionn mar mhodh chun a luaithreach créamtha a chur i ngaiste agus i bpríosún. B'fhéidir gur bhain an beagán den luaithreach créamtha sa logán le duine a raibh stádas ard ag baint leis. Cén tábhacht a bhaineann leis na bloghanna beaga de luaithreach créamtha, a bhí measctha le cnámh ainmhí créamtha, a fuarthas i dtinteán gar do lár an láithreáin? Ar tharla sé seo de thaisme? Nó ar ghníomh d'aon ghnó a bhí ann? Cé go bhfuil mórán ceisteanna maidir le créamadh réamhstairiúil nach bhfreagrófar riamh, cuireann anailís orthu, go minic, béim ar na ceisteanna casta a bhaineann leo.




Dáileadh na luaithreach créamtha sna reiligí iartharacha (mapa intlise) agus sna reiligí oirthearacha ag Derrybane 2. (Íomhá: Maurizio Toscano, Eachtra Archaeological Projects)



An reilig chréamtha iartharach ag Derrybane 2, ón deisceart. (Grianghraf: Eachtra Archaeological Projects)

# Coirnín ‘Meare’

*Tuairiscíonn Niall Roycroft Seandálaí le Foireann an Oirthir d’Údarás um Bóithre Náisiúnta, ar aimsiú áilleagán beag gloine le sainbhrí shiombalach.*



Coirnín deartha le bís Meare (le trastomhas de 11.3mm a fuarthas i lios ón luath-mheánaois i mBaile Nua Dealgan, Co. Lú.). (Grianghraf: Niall Roycroft)

Tá an bheatha shíoraí le feiceáil sa choirnín iontach gloine seo a fuarthas i lios i mBaile Nua Dealgan, Contae Lú. Tá sé maisithe le ‘bís Meare’—bís triarach a bhfuil dath buí teimhneach air agus é deartha i ngloine shnasta ar choirnín gloine thrédhearcach. Tá an bhís thriarach ar cheann de na híomhánna is sine agus is drámatúla atá le fáil sa seandálaíocht. Ceaptar go gcuireann sé breith, aibíocht agus bás in iúl, ar a n-áirítear bliain féilire na Gréine agus timthriall míosúil na Gealaí. Beirtear gach duine, aibíonn siad go haosacht agus feonn siad as sin go bás sula n-athsaolaítear arís iad, agus ar an mbealach sin léiríonn bís thriarach Meare an bheatha ina hiomláine. Ghlac an Chríostaíocht go cíocrach leis an ngné triarach de mhiotas ársa chun trí phearsa Dé Féin a chur in iúl.

Fuarthas coirnín deartha le bís Meare le linn tochailte a rinne David Bayley ó Irish Archaeological Consultancy Ltd. (Comhairleoireacht Seandálaíochta Éireann Tta.) i 2003 ar Sheachbhóthar Iarthar Dhún Dealgan, an M1. Baineann an coirnín le tradisiún déantúsaíochta coirníní ón Iarannaois, agus a thosaigh, is dócha, thart ar cheantar Meare, i Somerset, sa Bhreatain. Tosnaíodh ag déanamh coirníní le bís Meare c. 250 RCh–50 AD sa Ríocht Aontaithe ach creidtear anois go raibh an tradisiún déantúsaíochta seo ar siúl sa séú agus sa seachtú haois AD. Fuarthas coirníní gloine le bís Meare ó dheireadh na hIarannaoise agus ón luath-mheánaois in Éirinn agus sa Bhreatain. Fuarthas coirnín Bhaile Nua Dealgan in aice le bróiste cóimhiotal copair neasfháinneach le foircinn mhíolchruthacha (cruth ainmhithe) chomh maith le go leor coirníni gloine eile ón séú agus an seachtú haois AD. Fuarthas coirníní deartha le bís Meare i gcontaetha Dhún na nGall, an Dúin, Laoise agus i gCorcaigh, ach is é seo an chéad cheann as Co. Lú.



Amharc ón aer ar an lios agus an uaimh thalún tochailte i mBaile Nua Dealgan (Grianghraf: Studio Lab)

# ASI: Imscrúdú ar Láthair Seandálaíochta i dtuaisceart Chontae Lú




ASI: Taispeántas :Láthair Seandálaíochta i dTuaisceart Chontae Lú in Iarsmalann an Chontae, Dún Dealgan ( Grianghraf : Niall Roycroft)

*Déanann Brian Walsh, Coimeádaí Iarsmalann Lú i nDún Dealgan léirbhreithniú ar an gcaoi ar éirigh le taispeántas faoi iarsmaí seandálaíochta a aimsíodh le linn oibre ar scéimeanna bóthar i dtuaisceart Chontae Lú. Tionóladh an taispeántas a bhí maoinithe ag ÚBN ó Mhí na Samhna 2009 go Feabhra 2010.*

Nuair a tháinig an deis chun na hiarsmaí seandálaíochta a fuarthas a chur i láthair, sular tosaíodh ag obair ar Sheachbhóthar Iarthar Dhún Dealgan (M1) agus an Nascbhóthar ó Iúír Chinn Trá go Dún Dealgan (A1/N1), tháinig ceist shimplí amháin chun cinn; cén chaoi a gcuirfeadh an Iarsmalann na hiarsmaí seandálaíochta ar taispeáint ar bhealach a bheadh difriúil, nua, spreagúil agus a chruthódh fiosracht i measc na gcuairteoirí a thiocfadh chuig an taispeántas? Mar a tharlaíonn go minic, fiú nuair a bhíonn an cheist simplí, bíonn an freagra níos casta. Tháinig an nóiméad “eureka” nuair a bhíothas ag scrúdú na n-iarsmaí a bhí le cur ar taispeáint—nach bhféadfaí na déantáin a úsáid ar dhá bhealach éagsúil ach comhlántach ag an am céanna? D’fhéadfaí iad a úsáid, ní amháin mar fhianaise ar ghníomhaíocht stairiúil ach freisin chun léirmhíniú a thabhairt ar an mbealach a n-úsáideann seandálaithe fianaise



Taispeántas de shamhail ainmhithe leis an déantóir samhaltán Jim Martin (Grianghraf: Niall Roycroft)

neamhiomlán chun muid a chur ar an eolas faoin saol sa chianaimsir. As sin a tháinig an smaoineamh *ASI: Imscrúdú ar láthair Seandálaíochta i dTuaisceart Chontae Lú*.


Ar ndóigh, bíonn fiúntas aon taispeántas ag brath ar an leas is féidir a bhaint as na déantáin ar taispeáint agus d'éirigh thar cionn le ASI anseo. Spreagann roinnt mhaith iarsmaí iontacha ón tréimhse Neoiliteach (c. 4000–2400 RCh), sa taispeántas seo an tsamhlaíocht: píosa de ghreannadh carraige ag taispeáint móitíf de stíl pháislig a aimsíodh i ndíon uaimh thalún; cloch mhór i gcruth caorach nó lao, agus fiú 'poill sháite' le feiceáil; agus bailiúchán de shíothla maisithe atá timpeall 4,500 bliain d'aois. Taispeánadh físeán gearr, mar chuid den taispeántas a craoladh ar dtús mar chuid de shraith *Hidden Heritage* ar Theilifís Uladh (UTV).Thaispeáin an físeán, a mhair cúig nóiméad an bealach ar aimsíodh lios agus reilig i bhFochaird Íochtarach. Cuireadh suim faoi leith i dhá chnámharlach a aimsíodh - cnámharlach mná fásta agus cnámharlach linbh bhig. Nuair a rinneadh scrúdú ar an gcnámharlach beag, ceapadh gur naíonán nuabheirthe a bhí ann. Rinneadh anailís fhóiréinseach ansin agus deimhníodh gur amhlaidh a bhí. Chuir an fhionnachtain chráite seo go mór leis an taispeántas de bharr go raibh fócas mothúchánach i gceist a chuir ina luí ar chuairteoirí nach tionscadal sheasc acadúil a bhí sa léirmhíniú agus sa taispeántas, ach gur meabhrúchán suntasach a bhí ann faoin mbealach ar mhair ár sinsear agus an taithí a bhí acu thar na mílte bliain.


Cuireadh le fiúntas an taispeántais chomh maith trí shraith ceardlanna a eagrú i rith mhí na Nollag a bhí dírithe ar pháistí bunscoile. Dhírigh na ceardlanna seo ar flóra agus fána an cheantair agus ar an mbealach a ndeachaigh tíreolaíocht/topagrafaíocht an cheantair i bhfeidhm ar shaol mhuintir na háite sin ó lá go lá. Ba é Jim Martin, déantóir samhaltán as an gceantar agus ar speisialtóir é i ndéanamh samhail d'ainmhithe le snáithín gloine agus snáithín saorga, a bhí i gceannas ar na ceardlanna.


Le linn do thréimhse pleanála an taispeántais agus na gníomhaíochtaí eile a bhí bainteach leis, glacadh leis gur cur chuige iomlánaíoch ab fheiliúnaí maidir le cur i láthair agus scrúdú an cheantair, cur chuige a léirigh go sonrach an idiroibriú leochailleach idir leathnú daonra agus an gharthimpeallacht agus an bealach a dtéann siad i bhfeidhm ar a chéile. Níos tábhachtaí fós, léiríodh an bealach ar féidir an idirghníomhaíocht seo a rianú trí iniúchadh a dheanamh ar an taifead seandálaíochta agus staire. De bharr gur cuireadh an t-eolas seo i láthair mar mhíreanna i suíomh mistéireach, thug sé deis iontach do na grúpaí agus na daoine aonair a thug cuairt ar an taispeántas an chianaimsir agus na modhanna a úsáidtear lena léirmhíniú a fheiceáil ar bhealach spreagúil nua.

Bhain siad siúd a tháinig chuig an taispeántas sásamh as. D'fhreastal 14 bunscoil ar na ceardlanna agus tháinig daltaí meánscoile ó Dhún Dealgan, Droichead Átha agus Co. na Mí chuig an taispeántas. Ní amháin go raibh múinteoirí agus daltaí sásta leis an taispeántas agus na ceardlanna, bhí siad an-tógtha chomh maith leis an mbróisiúr agus an leabhar oibre a cuireadh ar fáil leis an taispeántas. (Is féidir an leabhar oibre a íoslódáil ó shuíomh idirlín Iarsmalann an Chontae ag http://www.dundalkmuseum.ie/en/main/news-and-events/109/.) Bhí na meáin tógtha leis an tionscadal freisin agus bhí mír faoi ar Nuacht RTE, *Six-One-News*, ar an gclár *Cultureshock* ar Newstalk chomh maith le míreanna ar LMFM agus ar FM Dhún Dealgan. Is féidir mír faoi sheoladh an taispeántais a fheiceáil ar YouTube: http://www.youtube.com/ watch?v=A-U8Y-E1_pg

Chuir an taispeántas ardú meanman ar gach duine a raibh baint acu leis. Bhí deis ag múinteoirí agus daltaí idirghníomhú leis an tseandálaíocht ar bhealach úr, spreagúil. Bhí deis ag muintir na háite iarsmaí a fuarthas ina gceantar féin a fheiceáil. Ó thaobh na hIarsmalainne de, thug an taispeántas seans dúinn taifead seandálaíochta an cheantair a chur i láthair i bhfoirm chruthaíoch ar bhealaí éagsúla. Chomh maith leis sin, de bharr go bhfuil suíomh idirlín (www.asi-louth.ie) faoin taispeántas seolta, beidh an t-ábhar (agus na tuarascálacha) ar fáil mar oidhreacht bhuan go ceann i bhfad.














Roinnt leathanach ón mbróisiúr a ghabhann leis an taispeántas.

# Oibriú iarainn meánaoiseach sa phuiteach

*Scrudaíonn Patricia Long, Stiúrthóir Tochailte le Headland Archaeology Ltd, lonnú ollionad oibriú iarainn meánaoiseach sa phortach ar scéim mhótarbhealaí an M7 An tAonach–Luimneach i dTuaisceart Thiobrad Árann.*

Tá cruth beagnach ciorclach ar Phortach Cheapach Dhoinn i dtuaisceart Thiobrad Árann agus tá sé roinnte idir thrí bhaile fearainn—An Garrán, Ceapach Dhoinn agus Ros Fuinse—tagann teorainneacha na mbailte fearainn le chéile sa lár. Fuarthas fianaise go raibh tionscal áitiúil oibreacha iarainn meánaoiseach lonnaithe ar thulán atá beag ach a dtabharfaí suntas dó agus é timpeallaithe ag talamh fliuch riascach, ar imeall thiar theas Phortach Cheapach Dhoinn i mbaile fearainn an Gharráin. Aithníodh *fulacht fiadh*/dumha dóite, ón luath/lár na meánaoiseanna (c. 2200–1100 RCh) ar an taobh thoir thuaidh den tulán agus fuarthas fianaise den oibriú iarainn meánaoiseach níos gaire de mhullach an aird. Aimsíodh bunáit foirnéise bruithnithe, dhá theallach gaibhneoireachta, dhá chlais táirgthe fioghuail agus carn fuílligh mór.


Léiríonn bunáit na foirnéise bruithnithe gur tógadh iarann as an mian ag an láthair chun amh-iarann, ar a dtugtar blúmán a tháirgeadh. Léiríonn na teallaigh ghaibhneoireachta agus an scálú casúir (fó-tháirge a fágtar tar éis iarann nach bhfuil próiseáilte a bhuaileadh le casúr) a fuarthas ann, go ndearnadh tuilleadh próiseála anseo le billéid iarainn a tháirgeadh agus ansin, a d'fhéadfaí a ghaibhniú chun huirlisí, airm agus 'rl a dhéanamh.

Rinne an Aircéimhiotalóir Barry Cosham, anailís ar an ábhar miotalaíochta a fuarthas le linn na tochailte agus fuair sé amach gurbh é an t-ábhar a fuarthas sa charn fuílligh an fhianaise oibriú iarainn ba luachmhaire. Fuarthas blúirí méine chomh maith le fianaise ghaibhneoireachta agus bhruithnithe mar a léirigh na blúirí de bhunáit foirnéise a aimsíodh ann. Thaispeáin anailís radacarbóin a rinneadh ar shampla den ábhar fuílligh gur tháinig na hiarsmaí ó dhátaí idir 1216–1278 AD agus nuair a cuireadh i gcomparáid é le dátú radacarbón eile ón suíomh, léirítear go raibh an ghníomhaíocht seo ar siúl díreach idir deireadh na luath meánaoiseanna agus tús na hard meánaoiseanna.

Ceaptar gur sholáthar na claiseanna fioghuail a aimsíodh sa Gharrán fioghual don láthair oibriú iarainn go heisiach. Ba chuid lárnach é táirgeadh an fhioghuail den phróiseas oibriú iarainn; gan an fioghuail ní bheadh an teocht sách ard don bhruithniú iarainn (c. 800–1,000° C ) agus don ghaibhneoireacht (c. 1,100–1,200° C). Tá na gnáththréithe a bhaineann leis an gcineál seo gné le fáil sna claiseanna déantúsaíochta



Amharc ón aer den suíomh oibriú iarainn sa Gharrán, Co. Thiobrad Árann, le Portach Cheapach Dhoinn sa chúlra. (Grianghraf: Markus Casey)




fioghuail a aimsíodh sa Gharrán, tá siad éadomhain, cré-ghearrtha le loscadh *in situ* agus neart fioghuail sna poill. Léiríonn an dátú radacarbóin i gceann de na claiseanna seo go bhfuil siad comhaimseartha leis an oibriú iarainn a bhí ar siúl ann.

Nuair a bhreathnófá ar dtús air, cheapfá go raibh an ghníomhaíocht oibriú iarainn seo lonnaithe i lár dúiche a bhí fliuch, iargúlta agus scoite amach, ach nuair a fhéachann tú níos géire air, is léir go raibh pleanáil chúramach ar chúl roghnú na láithreach seo. Is iad an dá acmhainn ba thábhachtaí a bhí ag teastáil don oibriú iarainn ná mian miotail agus an t-adhmad chun fioghuail a sholáthar. Is cosúil gur lonnaíodh an tionscal sa Gharrán d'aon ghnó chun go mbeifí in ann teacht ar an dá tháirge go héasca.

Aimsíodh macasamhail mian iarainn sa charn fuílligh ar an láthair agus d'fhéadfaí a rá gur tháinig sé as Portach Cheapach Dhoinn, 20 m ó thuaidh den láthair. (Is eol dúinn go mbailíonn mian phortaigh ag tairseach na sraithe orgánaigh den phortach agus dromhchla nádúrtha na talún atá faoi). Bhíodh foirnéis tinní le fáil ar dtús gar don fhoinse méine agus bheadh an láthair seo ar imeall imchuach an phortaigh fíor-oiriúnach chun an mhian nádúrtha a fhaightear sa phortach, a aimsiú. De bharr gur tógadh an t-iarann as an mian ar imeall an phortaigh ní raibh gá ach billéid iarainn snoite, seachas ualach mór méine a iompar aníos an cnoc ón bportach. Níor thángthas ar aon fhianaise chinnte gur ullmhaíodh mian leis an gcomhábhar mhiotal-shaibhir a shábháil, ag an suíomh tochailte sa Gharrán, cé gur dócha go ndearnadh é seo gar don láthair.

Cé go raibh an taobhtíre díreach in aice leis an láthair báite, bheadh sleasa na gcnoc ar an taobh thoir agus thiar oiriúnach do chrainn ar nós dair agus fuinseog agus d'fhéadfadh sé go raibh siad mar fhoinse breosla

don ghníomhaíocht oibriú iarainn. Tugann ainm an bhaile fearainn ‘An Garrán’(a chiallaíonn coill thanaí/doire) leide láidir go raibh foraoiseacha sa cheantar sa chianaimsir. Nuair a rinne speisialtóir adhmaid, Simon Gannon anailís ar an bhfioghual, tá sé suimiúil gur léiríodh go raibh réimse leathan de bhlúirí adhmaid éagsúla ann ó ghníomhaíocht a bhí ar an láthair ón gCré-umhaois. Áfach, is díol spéise é gur léirigh an fioghual a aimsíodh leis na gnéithe oibriú iarainn agus sna claiseanna táirgthe fioghuail go raibh bailiú breosla sa chás seo déanta ar bhealach roghnaitheach, agus gurbh í an dair an príomh speiceas. Is gné coitianta é seo ó thaobh oibriú miotail de mar go ndónn an dair ar feadh tréimse níos faide agus tá cumas thar cuimse aige ardteocht a tháirgeadh.

Tríd is tríd, níl fianaise ar fáil go raibh aon chonaí ar an suíomh ó lá go lá. De bharr chomh fliuch is a bhí an timpeallacht ansin, ní aon ionadh b’fhéidir nach bhfuarthas aon iarsmaí de struchtúir tithíochta, ach fuarthas fioghual agus cnámha dóite ainmhithe maraon le beagán ábhar gránach i gcarn fuílligh agus i dhá cheann de na gnéithe oibriú iarainn. Is cosúil gur tháinig oibrithe iarainn chuig an láthair le bia ullmhaithe acu agus gur chuir siad an fuílleach i dtinte tionsclaíocha.



Bunáit foirnéise bruithnithe, a aimsíodh le linn tochailte. (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)

Ní bhfuarthas aon fhianaise sa Gharrán go raibh déantáin á dtáirgeadh ann agus is dócha go raibh an láthair á húsáid chun billéid iarainn a sholáthar do láithreacha lonnaíochta in aice láimhe. Nuair a bhreathnaítear ar an suíomh seo i gcomhthéacs topagrafaíochta an cheantair mórthimpeall agus an Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna (RMP), is léir go bhfuil Portach Cheapach Dhoinn suite in imchuach, i logán faoi roinnt suíomhanna imfhálaithe/liosanna atá ar shleasa na gcnoc mórthimpeall. Rinneadh scrúdú ar chuid bheag de cheann amháin de na liosanna seo (RMP No. TN025-069) le linn tochailte ar an M7 agus thaispeáin an dátú carbóin gur iarsma é ón tréimhse 1056–1223 AD. Léiríonn sé seo go raibh lonnaíocht sa lios seo comhaimseartha leis an oibriú iarainn sa Gharrán.


D’fhéadfadh sé go raibh an t-ollionad oibriú iarainn sa Gharrán ag soláthar do roinnt de na lonnaíochtaí seo sa chomharsanacht agus is dócha go raibh sé mar chuid de thionscail oibriú iarainn níos leithne a bhí bainteach leis an bportach sa cheantar. Sa lá atá inniu ann, ní bhreathnaítear ar an bportach mar ghné inmhianta ó thaobh na talmhaíochta de, ach léiríonn teorainneacha na mbailte fearainn a roinneann é, go raibh an portach i bhfad níos luachmhaire sa chianaimsir, de bharr go raibh mian portaigh le fáil go nádúrtha ann.




Blúirí de bhunáit foirnéise a fuarthas sa charn fuílligh. (Grianghraf: Hannah Simms, Headland Archaeology Ltd)




Mian phortaigh (dóchúil) a fuarthas sa charn fuílligh. (Grianghraf: Hannah Simms, Headland Archaeology Ltd)




Sliocht as léarscáil an RMP a léiríonn suíomh na láithreach oibriú iarrainn sa Gharrán, Portach Cheapach Dhoinn agus clóis /liosanna sa chomharsanacht. (Íomhá: Headland Archaeology Ltd)

# Seandálaíocht á cur in iúl trí thaispeántas: tuairimí an phobail á dtomhas



Luath-Chré-Umha Aois (c. 2400 –1600 RCh) coire 'aghaidh-mhaisc' ó Bhaile Mhistéala–taispeántán coitianta ag taispeántas NRA 'Bóithre Nua, Fionnachtana Nua' a tionóladh ag Músaem Poiblí Chorcaí. (Grianghraf: John Sunderland)


*Déanann Ken Hanley agus Sheelagh Conran, seandálaithe an NRA le Foireann an Deiscirt, measúnú ar thuairimí an phobail ar Bhóithre Nua, Fionnachtana Nua: Tochailtí Seandalaíochta ar Scéimeanna Bóthair Náisiúnta i gContae Chorcaí, 2001–2007, taispeántas maoinithe ag an NRA a tionóladh i Músaem Poiblí Chorcaí go déanach in 2008.*

Cuireann fionnachtana seandalaíochta iontas i gcónaí. Is beag rud eile a nascann an saol atá thart go díreach leis an saol reatha chomh mór leis. Insíonn gach láthair nua scéal, cuireann sé snáth eolais nua i dtaipéis stair an chine dhaonna. Is é gnó an tseandalaí ná taifead, anailís, míniú a dhéanamh ar an eolas atá aimsithe agus é a chur in iúl. Sean-mhodh chun torthaí seandálaíochta a chur in iúl is ea taispeántas poiblí. Ach conas is féidir linn a bheith cinnte faoina bhfuil curtha in iúl agus cé dó a bhfuil sé curtha in iúl?

### An taispeántas

In 2008 rinne an NRA maoiniú ar thaispeántas d'fhionnachtana seandalaíochta a haimsíodh le linn sé cinn de thionscadail bhóithre náisiúnta i gContae Chorcaí. Tionóladh an taispeántas, 'Bóithre Nua' i Músaem Poiblí Chorcaí idir Meitheamh agus Nollaig 2008. Sheol Batt O' Keeffe Uasal, T.D., a bhí ina Aire Oideachais agus Eolaíochta ag an am an taispeántas. Léiríodh fionnachtana seandálaíochta ón N8–ó

Mhainistir Fhear Maighe go Baile Mhistéala, Seachród an M8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maighe, an N8 ó Ghleann Maghair go Cnocán na Biolraí, Bóthar Faoisimh N8/N72 Bhaile Mhistéala, Seachród N22 Bhaile an Chollaigh agus Seachród N25 Eochaille. Ar an iomlán rinneadh iniúchadh ar 178 láthair agus léiríodh go raibh raon leathan suíomhanna seandálaíochta, a chuaigh siar 10,000 bliain, nach raibh aon eolas fúthu cheana. Léiríodh an raon fionnachtana le comhthaispeántas de bhreis agus 200 déantán, le boird thaispeántais a sheas amach agus a thug eolas agus roinnt atógáil bheo ríomhghinte 3D (féach *Seanda*, Eagrán 3 [2008], lgh. 31–2). Ba mhaith leis na húdair an dea-chomhoibriú a fuaireadar ó Stella Cherry agus ó Dan Breen ó Mhúsaem Poiblí Chorcaí, an tacaíocht ó fhoireann Mhúsaem Náisiúnta na hÉireann, go háirithe ó Fiona Reilly agus bun-obair na stiúrthóirí tochailte cuí agus na foirne ó Archaeological Consultancy Services Ltd., Sheile Lane & Associates agus Eachtra Archaeological Projects a admháil.)




Blogh de chloch bhró mheánaoiseach ó Sheachród M8 Ráth Chormaic/Mhainistir Fhear Maighe faoi mar a léiríodh é ag an taispeántas. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Ltd)

Ba é príomh-aidhm an taispeántais ná fionnachtana seandálaíochta a chur i láthair agus a mhiniú i slí a rachadh i bhfeidhm ar an lucht féachana ba mhó. Bhí sé i gceist ag an taispeántas na torthaí a dhéanamh daonna, drámatúil agus iad a chur i gcomhthéacs ionas go bhféadfaí mór-acmhainn gach bóthair nua a léiriú mar fhionnachtain seandalaíochta. Ach cé a tháinig chun an taispeántas a fheiceáil agus ar oibrigh sé?

### Tuairimí Cuairteoirí a Mheas

D'éirigh leis an taispeántas ó thaobh moltaí béil de ach shocraigh na húdair




Náisiúntacht cuairteoirí a ceistíodh (uimhir shampla suirbhé (n) = 150)

tuairimí an phobail a mheas i modh níos struchtúrtha. Thugadar foláireamh George Bernard Shaw chun cuimhne: 'Is é an fhadhb a bhaineann le cumarsáid ná an seachmall go bhfuil sé curtha i gcrích'. Iarradh ar chuairteoirí ag an taispeántas ceistneoir a chuir cineál an chuairteora agus tuairimí an chuairteora in iúl a chomhlánú. Bhí 2,500 cuairteoir ag an Músaem le linn an taispeántais (D Breen, cumarsáid phearsanta). Fuarthas 150 ceistneoir comhlánaithe ar ais, 6% de na cuairteoirí ar fad a tháinig.

### Mar sin, cé a tháinig?

*Náisiúntachtaí*

Gan amhras bhí céatadán ard de na daoine a d'fhreagair an ceistneoir ina gcónaí in Éirinn (41%); cuairteoirí idirnáisiúnta ba ea 57% díobh (níor luaigh an 2% a bhí fágtha aon náisiúntacht). Bhí 44% de na cuairteoirí ón Eoraip agus 13% ó áiteanna lasmuigh den Eoraip. Tháinig roinnt cuairteoirí neamheaglacha ó áiteanna i gcéin mar An Chéinia, Brasaíl, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón Nua-Shéalainn.

*Próifíl Aoise*

Bhí gach aoisghrúpa i láthair ag an taispeántas (ó 6 go 80+). Mar a bheifí ag súil leis, bhí an grúpa ba mhó ag freastal ar scoil (37% de na freagróirí). Bhí 32% de na freagróirí san aoisghrúpa 18-33, 25% san aoisghrúpa 34-60 agus 6% de na freagróirí san aoisghrúpa 61+.


*Cúlra Oideachasúil*

Ceann de na deacrachtaí a bhain le hullmhúchán don taispeántas ba ea teacht ar chinneadh faoin aoisghrúpa a mbeadh sé dírithe air. Is é an gnás a bhaineann le taispeántais mhúsaeim ná scríobh do léitheoirí ag aois 12 chun teacht ar an ngrúpa léitheoireachta is mó. Bhí 12% de na freagróirí sa bhunscoil agus thart ar 25% díobh sa mheánscoil. Bhí sé suimiúil go raibh oideachas tríú leibhéal ag 50% díobh.


### Tháinig said, chonaic said … ach cad a cheap siad?

*Grádú taitnimh*

Ba cheart do dhea-thaispeántais siamsaíocht agus eolas a chur ar fáil. D'iarr an ceistneoir ar chuairteoirí grádú ar scála cúig phointe idir 'Olc' agus 'Iontach' a dhéanamh ar an




Aoisghrúpa cuairteoirí (n = 150).




Cúlra oideachasúil cuairteoirí (n= 150).




Taitneamh a bhain cuairteoirí as an taispeántas dar leo féin (n= 150). Nóta: níor léirigh 10% eile aon tuairim.
(Íomhá leasaithe ó http://customersrock.files.wordpress.com/2007/05/happy-sad-faces.jpg)

taitneamh a bhain said as an taispeántas. Dúirt 84% de na freagróirí go raibh an taispeántas 'Go Maith' (21%), 'An-Mhaith' (38%) nó 'Iontach' (25%). Ní dúirt ach 2% de na freagróirí go raibh sé 'Meánach'; mheas 4% go raibh sé 'Olc'. Níor léirigh 10% eile tuairim ar bith.

*An modh taispeántais ba mhó a thaitin*


Bhí trí mheán sa taispeántas: taispeántais déantán, boird thaispeántais eolais agus atógáil bheo ríomhghinte 3D. Nuair a hiarradh orthu an modh ba mhó a thaitin leo a lua, luaigh 31% na taispeántais déantán agus luaigh 23% na painéil eolais. Thaitin na hatógála beo ríomhghinte 3D le 21% díobh. Níor léirigh 25% eile tuairim ar bith. Léiríonn na freagraí gur thaitin gach modh go réasúnta cothrom le cuairteoirí. Dáiríre, chuidigh gach modh eolais le modh eolais eile agus nuair a cuireadh le chéile iad thug said an deis do chuairteoirí próisis seandálaíochta an athaimsithe, anailíse agus léirmhínithe a thuiscint.

*Toradh tábhachtach foghlama*


Ceann de phríomh-aidhmeanna an cheistneora ba ea a fháil amach cén phríomh-theachtaireacht a fuair cuairteoirí sa taispeántas. Fágadh an cheist chuí oscailte agus níor tugadh nod ar bith maidir le freagra a thabhairt. Bhí sé díomách nár thug 41% de na freagróirí aon aiseolas, ach bhí cúpla téama ar leith i gceist leis na cuairteoirí a chuir tuairim in iúl. D'fhág céatadán ard (39%) de na daoine a chuir tuairim in iúl an taispeántas ag machnamh ar shaibhreas na staire agus na seandálaíochta i gContae Chorcaí agus in Éirinn, i gcoitinne. Luaigh 19% eile gur chuidigh tógáil bóithre agus tionscadail forbartha eile le fionnachtain láithreacha nua seandálaíochta. Luaigh líon beag (8%) go raibh tuiscint níos fearr acu ar na príomh-aoiseanna seandálaíochta (uaireanta bhí aibhsiú ar leith orthu sa taispeántas); chuir 5% eile in iúl go raibh an taispeántas áisiúil chun fionnachtana seandálaíochta a chur in iúl don phobal. I measc na bhfreagraí eile (29%) bhí raon leathan tuairimí éagsúla gan mórán bainte acu le chéile. Ní raibh tuairim dhiúltach ar bith, geall leis.

## Ar éirigh leis?

Ba é cuspóir an taispeántais ná na fionnachtana seandálaíochta a chur i láthair i modh a rachadh i bhfeidhm ar an lucht féachana ba mhó. Maidir le cuimsitheacht de, tá sé soiléir ó fhreagraí an cheistneora go raibh rogha mhaith naisiúntachtaí, aoisghrúpaí agus próifílí oideachasúla i láthair ag an taispeántas. Chomh maith leis sin, tuairiscíodh gur bhain mórán taitneamh as an taispeántas. Cé gur baineadh an cuspóir amach go raibh mór-acmhainn ag baint le gach bóthar nua ó thaobh fionnachtain seandálaíochta de, léirigh cuairteoirí, chomh maith, tuiscint níos leithne ar chúrsaí seandálaíochta.




Taitneamh a bhain cuairteoirí as an taispeántas (n = 150). Nóta: níor léirigh 25% eile rogha ar bith.





An teachtaireacht a fuair cuairteoirí ón taispeántas (n= 89).

# An Áith Triomaithe Arbhair is Luaithe in Éirinn?

*Déanann Liam Hackett, Bainisteoir Láithreáin le Headland Archaeology Ltd cur síos ar an áith triomaithe arbhair chor an phionna is luaithe, b'fheidir, a fionnadh fós, ag athrú go mór an chroineolaíocht aitheanta maidir le láithreán den chineál seo in Éirinn.*

Tá áitheanna triomaithe arbhair ar fáil go forleathan ar fud na tíre toisc, go mórmhór, go bhfuil aeráid na hÉireann tais agus go raibh sé riachtanach an taise i mbarraí a ísliú le teas srianta ó thine. Tá méadú mór tagtha ar thochailtí de dheasca forbartha le fiche bliain anuas agus, dá dheasca, tá méadú tagtha ar líon na n-áitheanna aitheanta sa tír agus ar an eolas atá ar fáil fúthu (mar shampla, féach *Seanda*, Eagrán 3 [2008], lgh. 28–30). I nDeireadh Fómhair 2006, rinneadh tochailt ar lonnaíocht réamhstairiúil ag Carrigatogher (Harding), Aonach Urmhumhan, Contae Thiobraid Árann, ar scéim mhótarbhealaigh idir Aonach Urmhumhan agus Luimneach. Bhí struchtúr ciorclach sa láithreán le trinsí sliotáin comhlárnacha, tinteán lasmuigh bainteach leis, poill agus áith triomaithe arbhair chor an phionna. Fuarthas potaireacht ón Luathaois Neoiliteach (c. 4000–3500 RCh) agus ón gCré-Umhaois Dhéanach (c. 1100–800 RCh) ar an láithreán. Nuair a fuarthas áitheanna chor an phionna cheana féin, ba é an rud coitianta ná gur bhain said leis an gcéad míle bliain i ndiaidh Chríost ar aghaidh. Ach chruthaigh áith Carrigatogher gur tháinig sé ó dháta i bhfad níos luaithe.

Tá an struchtúr, tinteán agus áith triomaithe arbhair ag Carrigatogher (Harding) dátaithe ag an gCré-Umhaois Luath go dtí an Chréumhaois Mheánach. Chuir dátú radacarbóin de shliogán chnó coill dóite, a fuarthas san áith, dáta idir 1520 agus 1435 RCh ar fáil. Dá bhrí sin, is é seo an sampla is luaithe d'áith triomaithe arbhair i dtaifead seandalaíochta na hÉireann agus athraíonn sé an chroineolaíocht aitheanta do ghné den chineál seo go mór.




Suíomh agus plean an láithreáin ag Carrigatogher (Harding), Contae Thiobraid Árann, a thaispeánann an struchtúr (A) agus áith triomaithe arbhair chor an phionna (B). (Íomhá: Headland Archaeology Ltd)

Ba é a bhí san áith ná seomra triomaithe, poll tine agus múchán gearr a nasc leis an bpoll tine ar an taobh íochtair den struchtúr os comhair an aeir oscailte, gné choitianta in áith triomaithe arbhair den chineál seo. Bhí an áith ar fad 2.9 m ar fhaid agus 1.3 m ar leithead le poll 0.22 m don pholl tine agus 0.5 m don seomra triomaithe. Bhí an múchán an-bhunúsach le clocha meánmhéide chun an teas a choimeád isteach ag an bpointe cuí ag dul isteach sa seomra triomaithe, a bhí ag dul in aghaidh na fána agus bhí sé mar bhac ionas nach rachadh an t-arbhar trí thine. Bhí cré dhearg, ocsaídithe, níos soiléire sa pholl tine agus níos éadroime sa seomra triomaithe, ag bun na háithe.

Léiríonn samplaí a tógadh ón áith gráinní cruithneachtan dóite, arbhar nach bhféadfaí a aithint agus sliogán chnó coill i láthair—cosúil leis na samplaí a tógadh ón struchtúr agus ón tinteán, a bhí suite 35 m siar ó thuaidh ón áith. Léiríonn an chosúlacht agus na dátaí radacarbóin go raibh an áith agus an struchtúr in úsáid ag an am céanna. Cuireann sé seo leis an eolas atá againn faoi na himeachtaí ó lá go lá a bhí ag pobal réamhstairiúil.

Go dtí an t-am seo, dhealraigh sé go raibh tionchair iasachta ar áitheanna triomaithe arbhair chor an phionna. Tá áitheanna cosúla coitianta sa Bhreatain Rómhánach Dhéanach (a bhí comhaimseartha leis an Iarannaois Dhéanach/ luath-mheánaois de na samplaí Éireannacha ba luaithe a bhí ar fáil cheana). B'fhéidir gur féidir bunús dúchasach agus forbairt áitheanna triomaithe arbhair a fháil amach de dheasca thorthaí Carrigatogher (Harding). Tá anailís bhreise ar na hábhair a fuarthas le linn na tochailte ar siúl chun dáta na háithe a chinntiú agus chun cur lenár gcuid eolais agus lenár dtuiscint ar an láithreán fíor-thábhachtach seo.



An áith triomaithe arbhair le sciathchlocha in ord. (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)



Radharc ón aer ar an áith i ndiaidh na tochailte. (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd).

# Laethanta Tosaigh ar Sheachród Ros Mhic Thriúin an N25




Tástáil ar Sheachród Ros Mhic Thriúin an N25 i mbaile fearainn Ryleen, Contae Loch Garman. (Grianghraf: Mairéad Mc Laughlin)

*Déanann Mairéad Mc Laughlin, Seandálaí Cúnta an NRA le Foireann an Deiscirt, cur síos ar thorthaí tosaigh thrinseáil trialach a cuireadh ar siúl ag deireadh 2009 roimh thógáil Sheachród Ros Mhic Thriúin an N25.*

Ag breacadh an lae ar an 30 Samhain 2009, chuir an fhoireann tionscadail, innealltóir tionscadail, oifigeach teagmhála talún, foireann seandálaíochta Headland Archaeology Ltd, tiománaithe meaisín agus seandálaithe an NRA, chun bóthair i gceobhrán na maidine. Bhí na ceantair a bhí leagtha amach don trinseáil trialach socraithe agus thosaigh dhá fhoireann ag tástáil le haghaidh iarsmaí seandálaíochta ag dhá thaobh na scéime bóthair. Roinnt laethanta roimh ghrianstad an gheimhridh (21 Nollaig), tháinig na foirne le chéile arís tar éis dóibh 12% den bhealach 14.8 km a thástáil agus 26 láthair sheandálaíochta nach raibh ar eolas cheana a fhionnadh.

Tosaíonn Seachród Ros Mhic Thriúin an N25, atá molta, ag an nGleann Mór i gContae Chill Chainnigh; ag Pink Point trasnaíonn sé thar abhainn–An Bhearú-isteach i gContae Loch Garman trí dhroichead easdroma, a bhí pleanáilte (meascán de dhroichead staghchábla agus droichead cearchaille); ansin ó Bhaile an Stócaigh, Contae Loch Garman éiríonn sé aníos lastoir de Chrosaire Uí Chorcoráin ar an N30, bóthar Inis Córthaidh, atá ann faoi láthair. Trasnaíonn an bealach 17 mbaile fearainn (cúig cinn díobh i gCill Chainnigh) agus téann sé trí thírdhreach scéimhe talmhaíochta le gleannta agus cnoic dhroimneacha.

I measc na bhfionnachtana nua bhí teach dronnuilleogach, a raibh gealltanas faoi, a d'aithin an Stiúrthóir Tochailte, Lisa Doyle, agus a foireann, i mbaile fearainn Ryleen, Contae Loch Garman a raibh an fhoireann fliuchta faoi le linn tástála. Bhí sceitimíní orthu nuair a fuarthas babhla potaireachta a raibh crot cíle air ón Luath-Aois Neoliteach (c. 4000–3500 RCh) i dtrinse sliotáin—an dtarlódh sé go mbeadh an fionnadh seo mar tharlú spreagúil do Chontae Loch Garman? Bhí fianaise inmheánach ann sna claiseanna go raibh daoine ina gcónaí ann. Fuarthas fianaise sheachtrach ann i ngnéithe áirithe agus dá bhrí sin táthar ag tnúth le tochailt iomlán ar an láthair. Tá nodanna á bhfail ag seandálaithe ó 1928 go raibh pobal Neoliteach i gceantar Ros Mhic Thriúin mar fuarthas ceann tua i Mylerspark. Fuarthas tua cloiche agus earraí liteacha (uirlisí




Plean iar-thochailte an tí ag Ryleen, Contae Loch Garman ar dóichí gur teach Neoiliteach é. Agus é seo á scríobh, tá tús curtha le tochailt iomlán ar láithreacha Sheachród Ros Mhic Thriúin. (Léaráid: Headland Archaeology Ltd)

cloiche) i mbaile fearainn Mc Murrough in 1985 mar chuid de chlais agus tinteán. Chuir tástálacha ar Sheachród Ros Mhic Thriúin leis na déantáin Neoiliteacha mar fuarthas ceann tua cloiche i mbaile fearainn Creaken Upper ach chuirfeadh tochailt an tí ag Ryleen go mór leis an bhfianaise méadaithe go raibh lonnaíocht Neoiliteach sa cheantar máguaird.

Fuair an tástáil trinse amach, chomh maith, go raibh tírdhreach Créumha le cúig láthair adhlactha agus ocht gcinn d'fhulachta fiadh/dumhaí dóite ann. Nuair a rinneadh adhlacadh sa Chréumhaois dhéantaí corpáin a chréamadh agus a chur in uaigh sa talamh cé gurbh é an créamadh an deasghnáth adhlactha ba choitianta in Éirinn réamhstairiúil. Léirítear traidisiúin bhrónacha ar leith i gcleachtais adhlactha éagsúla agus sa scéim seo amháin aimsíodh cúig áit a d'fhéadfadh a bheith mar reiligí créamtha. Tá dhá cheann díobh seo ina 'reiligí cothroma' toisc nach bhfuil iontu ach claiseanna adhlactha simplí gan iarsmaí ar bith ina seasamh iontu cé gur dóichí go raibh marcóirí cloiche nó adhmaid ag léiriú suíomh na reilige i dtosach báire. B'fhéidir go raibh trí cinn de na reiligí créamtha a fuarthas ar Sheachród Ros Mhic Thriúin mar chuid de thírdhreach deasghnátha/adhlactha agus go raibh said bainteach le clóis chiorclacha a dtugtaí díoga fáinneacha orthu agus le hadhlacadh i síothal, cé nach eol fós cén cineál síothla a bhí ann.


Reilig chréamtha ón gcré-umha aois ag Rathgaroge, Contae Loch Garman. (Grianghraf: Mairéad Mc Laughlin)

Bhí méideanna éagsúla sna dumhaí dóite a fuarthas agus bhí an chuid ba mhó díobh gar don Bhearú agus dá craobh-aibhneacha.Tá dea-acmhainn ag cuid acu do chaomhnú orgánach agus le haghaidh trachanna adhmaid. Má chuirtear san áireamh líon na láithreacha seo ar fud na tíre, figiúr ionadaíoch go leor is ea ocht ndumha dóite don scéim seo nuair a chuimhnítear ar chomh híseal is atá codanna den bhealach. Gné lárnach de shaol pobail sa Chréumhaois ba ea iad. Úsáideadh iad chun uisce a théamh le haghaidh nithe éagsúla.

Chuir fionnachtana ó na meánaoiseanna leis na torthaí tástála. D'aithin stiúrthóir na tochailte, Liam Hackett, agus a fhoireann gnéithe agus déantáin (mar photaireacht a dtugtar earraí cócaireachta Laighean Thuaidh orthu) i mbaile fearainn Landscape, Contae Loch Garman, a thugann nod go mb'fhéidir go raibh láthair thionsclaíoch nó láthair lonnaíochta ag an láthair seo. Níl sé ach 3 km ó Ros Mhic Thriúin agus b'fhéidir go bhfuil baint aige le bunús meánaoiseach an bhaile mhóir seo.

Mar a bhíonn le gníomhaíochtaí daonna, bíonn an suíomh tábhachtach nuair atá láthair á roghnú. Tá sé suimiúil a nótáil gur aithníodh roinnt láithreacha ina raibh fioghual á tháirgeadh agus tá gach ceann díobh suite gar do thaobh Ros Mhic Thriúin den scéim. B'fhéidir gurbh é is cúis leis seo ná saothrú agus bainistiú na gcoillte agus chomh héasca is a bhí an córas iompair. Ba iad an dá chineál áith fioghuail a húsáideadh in Éirinn ná an áith dumha nach bhfágann mórán fuíll san fho-ithir agus an áith phoill, an cineál a léirítear sa scéim seo. De ghnáth, líontaí na poill seo le hadhmad—dair, de ghnáth, toisc go dtagann mór-theas as nuair a dhóitear é—agus chlúdaítí iad le cré sar a lastaí iad. Ba é an phríomh-úsáid a bhain le fioghual ná bruithniú iarainn. D'fhéadfadh poill mar seo a bheith ag baint leis an Iarannaois (c. 800 RCh–450 AD) ó thaobh aoise de ach, de ghnáth, baineann said leis an luath-mheánaois (c. 450–1169 AD) nó leis an meánaois (c. 1169–1550 AD).

Nuair a fionnadh láthair le linn tástála, glacadh grianghraf agus rinneadh taifeadadh le líníochtaí na láithreach agus marcáileadh an suíomh le fearas suirbhéireachta den scoth mar Penmap (córas ríomhaireachta bunaithe ar pheann chun sonraí grafacha a bhailiú) agus stáisiún iomlán (gléas monatóireachta leictreonach chun uillinneacha cothrománacha agus ingearacha a thomhas). Cuireadh modhanna cosantacha i bhfeidhm sar a ndearnadh aislíonadh ar na láithreacha nua-aitheanta go dtí go ndéanfaí tochailt iomlán orthu. Rinneadh é seo le fabraic scagach, ar tugadh geoiteicstíl air, a chur anuas ar na gnéithe seandálaíochta a fionnadh. Mar sheandálaí tá sé mar phribhléid láithreacha nua a fheiceáil á nochtadh agus ní an-spreaguil is ea filleadh ar sheachród Ros Mhic Thriúin an N25 le haghaidh tochailte mar a nochtfar méid na bhfionnachtana seo.


Seandálaí ag taifeadadh phoill chréamtha ag reilig chréamtha réidh ón gCré-Umha Aois a fionnadh ag Berkeley, Contae Loch Garman. (Grianghraf: Mairéad Mc Laughlin)

# Folcadh sa Chréumhaois?

*Déanann Nial O' Neill, Stiúrthóir Tochailte le Headland Archaeology Ltd, cur síos ar umar mionsaothraithe, tobar agus ardán a fuarthas faoi fhulacht fiadh/ dumha dóite ar mhótharbhealach an M7.*

Cé gur ceapadh le fada gurbh é a bhí i roinnt fulachta fiadh/dumhaí dóite ná láithreacha folctha oscailte, b'fhéidir mar chineál deasghnátha, cuireann torthaí na tochailte ar dhumha dóite i mbaile fearainn Annaholty, Contae Thiobraid Árann, ar bhealach an mhótarbhealaigh M7 ó Aonach Urmhumhan go Luimneach. Cuireadh an tochailt i gcrích go luath in 2007 faoi stiúir Liam Mc Kinistry ó Headland Archaeology Ltd agus fuarthas dumha dóite 11.6 mhéadar ar fhaid agus 7.93 m méadar ar leithead agus 0.32 m ar doimhneacht.

Fuarthas amach gur chlúdaigh an dumha dóite gné 8 méadar ar fhaid san fho-ithir. Sa taobh iar-dheisceartach, bhí umar dronuilleogach clúdaithe le hadhmad, cloch agus cré. Ag an taobh oir-thuaisceartach, bhí ardán adhmaid, ar choinnigh pionnaí adhmaid le chéile é, agus tobar clúdaithe le clocha. Léiríodh go raibh na gnéithe seo ar fad comhaimseartha, dátaithe ag an Meán-Chréumhaois. Rinneadh dátú radacarbóin ar bhun an tobair agus dátaíodh é ag 1208–1014 RCh; dátaíodh ceann de na plainc ón ardán ag 1265–1028 RCh agus dátaíodh ceann de na plainc ó bhun an umair ag 1188–979 RCh.

Go minic ní bhíonn feidhm na láithreacha dumha dóite aonair soiléir. Is é is cúis leis seo ná a laghad déantán a fuarthas ag na láithreacha seo. Moltar éagsúlacht feidhmeanna do láithreacha éagsúla, ina measc cócaireacht, folcadh, dathú éadaigh, próiseáil ar chraiceann ainmhithe agus fiú déantús beorach. Toisc nach bhfuarthas aon déantáin, cnámha nó arbhar ag an láthair seo, caithfimid féachaint ar na cineálacha struchtúr (an t-umar, tobar agus ardán) a aithníodh ag an láthair chun an fheidhm a dhéanamh amach.



Radharc ón aer den dumha dóite ag Annaholty, Contae Thiobraid Árann. (Grianghraf: AirShots Ltd)

Níl na fachtóirí taobh thiar de thógáil an tobair agus den ardán a bhain leis le haghaidh foinse uisce soiléir ar fad. Bhí an ceantar díreach taobh leis an láthair, a bhí lonnaithe ag lár ísleáin laistigh den tírdhreach, go mór faoi uisce agus cén fáth, mar sin, a ndearnadh tobar a thochailt má bhí foinse uisce sásúil ar fáil in aice láimhe. Is é is dóichí gur ceapadh nach raibh an t-uisce ar an dromchla sa cheantar glan go leor nó fíorghlan don fheidhm a bhí ann dó. Chomh maith leis sin, má bhí an t-umar ag teastáil le haghaidh cócaireachta, cén fáth ar tógadh bonn adhmaid mionsaothraithe agus gur clúdaíodh na taobhanna le cloch, adhmad agus cré?

Is í an fheidhm is inchreidte atá ann, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil faoi láthair, ná go mb'fhéidir go raibh láthair folcaidh oscailte ann—ní raibh fianaise ar bith ann go raibh struchtúr tógtha os cionn an umair. Chomh maith leis sin, toisc go raibh an struchtúr mionsaothraithe agus an foinse uisce saorga ar an láthair, le foinse maith uisce ar an dromchla, tugann sé le tuiscint go raibh iompar deasghnách ar siúl ann.



An tobar agus an t-ardán a bhain leis (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)



Bonn an umair adhmaid á thaispeáint. (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)

# Babhlaí polapód agus potaí íogairt ilchríochacha

*Cuireann Niall Roycroft, Seandálaí an NRA le Foireann an Oirthir, a thuairim in iúl faoin fheidhm a bhí ag pota réamhstairiúil, a raibh cosa air, a fuarthas ar Sheachród Iartharach Dhún Dealgan an M1.*

Tá bonn cruinn a bhfuil cosa nasctha leis, a ligeann dó seasamh, ag babhla polapoid.Tá na babhlaí seo a thagann ón Aois Chalcolithic nó 'Coparaois' (c. 2450–2300 RCh) an-ghann agus caithfidh go raibh feidhm speisialta acu. Fuarthas babhla den chineál seo ag Newtownbalregan 2, Contae Lú le linn tochailte, a d'eagraigh David Bayley ón Irish Archaeological Consultancy Services Ltd ar Sheachród Iartharach Dhún Dealgan an M1. Tá an pota beag, 138 mm ar leithead agus uasairde de 76 mm aige. Tá doimhneacht 44 mm ag an mbabhla féin agus tá na cosa 22 mm ar leithead agus idir 15mm agus 18 mm ar airde. Bhí cúig chos ar an bpota i dtosach ach bhí ceann díobh ar iarraidh nuair a fuarthas é.




An babhla polapoid ó Newtownbalregan, Contae Lú, ar taispeáint ag taispeántas ASI le gairid i Músaem an Chontae, Dún Dealgan (féach lgh. 23–5) (Grianghraf: Niall Roycroft)

Bhí an babhla seo, a ndearna saineolaithe potaireachta réamhstairiúla, Dr Eoin Grogan agus Helen Roche, anailís air, slán, nach mór, agus bhí sé ina sheasamh ceartdíreach i bpoll éadomhain lasmuigh d'fhoirgneamh ciorclach a tógadh idir 2630 agus 2340 RCh Meastar gur fágadh an babhla tábhachtach seo, toisc go raibh sé beagáinín briste, go foirmeálta nuair nach raibh sé úsáideach níos mó.

Bhí a fhios go maith ag an 'Aos Eascra' ag an am seo conas pota le bonn réidh a dhéanamh dá dteastódh uatha. Tá sé soiléir go raibh soitheach a raibh cruth babhla air ag teastáil uatha, sa chás seo agus, de ghnáth, chiallódh sé seo go raibh leacht, a bhí gann agus speisialta, ag teastáil le cur sa phota. Rinneadh anailís ar shaill ó bhabhla polapoid i bPoblacht na Seice agus taispeánadh go raibh céir bheach ann. D'fhéadfadh sé seo a bheith ann chun an soitheach a dhéanamh uiscedhíonach. An dtarlódh sé go mbeadh íogart mar cheann de na substaintí a bhain le potaí mar seo?

Bhí daoine ag déanamh íogairt le breis is 4,500 bliain agus déantar íogart i mbabhlaí. Tá an cháil ar íogart go bhfuil airíonna díleácha sláintiúla ag baint leis agus tugann sé seo tábhacht speisialta dó, go háirithe i Lár agus in Oirthear na hEorpa le dhá mhíle bliain anall. Mar sin, an raibh íogart mar chuid den 'Phacáiste Cultúrtha' a bhí ag an Aos Eascra?

Bhí beagáinín súiche ar bhonn chosa phota Newtownbalregan agus d'fhéadfadh sé seo a thabhairt le tuiscint gur fágadh an babhla ar theas íseal gan deatach, mar shampla, cloch the réidh a raibh beagáinín luaithrigh fós air ón tine. D'fhéadfadh teas mar seo saothrán bainne a choimeád te (38° C) le linn na seacht n-uaire an chloig nó níos mó atá ag teastáil chun íogart a dhéanamh. Chabhródh cosa spréite an phota le scaipeadh an teasa timpeall an bhabhla. Chinnteodh na cosa, chomh maith, go raibh an pota seasta nuair a baineadh an t-insliú riachtanach agus na clúdaigh uaidh.




Atógáil bhabhla polapoid Newtownbalregan. (Líníocht: Eoin Grogan)



Radharc de bhonn íochtair bhabhla polapoid Newtownbalregan; tabhair faoi deara go bhfuil cos ar iarraidh ar an taobh dheis den íomhá. (Grianghraf: Eoin Grogan)



Gar-radharc de bhabhla polapoid Newtownbalregan. Tabhair faoi deara beagáinín súiche ar bhonn íochtair na gcos. (Grianghraf: Niall Roycroft)

# Tochailt, sonraí agus craobhscaoileadh

*Cuireann Deirdre Nic Chárthaigh, Leas-Seandálaí de chuid an NRA leis an bhfoireann Thiar Thuaidh nuashonrú ar fáil ar Bhunachar Sonraí Seandálaíoch idirlíon- bhunaithe an NRA.*

Ón mbliain 1992 go dtí an bhliain 2009 tochlaíodh beagnach 2,300 láithreán seandálaíoch ar 129 scéim bhóithre in Éirinn. Tochlaíodh an chuid is mó díobh seo (83%) ó 2001 (buaicphointe a bhí in 2007 nuair a imscrúdaíodh 653 láithreán) agus thángthas ar an gcuid is mó (92%) as an nua i rith tástáil trinseála sheandálaíoch. Tháinig de thoradh cóid chleachta a comhaontaíodh idir an NRA agus Roinn na nEalaíon, na hOidhreachta , na Gaeltachta agus na nOileán mar a bhí sa bhliain 2000 gur fhostaigh an NRA roinnt bheag seandálaithe. D'fhostaigh na húdaráis áitiúla líon mór acu freisin chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna náisiúnta a bhaineann le bóithre agus chuaigh na seandálaithe seo ina dhiaidh sin, isteach san NRA sa bhliain 2007. Príomheilimint d'obair na seandálaithe NRA is ea soláthar anailís iarthochailte agus craobhscaoileadh faisnéise faoin láithreán don phobal níos leithne a chinntiú. Cuirtear seo i gcrích trí réimse meán lena n-áirítear foilseacháin mar seo agus monagraif scéime an NRA. Príomhchomhbhall eile den straitéis chraobhscaoilte is ea Bunachar Sonraí Seandálaíoch an NRA, a seoladh sa bhliain 2008 (feic *Seanda*, Eisiúint 3 [2008], lch 13).


Is é aidhm an Bhunachair Shonraí, a cruthaíodh trí chomhoibriú idir Roinn TF agus Roinn Sheandálaíoch an NRA, bunachar sonraí de láithreáin seandálaíocha a ghiniúint, a nochtadh ar scéimeanna bóithre, ag cur ar fáil faisnéis bhunlíne agus ag ceadú comparáide idir chainníochtú cineálacha na láithreán, lonnaíochtaí agus tréimhsí dátaithe. Éascaíonn sé freisin scrúdú á dhéanamh ar na cineálacha láithreán go náisiúnta chun cibé patrún a eascraíonn a ghrinniú a chabhródh b'fhéidir agus suímh na láithreán á dtuaradh ar an tírdhreach amach anseo. Tionscadal leanúnach é an bunachar sonraí ar an údar seo : faoi mar a leantar ar aghaidh ag leathnú amach chlár náisiúnta na mbóithre, leanann an bunachar sonraí air ag leathnú faoi mar a fhionntar níos mó láithreán nua. Táthar ag súil freisin, le forbairt leanúnach an bhunachair shonraí, go ngabhfaidh tochailt dheireanach agus tuarascálacha speisialtachta chomh maith le líníochtaí agus grianghraif láithreáin, in éineacht le hiontrálacha a bhaineann le príomhláithreáin áirithe.

Nochtann anailís ar 1,000 láithreán nach mór atá faoi láthair ar Bhunachar Sonraí Seandálaíoch an NRA, roinnt mionsonraí suimiúla. Is í an Chré-umhaois (c. 2400–800 RCh) an tréimhse is mó a bhfuil fianaise le fáil uirthi (35%), a fhad agus nach bhfuil an tréimhse Mhéisiliteach (c. 8000–4000 RCh), ní cuid iontais, chomh minic sin le fáil (1%). I measc na dtréimhsí eile tá leathadh réasúnta cothrom de láithreáin: 7% Neoiliteach (c. 4000–2400 RCh); 8% Iarnaois (c. 800 RCh–450 AD); 6% luathmheánaoiseach (c. 450–1169 AD); 10% meánaoiseach (c. 1169–1550 AD); 8% iarmheánaoiseach (c. 1550-1700 AD); agus 7% luath-nua-aoiseach (iar–1700). Tá samplaí freisin ann de láithreáin ag trasnú tréimhsí ama agus 7% de na láithreáin a tochlaíodh ina láithreáin idirthréimhseacha nó iltréimhseacha. Tá roinnt láithreán (11%) nár sannadh do thréimhse ar bith, de bharr easpa fianaise indátaithe go ginearálta.


Is iad na láithreáin is minice a thochaltar ar scéimeanna bóithre na fulachta fiadh/dumhacha dóite agus leataí dóite (.i. leataí de chloch dhóite agus ithir atá saibhir ó thaobh gualaigh); le fírinne, is den chineál seo láithreáin thar thrian (35%) de na láithreáin uile a thochaltar. Téann a bhformhór siar go dtí an Chré-umhaois ach tá samplaí ann a théann chomh fada siar leis an tréimhse LuathNeoiliteach (c. 4000–3500 RCh) agus chomh deireanach leis an ré luathmheánaoiseach. Léiríonn na sonraí freisin speictream leathan i ndáil le méid agus feidhm fhéideartha na láithreán seo, agus trachanna beaga, neamhlíneáilte, éadoimhne ag roinnt láithreán agus trachanna an-mhór, ilchasta, adhmad-líneáilte ag roinnt eile (feic sampla ar lch 38–9).

Thaispeáin anailís ar na sonraí freisin go raibh 19% de na láithreáin a tochlaíodh tionsclaíoch ó nádúr, mar shampla láithreáin oibrithe miotail, áitheanna agus claiseanna táirgthe gualaigh. Is éard a bhí sna láithreáin eile a fionnadh ar scéimeanna bóithre claiseanna agus teallaigh leislisithe (19%); láithreáin lonnaíochta (12%) a chuimsigh iarsmaí struchtúr sealadach agus níos buaine; láithreáin adhlactha (6%) ag réimniú ó adhlacthaí aonair go reiligí le taisí suas le 1,000 duine agus créamadh agus adhlacadh talún le fáil; liosanna agus clóis (3%); láithreáin talmhaíochta (4%) arb éard atá iontu claíocha, teorainneacha páirce, loirg feirme agus lintéir; agus láithreáin 'eile' (2%) nach féidir a shannadh go héasca d'aon cheann de na catagóirí thuas.

Nuashonraítear Bunachar Sonraí an NRA go leanúnach faoi mar a bhíonn tuarascálacha deireanacha tochailte infhaighte le cur sa chomhaireamh agus is féidir rochtain a fháil ar an mBunachar Sonraí ag: www.nra.ie/Archaeology/NRAArchaeologicalDatabase/.



Dátú na láithreán seandálaíochta atá taifeadta faoi láthair ar Bhunachar Sonraí Seandálaíoch an NRA.



Na cineálacha láithreán atá taifeadfta faoi láthair ar Bhunachar Sonraí Seandálaíoch an NRA.

# Uaimh Thalún ag Baile na Carraige 2


*Tugann Jacinta Ní Chadhlaigh, Stiúrthóir Tochailte agus Páirtí i dTionscadail Seandálaíocha Eachtra mionchuntas ar thochailt uaimh thalún a bhaineann le dún aille ar scéim bhóthair N8 Bhaile Mhistéala–Mhainistir Fhear Maí.*

Roghnaigh daoine de chuid na luath-mheánaoise iomaire aolchloiche suite os cionn na habhann Fuinseann i mbaile fearainn Bhaile na Carraige, Co. Chorcaí, mar láithreán lonnaíochta agus iad ag lorg slándála dóibh féin thairis sin a sholáthair gnáthlios na tréimhse. Thóg siad dún aille anseo agus neartaigh siad a ghné chosanta le huaimh thalún bhreise (a taifeadadh cheana féin i dtaifead na Leachtanna agus na nÁiteanna mar CO27–109). Sholáthair tochailtí anseo, sular tógadh scéim N8 Bhaile Mhistéala–Mhainistir Fhear Maí, fianaise dátaithe ag léiriú go rabhthas i seilbh an láithreáin ón séú go dtí an naoú haois AD.



Suíomh an dún aille ag Baile na Carraige 2, Co. Chorcaí, ar bhruach na habhann Fuinseann. (Líníocht: Tionscadail Seandálaíocha Eachtra)

Struchtúr faoi thalamh í uaimh thalún; díorthaíonn an téarma ón bhfocal Fraincíse *sous,* a chiallaíonn 'faoi' agus *terrain,* a chiallaíonn 'talamh'. Faightear an cineál seo láithreáin go hiondúil go bainteach le lonnaíocht agus láithreáin eaglaise, ach tarlaíonn sé freisin go leithliseach. Taifeadadh thar 220 uaimh thalún i dtuaisceart Chorcaí. Ba í feidhm an uaimh thalún stóráil agus / nó dídean. Bheadh an struchtúr faoi thalamh oiriúnach do stóráil táirgí bia solofa ag teocht bhuan fhionnuar agus do dhídean shealadach na ndaoine agus a gcuid maoine. Tharlódh gur léiriú í an inrochtaineacht nó a heaspa ar cibé acu a bhí an stóráil nó an dídean ina príomhfheidhm de chuid gach uaimh thalún aonair i ndáil leis an mbealach isteach agus na pasáistí. Taifeadadh dhá fhoirm den uaimh thalún in Éirinn, tollánaithe agus tógtha le cloch shingil. Is iad comhbhaill an uaimh thalún bealach isteach, pasáiste nó pasáistí agus roinnt seomraí. Is é an seomra an chuid is tábhachtaí den struchtúr.



Plan of the souterrain at Ballynacarriga 2. (Drawing: Eachtra Archaeological Projects)

Tógadh an uaimh thalún ag Baile na Carraige 2 le cloch shingil agus chuimsigh sí bealach isteach, pasáiste agus seomra. Bhí an bealach isteach 4.7 m ar fhad agus 0.8 m ar leithead agus bhí an pasáiste 5.3 m ar fhad, 1.2–0.6 m ar leithead agus 0.6 m ar airde. Bhain tochailt trí thrinse leis an tógáil. Tógadh ballaí cloiche singile in éadan taobh an bhealaigh isteach agus trinsí pasáiste agus díon lice os a gcionn. Bhí dearadh agus tógáil an tseomra chiorclaigh níos achrannaí agus díon coirbéalta aige.



Tochailt an uaimh thalún ag Baile na Carraige 2.
(Grianghraf: John Sunderland)

Tógadh balla cloiche singile in éadan taobh an tseomra ar airde 0.6m; os cionn an leibhéil seo chuaraigh an balla istigh agus tógadh é le clocha forluiteacha. Ar deireadh bhí cloch mhór dhín os cionn an tseomra. Bhí an seomra 2.6m trasna agus c. 1.2m ar airde.


Bhí suíomh Bhaile na Carraige 2 ar bhruach na habhann Fuinseann go straitéiseach i dtéarmaí ghluaiseacht na n-earraí agus na ndaoine ar an abhainn. Bhí creach na mbó agus an mhoghsaine go forleathan sa tréimhse luath-mheánaoiseach agus níl sé deacair a shamhlú a úsáidí agus a bheadh dídean faoi thalamh i rith na creiche. Thabharfadh leithead cúng an phasáiste, trína bhféadfadh duine fásta dul tríd ar a lámha agus a ghlúine amháin, le fios gur fheidhm dídine go príomha a bhí san uaimh thalún ag Baile na Carraige, bíodh gur ar bhonn sealadach sin.



An taobh istigh den phasáiste. (Grianghraf: John Sunderland)



Díon lindéir an phasáiste. (Grianghraf: John Sunderland)



Próifíl simplithe den phasáiste agus den seomra. (Líníocht: Tionscadail Seandálaíocha Eachtra)



Foireann mhór de sheandálaithe idirnáisiúnta ag tochailt ag Lios an Mhuilinn, Co na Mí, ar mhótarbhealach M3 Chluain Aodha–Cheannanais Mhóir ó thuaidh. (Grianghraf: Archaeological Consultancy Services Ltd)

# Seandálaíocht an Tíogair Cheiltigh—An Radharc de Chéin

*Tairgeann Brendon Wilkins, Bainisteoir Sinsearach Tionscadail le Seandálaíocht Wessex sa RA, peirspictíocht ar an tseandálaíocht Éireannach i ndiaidh an ama a chaith sé ag tochailt anseo i rith blianta an 'Tíogair Cheiltigh'.*

Deich mbliana ó shin d'fhág mé m'fhearann dúchais Yorkshire chun dul ag obair ar thionscadal seandálaíoch scéim bhóithre i gCorcaigh agus tá mé ag dul anonn is anall idir an Bhreatain agus Éirinn ó shin. Fearacht Vincent Vega sa radharc oscailteach de *Pulp Fiction* agus é ag cur síos do Jules Winnfield ar an bhfáth go dtochlaíonn sé an Eoraip, an rud is mó a ritheann liom faoi bheith ag obair mar sheandálaí tráchtála sa dá thír na 'difríochtaí beaga'. Ní hamháin na difríochtaí sa seicheamh seandálaíoch agus in iarsmaí na seachmadachta ach na difríochtaí i dtéarmaí na caoi a dtochaltar an tseandálaíocht go hiarbhír. Sampla: i gcomparáid le sluasaid Éireannach an fheac fhada, tá feac gearr ag an leagan Briotanach atá 3 troigh ar fhad ar éigin agus mionnaíonn siad go mbriseadh rud ar bith éagsúil cnámh a ndroma. Agus ag sos na maidine in Éirinn itheann siad an stuif seo as stáisiún peitril ar a dtugtar 'rollóg bricfeásta' a bhfuil gach rud ann ba mhian le do (thaom) chroí, anuas ar shubstaint rúndiamhrach ar a dtugtar putóg bhán. D'fhéadfainn fad a chur sa scéal.

D'fhill mé ar mo bhaile ar na mallaibh chun socrú síos agus chun oibriú ar scéimeanna bóithre Briotanacha, agus chuir an taithí mé ag machnamh ar imeacht na mblianta. Ar fhoghlaim mé aon rud ó sheandálaíocht an 'Tíogair Cheiltigh', agus, má d'fhoghlaim mé, cad iad na léargais a thabharfadh sin dom ar an gcaoi a gcleachtar an tseandálaíocht i mo thír féin? Nuair a scríobhann scoláirí sa deireadh thiar stair bhorradh sheandálaíocht an Tíogair Cheiltigh, tá argóint láidir le déanamh gur thosaigh sé go díreach ag 9.00 am ar 22 Feabhra 2002 agus gur chríochnaigh sé ag 2.00 pm go díreach ar 6 Samhain 2008. Tionóladh dhá sheimineár NRA ar an dá lá sin agus cé nár thaibhsigh siad ina gcora cinniúnacha ag an am, thaispeánfadh an t-iarchonn go bhfuil siad ar dhá thaobh na tréimhse sin ina raibh Éire ar an tír ab fhearr ar domhan chun a bheith i do sheandálaí inti.

Bhí an chéad seimineár NRA sa bhliain 2002 ceaptha chun na doirse a oscailt do chomhairleachtaí idirnáisiúnta seandálaíocha faoi mar a scoith an t-éileamh ar sheandálaithe faoi stiúir na tógála an soláthar go fada. Bhí mé i bhfastó sa chéad tonn seo den saothar inimirceach agus chuaigh mé isteach sna ranganna le flosc mar sheandálaí turais. Nocht an dara seimineár sa bhliain

2008 foirm nua an chonartha sheandálaíoch de chuid an Roinn Airgeadais. Faoin tréimhse sin bhí arda míobhánacha na bainisteoireachta tionscadail sroichte agam agus faoi mar a bhreathnaigh mé timpeall an tseomra, ní hé amháin nach raibh aon chomhlachtaí idirnáisiúnta ag freastal ach ní raibh ach scata beag de chomhlachtaí Éireannacha tagtha i gcuibhreann freisin.

Is í an tseandálaíocht tráchtála an canáraí sa mhianach guail–is é an chéad ghnó na malartuithe is fainne i sláinte an gheilleagair níos leithne a mhothú–agus bhí an phrognóis sa Bhreatain Mhór in earr na bliana 2008 chomh dona céanna agus a bhí in Éirinn. Fostaítear móramh na seandálaithe sa dá thír chun oibriú ar thionscadail faoi stiúir na forbartha, agus tá a gcuid scileanna éigeantach do dhuine ar bith a bhfuil an mhuinín ghnó aige chun infheistiú sa cheadú pleanála. B'fhéidir go dtabharfaí 'Seandálaíocht Rumsfeldeach' ar an struchtúr seo agus é ag leabú na seandálaíochta sa phróiseas pleanála toisc go bhfuil an míniú is fearr air le fáil i bhfocail an fhile eisigh (agus Iar-Rúnaí Stáit na SA um Chosaint) Donald Rumsfeld san aitheasc '*aithnidí aithnide, anaithnidí aithnide, agus anaithnidí anaithnide* a thug sé.

Sa Bhreatain agus in Éirinn araon ní mór go dtiocfaidh measúnú éifeachta roimh fhorbairtí ar mhórchóir san áit go bhfuil iarsmaí seandálaíocha ina gcomaoin ábhartha (is iad seo ár *n-anaithnidí aithnide,* más mian leat). I gcás na scéimeanna bóithre, seachnófar na láithreáin aithnide seo, nuair is féidir, agus feidhmeofar staidéar deascbhunaithe ar léarscáileanna agus doiciméid nó teicnící eile neamhionracha chun measúnú a dhéanamh ar an talamh atá in aice na láithreán seo, nó ár *n-anaithnidí anaithnide.* Má bhíonn acmhainn seandálaíoch aige seo, ní mór trinsí tástála a thochailt chun doimhne, nádúr agus fairsinge na sraitheanna seandálaíocha a luacháil chun a shocrú cibé acu a leanfar ar aghaidh le tochailt iomlán.

An rud atá éagsúil in Éirinn nach bhfuil na trinsí seo dírithe timpeall limistéar aithnid acmhainne amháin. Le fírinne, déantar tástáil uileghabhálach ar an dorchla bóthair ina iomláine agus trinse lárlíne ag rith ó thosach go deireadh deartha chun teacht ar na *hanaithnidí anaithnide* seo a thitfeadh tríd an líon faoi chóras ar bith eile. Mór-infheistíocht é seo i 'gceann tosaigh' na n-oibreacha seandálaíocha roimh thógáil i gcomparáid le dáil na Breataine áit a ndéantar tástáil ar chéatadán níos lú den dorchla bóthair. Beartaítear an mhórchuid den obair sheandálaíoch ar thionscadail na mbóithre móra sa RA i rith na tógála, le stráice den bhóthar agus faireachán déanta air d'fhonn a chinntiú nach gcailltear aon *anaithnidí anaithnide.* Difríocht suntasach é seo toisc go gceadaíonn an córas Éireannach níos mó ama chun pleanáil a dhéanamh don tseandálaíocht gan choinne a d'fhéadfadh sceideal na tógála a chur i mbaol.

B'fhéidir gurb é an fáth go bhfuil an córas seo faoi bhrú ama soláimhsithe sa Bhreatain go bhfuil teacht i láthair acu i leith na tochailte atá éagsúil go bunúsach. Tugaimis an t-easaontas Angla-Éireannach air: toimhde i leith na 'seandálaíochta iomláine' in Éirinn agus i leith na 'seandálaíochta samplaí' sa



Sampla den tástáil trinseála ar scéim bhóthair Éireannach. (Grianghraf: John Sunderland)



Clós de chuid na hIarnaoise á thochailt ar Sheachród N9/N10 Cheatharlach. (Grianghraf: Headland Archaeology Ltd)

Bhreatain. Sa RA is é an norm láithreáin a thochailt go samplach, ar ráta 10% de gach gné líneach, 50% de ghnéithe discréideacha agus 100% de struchtúir. Stiúrtar éifeacht na tógála trí threoir phleanála agus cleachtar modheolaíocht fhadhbdhírithe tochailte samplaí chun an chuid nach mbaineann le hábhar a shíothlú amach. In Éirinn, pléitear le gach seandálaíocht amhail is go bhféadfadh sí a bheith uathúil, ag éileamh tochailt 100% agus caomhnú de réir taifid. Frithgheallann creatlach dlíthiúil tiomanta gach cinneadh a bhféadfadh éifeacht a bheith aige ar an oidhreacht seandálaíoch agus níor mhór do thochailt iomlán na láithreán agus na ngnéithe uile a theacht roimh aon fhorbairt mholta.

Ach baineann costais níos mó le cainníochtaí níos mó a thochailt freisin, agus má bheartaítear é seo ar mhaithe le leas an phobail ní mór an cheist a chur an ionann níos mó tochailte agus luach ar airgead? Cé acu a dhéanann níos fearr é, na Briotanaigh nó na hÉireannaigh? Ag glacadh leis an bhfachtóir costais forleatach tá an chuma ar an scéal gurb iad na Briotanaigh na gaoil bhochta, agus tochailtí gann ar fhoireann agus gann ar acmhainní–ní 'caomhnú de réir taifid' ach 'léirscrios diúltaithe' níos mó. Ach b'fhéidir go bhfreagróidh siad trí dhlí an toraidh laghdaithigh a lua, ag seasamh air gur bealach níos fearr go hiarbhír é an teacht i láthair samplach chun an chuid nach mbaineann le hábhar a shíothlú, i gcomparáid leis an tiomsú faisnéise as éadan a chleachtann an múnla Éireannach. Is féidir leis na hÉireannaigh a gcosaint a shonrú chomh feidhmiúil céanna: tá Acht na Leachtanna Náisiúnta chomh ceanúil céanna ar a chuid páistí uile, agus is é an teacht i láthair as éadan seo go díreach a chumhdaíonn an tseandálaíocht ar an mbrú tráchtála.

Céard a d'fhoghlaim mé más ea, go pearsanta, ag aistriú idir an Bhreatain agus Éirinn–dhá thír atá deighilte ag an teanga chéanna? Ar an gcéad dul síos, go bhféadfadh argóint mar seo a bheith fraochmhar le 800 bliain gan réiteach. Agus ar an dara dul síos, trí pheirspictíocht 'strainséara' a ghlacadh, feicim gur aistrigh seandálaithe ón dá thír go neamhspleách i dtreo bhunús éigin caibidlíochta. I dtosach na bliana 2010 d'athsholáthair na Briotanaigh an doiciméad pleanála a chuir an nath 'caomhnú de réir taifid' sa chúrsaíocht, le ráiteas nua ag cinntiú gur féidir leis an tseandálaíocht an 'leas poiblí' a chur i gcrích. Ar an gcuma chéanna in Éirinn, tá an cheist maidir le cibé acu atá na straitéisí inchuspóra faoi athbhreithniú an rialtais faoi láthair, agus táthar ag súil go díocasach le leasuithe forleathana. Tugann na hathruithe polasaí seo le fios go raibh seandálaithe ón dá thír i ngleic le heasnaimh ó bhroinn a gcuid creatlach agus prionsabal, agus tá an t-uafás le gnóthú trí bheith ag foghlaim óna chéile.

Sa deireadh thiar is í an tuiscint chomhroinnte seo a bhéarfaidh mé liom ó mo thaithí oibre in Éirinn. Deis iontach a bhí i gclár seandálaíochta an Tíogair Cheiltigh do sheandálaí óg agus thug sé foras agus fairsingeacht eolais agus scileanna dom nár shamhlaigh mé riamh dá bhfanfainn sa bhaile i Yorkshire. I rith na mblianta taghdacha sin, bhíodh iontas orm i gcónaí de bharr mianach na láithreán, scála na dtionscadal agus cineál idirnáisiúnta na bhfoirne nár aistrigh níos mó seandálaithe Briotanacha go hÉirinn. Faighim nath ó aois eile ar iasacht, 'B'aoibhinn sa chamhaoir sin a bheith beo, ach ba neamhaí ar fad a bheith óg!'

# Ag tógáil ar bhunsraith thathagach: tochailtí ag lios Ráth Mhuirisín

*Déanann Martin Jones, Leas-Seandálaí le foireann an Lár-Iarthair, agus Tony Bartlett, Stiúrthóir Tochailte le Headland Archaeology Ltd, staidéar ar stádas áitritheoirí anallód leasa mheánaoisigh a tochlaíodh ar an M17 i gCo. Na Gaillimhe.*

Go díreach ag an gceann ó dheas den scéim mhótarbhealaigh M17 Gaillimh- Tuaim sínte fán dá thaobh den bhaile fearainn idir Caisleán Lampart agus Ráth Mhuirisín tá lios le fáil ar thalamh féaraigh réidh droimneach le radhairc mhaithe i ngach treo, agus droimníní ísle ag brú isteach go hócáidiúil. Tá 60% go hachomair den lios ag luí taobh istigh de lorg coise an bhóthair mholta nua agus tá sé á thochailt faoi láthair ag foireann seandálaithe faoi stiúir Tony Bartlett, do Headland Archaeology Ltd.



Trasghearrthacha trí chlaí fálaithe ag lios Ráth Mhuirisín, Co. na Gaillimhe. (Grianghraf: Martin Jones)

Tá an lios féin réasúnta simplí. Tá an clós ciorclach 50m trasna agus is struchtúr aontoiseach é, a chiallaíonn go bhfuil claí aonair aige le bruach inmheánach atá cruthaithe as ábhar teilgthe suas ó thochailt an chlaí. Tá an claí V-chruthach 4m ar leithead agus níos mó ná 2m ar dhoimhne. Chruthódh sé seo cosaint shuntasach ann féin, ach in éineacht le bruach atá níos mó ná 1m ar airde ba chonstaic scanrúil é i mbealach lucht creiche féideartha. Tá an bealach isteach aonair don chlós soir ó thuaidh agus pábháilte go néata. Tá comharthaí ann de shraodbhalla cloiche ar aghaidh allamuigh an bhruaigh. Meastar go bhfuil gnéithe cosúla le fáil ag an Ráth ag Feerwore, Co. na Gaillimhe agus ag Ardchluain, Co. Mhaigh Eo, áit inar míníodh fosuithe cloiche ag bun na gclaíocha mar iarsmaí de shraodbhaile seachtrach. Meastar go bhfuil ballarach ag gach aon taobh den bhealach isteach ag Ráth Mhuirisín i gceist freisin, agus is d'fhonn gné chosanta an chlóis a mhéadú é seo agus an sraodbhalla is dócha (agus bónas breise ba ea go raibh sé taitneamhach go haestéitiúil).

Is gann í an fhianaise ar an ngníomhaíocht laistigh, le hais na hiarrachta soiléire a tugadh agus an bruach agus an claí á dtógáil, ach tá a bhfuil ann go suntasach. Thángthas ar dhúshraith dhá struchtúr chiorclacha i dtreo teorainn ó dheas an chlóis, 3m éigean scartha ó chéile; ceann amháin arb é atá ann trinse éadomhain (a mheastar a bheith ina chró ainmhí nó a chosúlacht), an ceann eile atá ina áit chónaithe de shórt éigean go soiléir. Léirigh suirbhé geofisiciúil ar an taobh thall de dhorchla an bhóthair nach raibh aon struchtúir shubstaintiúla sa chuid sin den lios.

Tá an trinse bunsraithe ciorclach den teach dealraitheach 4.7m trasna go hinmheánach agus 5.7m trasna go seachtrach, 0.55m ar leithead go meánach agus 0.5m ar dhoimhne go meánach. Tugadh faoi deara cainníochtaí móra cloiche ar feadh fad iomlán an trinse agus míníodh iad mar phacáil a thacódh na codanna ualachbheirthe agus ballaí an tí. Ní minic a mhaireann na codanna orgánacha seo, ach is cosúil gur dódh an teach seo in aon turas nó de thimpiste sa chaoi go maireann grágáin dóite na gclár adhmaid—agus an ithir a úsáideadh chun iad a phacáil in áit—*in situ*. Nocht an tochailt chúramach iarsmaí cúig chlár adhmaid ar a laghad is cosúil. De bhreis orthu seo thángthas freisin ar bhiorán cumaisc iarainn/comh-mhiotal copair (a d'fhéadfadh a bheith ina bhiorán fáinneach), lann iomlán scine iarainn (bhí cos na scine lofa i bhfad ó shin) agus cúpla blúire de mhiotal feiriúil i rith tochailt na bunsraithe.

Taispeánann roinnt liosanna eile i lár agus in iarthuaisceart na hÉireann fianaise chosúil. Fuarthas amach go raibh struchtúir chiorclacha nó ubhchruthacha ag Carraig Odhráin, Co. an Chláir, Meacnaigh, Co. na Gaillimhe agus Letterkeen, Co. Mhaigh Eo idir 4.8m agus 5.4m trasna agus thaispeáin siad fianaise gur tógadh iad le cuaillí nó cláir. Ag Teach 1 (4.6m trasna) Lislackagh, Co. Mhaigh Eo, tugadh faoi deara iarsmaí dóite ballaí caolaigh agus dóibe (a dódh *in situ* is cosúil) agus thángthas ar chuid de cheann bioráin freisin i rith tochailt iarsmaí na bunsraithe. Ag an láithreán i Letterkeen thángthas ar bhiorán umha sa trinse



Mionsonra de chlocha pacála i dtrinse bunsraithe an chruinntí. (Grianghraf: Tony Bartlett)



An bealach isteach don chruinnteach. (Grianghjraf: Tony Bartlett)

bunsraithe agus fionnadh biorán umha freisin i rith na dtochailtí ag Ardchluain i gCo. Mhaigh Eo.

Tugann méid an tí ag Ráth Mhuirisín le fios go raibh ócaire, saoirseach, i seilbh an láithreáin; neamh-nemed ('coisricthe, naofa' go beacht ach a bhfuil an bhrí níos cruinne 'pribhléideach' aige sa mhéid go dtagraíonn sé do ríthe nó flatha, cléirigh agus filí). Is féidir an téarma a aistriú mar 'saoirseach óg' a bheadh i seilbh a thalún féin agus é ina chéile (nó cliant) ag flaith. Uaidh seo gheobhadh sé taurchreicc (feod) ocht mbó agus ina chúiteamh seo chuir sé ar fáil don fhlaith bés tige (cíos um bia) agus roinnt seirbhisí. Tugann an téacs dlí de chuid an ochtú aois Críth Gablach mionchuntas ar an maoin a bhí i seilbh duine de stádas an ócaire, a chuimsigh áit chónaithe 5.7m (trasna) agus airchae (teach amuigh) 4m. Ní luaitear go sonrach ach tá údar ann le creidiúint gur trastomhas seachtrach a bhí sa tomhas seo don áit chónaithe. Más amhlaidh atá tagann sé go beacht le toisí an struchtúir chónaithe i Ráth Mhuirisín.

Tá bealach isteach an tí i dtreo an oirthuaiscirt—faoi dhéin bhealach isteach an leasa féin agus an struchtúir eile go díreach ó thuaidh—agus tá sé 0.8m ar leithead. Is cuid spéise freisin láithreánú dlúth an struchtúir eile seo. Tugann fianaise tochailte reatha le fios go mb'fhéidir gur cró ainmhí de shórt éigean é agus is cosúil go dtugann an fhianaise i scríbhinn tacaíocht dó seo. Maidir leis na *Ancient Laws of Ireland* luann an seandálaí A T Lucas go raibh suas le ceithre struchtúr, 'teach [na flaithe]... agus cró na gcaorach agus bóithigh na laonna agus na ndamh'... coitianta taobh istigh de chlós.

Den 128 lios a tochlaíodh go náisiúnta idir 1930 agus 2004, tá mórchuid díobh ina samplaí de lonnaíochtaí de stádas íseal bunaithe ar chainníochtaí de mhíreanna teaghlaigh, talmhaíocha nó tionsclaíocha ar thángthas orthu i rith na tochailte. B'fhéidir gurbh í príomhfheidhm go leor díobh seo fálú na n-ainmhithe agus tá comhthréithe i bpáirt acu, lena n-áirítear fríotha de mhianach/chainníocht íseal nó iad araon, chomh maith le fianaise ar thréimhse seilbhe réasúnta gearr. Is cosúil go dtacódh sé seo áitriú de chuid na ngrád sóisialta níos ísle saoirseach (feirmeoirí *ócaire* agus *bóaire)* ag Ráth Mhuirisín agus go ginearálta, a gcuirtear síos air i bhfoinsí stairiúla an seachtú agus an ochtú aois.



An cruinnteach ag lios Ráth Mhuirisín. (Grianghraf: Tony Bartlett)

# Cuimhne ar an mBás ag Mullach, Co. Longfoirt

*Tuairimíonn Fionóla Ní Chearbhaill, comhbhunaitheoir agus páirtí sinsearach seandálaíoch de chuid CRDS Ltd ar reilig dhearmadta mheánaoiseach ar Sheachród N5 Longfoirt.*

Tochlaíodh ar na mallaibh uaigheanna 56 duine, a dearmadadh le fada agus a adhlacadh ar chnoc íseal timpeallaithe ag talamh mhóintiúil ag Mullach, Co. Longfoirt, 1.95 km siar ó bhaile Longfoirt. Thochail an Stiúrthóir Tochailte Mandy Stephens agus a foireann ó CRDS Ltd an láithreán i samhradh 2009 ar thángthas air i rith tástála de chuid TVAS Ltd roimh thógáil Sheachród N5 Longfoirt. Bhí áith triomaithe arbhair suite ar mhullach an chnoic in iarthar an láithreáin agus nochtadh freisin fianaise ar ghníomhaíocht talmhaíoch mheánaoiseach i riocht claíocha agus lintéar.

Bhí an reilig lonnaithe ag an gceann ó thuaidh den láithreán agus leathann sí ar an taobh thall dá teorainneacha, agus an cnuasach is dlúithe uaigheanna in iarthar an limistéir. Scrúdaigh an tOistéisheandálaí Ciara Travers de chuid CRDS Ltd na huaigheanna seo. Bhí 38 duine fásta agus 18 ógánach agus bhí drochbhail ar an gcuid is mó de na taisí. Bhí mórchuid díobh nár caomhnaíodh ach go pointe agus scoilt siad ar iad a ardú—de thoradh na gníomhaíochta talmhaíoch níos deireanaí agus aigéadacht na hithreach.


Bhí an chuid is mó de na hadhlacthaí aghaidh aníos agus an ceann siar agus na cosa ó dheas. Tá sé seo ag teacht leis an tráidisiún Críostaí maidir le hadhlacadh na marbh agus an ceann suite chun aghaidh a thabhairt ar an ngrian agus í ag éirí. Bhí eisceachtaí sa mhéid gur adhlacadh ceathrar agus an ceann soir, duine eile a adhlacadh agus an ceann ó dheas agus duine eile agus an ceann ó thuaidh. Tugann suíomh na n-adhlacthaí, na cosa agus na glúine go dlúth le chéile agus na lámha timpeall an limistéir pheilbhigh, le fios go raibh siad timfhillte i gcumhdaigh nó i mbrait chasta de chineál éigean, cé nach bhfuarthas aon bhioráin chumhdaigh.

Adhlacadh duine amháin, fireannach iarmheánaosta ina luí béal faoi san uaigh. Bhí a lámh chlé camtha ar chúl agus lúbtha ag an uileann agus rí na láimhe agus an lámh féin leagtha faoina chabhail. Bhí a lámh dheas sínte fán taobh deas agus casta ar chúl go hamscaí agus bhí a chosa leata agus lúbtha ar chlé. Glactar leis gur comhartha easurrama ar an duine na hadhlacthaí seo béal faoi agus léiríonn suíomh amscaí an adhlactha nár cumhdaíodh an duine seo agus go mb'fhéidir gur caitheadh isteach san uaigh é go simplí.

Idirghearradh roinnt uaigheanna, a thabharfadh le fios go mb'fhéidir go raibh uaigheanna teaghlaigh ann. Go nuige seo dátaíodh cúig adhlacadh ag feidhmiú raideacharbóin, ag tabhairt réimse ón 14ú aois isteach is amach go dtí lár/meán an 18ú aois, ag réisiú tréimhse 250–300 bliain go hachomair. Baineann an dáta 1320–1440 AD leis an adhlacadh is luaithe, bean idir 25 agus 35 bliain d'aois.

Bhí an láithreán anaithnid roimh thástáil agus níl aon bhaint léir aige le teampall nó bunú eaglaise eile sa limistéar. Cé go mb'fhéidir go raibh láithreán teampaill anaithnid thar theorainneacha na tochailte seo, tharlódh go mbeadh baint ag an reilig le láithreán caisleáin féideartha (Taifead na Leachtanna agus na nÁiteanna Uimh. LF013-023) de dháta éiginnte, suite achar gearr siar ó thuaidh ar thailte Theach Mhullaigh, 300m ón reilig. B'fhéidir gur ó lonnaíocht chóngarach nár aithníodh a bhaineann leis an gcaisleán agus/nó Teach Mhullaigh, an daonra atá adhlactha sa reilig. Is cinnte go mbeadh topagrafaíocht an limistéir oiriúnach don lonnaíocht toisc gur chuir sé ar fáil cosaint nádúrtha, fearann talmhaíochta draenáilte go maith agus acmhainní nádúrtha eile.

Tá fianaise chlóis mhóir a d'fhéadfadh a bheith fochiorclach timpeall Theach Mhullaigh agus láithreán an chaisleáin le tuiscint ón bpatrún páirce ar an gcéad eagrán (1837) de léarscáil sé orlach an limistéir de




Plean iarthochailte den reilig ag Mullach, Co. Longfoirt. (Líníocht: CRDS Ltd)

chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Má bhí a leithéid ann b'fhéidir gur fhálaigh sé tailte cóngarach don chaisleán, lena n-áirítear an reilig. Ní bhfuarthas aon fhianaise ar chlós i rith na tástála nó tochailt iomlán an láithreáin. Tugann léarscáil Suirbhéireachta Down 1655 cuntas ar áitreabh substaintiúil ar bharr cnoic i mbaile fearainn Mhullaigh ar le Mr John Kennedy éigean é. Bhí an 17ú aois ar cheann de na haoiseanna ab fhuiltí i stair na hÉireann. Chuir dhá thréimhse den chogadh catharga (1641–53 agus 1689–91) díth mhór beatha faoi deara agus díshealbhaíodh an aicme Caitliceach Éireannach a raibh úinéireacht na talún acu go raibh siad faoi réir ag na Péindlithe dá bharr. Faoi dhaonáireamh 1659, taifeadadh 15% go hachomair de dhaonra Longfoirt mar Phrostatúnach. D'fhágfadh méid choibhneasta an daonra Phrostatúnaigh nár mhór talamh a ligean amach ar cíos do Chaitlicigh, a bhí ansin ina dtionóntaí substaintiúla ar fheirmeacha i seilbh na bProtastúnach.




Adhlacadh baineannaigh, idir 20 agus 30 bliain d'aois, aghaidh aníos agus fianaise ar chumhdach. (Grianghraf: CRDS Ltd)



Adhlacadh fireannaigh, 33–45 bliain d'aois, ina luí béal faoi, gan aon fhianaise ar cheangal nó cumhdach. (Grianghraf: CRDS Ltd)

B'fhéidir gur úsáid an tUasal Kennedy agus a thionóntaí áitrithe Protastúnacha reilig Mhullaigh i rith tréimhse nach raibh aon teampall i Longfort don phobal Protastúnach. Tharlódh gur ghlac siad seilbh ar thalamh adhlactha a bhí ann cheana féin, bíodh go raibh sí sin neamhfhollasach b'fhéidir. Ina áit sin, b'fhéidir gur úsáid tionóntaí Caitliceacha agus oibrithe í a bhí teorainnaithe ag cleachtadh a gcreidimh faoi na Péindlithe.




Sliocht as léarscáil pharóiste de chuid Suirbhéireachta Down 1655 ag tabhairt cuntais ar áitreabh substaintiúil ag Mullach arbh le 'Mr John Kennedy' é. (Arna atáirgeadh le cead Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)

# Bás Reilige

Nuair a léann daoine faoi thochailt reilige stairiúla a bhí anaithnid cheana féin, tá sé deacair orthu a dhéanamh amach cén chaoi a bhféadfadh áit chomh lárnach sin i saol an phobail téaltú léi isteach sa tírdhreach, caillte ag cuimhne na ndaoine go dtí gur thángthas uirthi arís, de thaisme, na céadta bliain ina dhiaidh sin. Is é caillteanas an oiread sin daoine ar fud na tíre leis an mbás agus an imirce i rith an ghorta agus níos deireanaí leis an gcathrú na príomhchúiseanna is dóichí faoi deara easnaimh dá sórt sa dinnseanchas. Gan dabht, bhí éifeacht freisin ag athdháileadh na talún Caitlicí, a coigistíodh i rith plandálacha an 16ú agus an 17ú aois.

In *Historical Notes and Stories of County Longford,* a foilsíodh in 1886, taifeadann James P Farell toghail reilig Chill Bhríde ag Corteen i mbaile fearainn Mullolagher c. 1.5 km siar ó dheas de Mhullach. Agus é ag scríobh faoi dhuine de chéadbhaill chlann Levinge a chónaigh ansin, luann Farell gurbh 'fhear é a bhí corrmhéiniúil, colgach agus tallanach ina bhéasa'. Bhí reilig Chill Bhríde suite ag ceann amháin dá fheirm agus go gairid i ndiaidh dó seilbh a ghlacadh ar na tailte ó Mhuintir Uí Chinnéide Theach Mhullaigh, thoirmisc an tUasal Levinge adhlacthaí inti. Cuireann Farell síos ar ar lean de réir tuairisce:

> *'...an t-earrach ina dhiaidh sin chuir sé capaill agus céachta ag obair, agus, i ndiaidh dó an reilig a shaothrú, chuir sé barr mór coirce inti. I rith an tsaothraithe thochail sé clocha cinn, cnámha, blaoscanna agus píosaí de chónraí: ach, beag beann ar an tsacrailéid a bhí sé a dhéanamh—sacrailéid ab uafásaí go mór dár lena chomharsana Caitliceacha uile—choinnigh sé air ag saothrú an ghiodáin talún go dtí gur lig sé chun féir arís í sa chaoi nach raibh fágtha mar chuimhne ar Reilig Chill Bhríde ach cúpla seanchloch a luíonn anois sa chlaí a bhí mar theorainn tráth ar an reilig. '*

Gan dabht ba chaillteanas uafásach é seo, ach bhí tuilleadh le teacht. 'Bhuail nóisean aisteach eile a chomharba, gach aon lios ar marthain a leagan agus leibhéal na gcodanna istigh a shaothrú'.

*Michael Stanley, Seandálaí UBN, Ceannoifig UBN.*

# Clós agus Lonnaíocht Neoiliteach gan ríochan ag Tulach Éide

*Cuireann an Stiúrthóir Tochailte, Hilary Ní Chéileachair achoimre ar fáil ar a himscrúdú ar lonnaíocht uathúil Neoiliteach ag Tulach Éide, Co. Thiobraid Árann, a thochail sí thar ceann Roinn na Seandálaíochta, Ollscoil Chorcaí.*

Am éigean i rith an ceathrú mílaois RCh thosaigh daoine Neoiliteacha, a bhí ina gcónaí i réigiún Thuaisceart Thiobraid Árann, ar thionscadal mór tírdhreachaithe ar chnocán nádúrtha de bhunús oighreach ag Tulach Éide, an tAonach, c. 5km soir ó Loch Deirgeirt. Ar an dumha seo bhunaigh siad coimpléasc lonnaíochta imfhálaithe a raibh mórchuid de cairéalaithe san am a chuaigh thart. Níor fhan arna thochailt ach iarsmaí seandálaíocha gan aon chur isteach orthu ar fhánaí íochtaracha an dumha. Sa bhliain 1997–8, thochail Cia Mc Conway de chuid na Seirbhísí Forbartha Seandálaíocha Teo. an láithreán seo go pointe roimh thógáil Seachród N7 an Aonaigh; níor mhór tochailtí breise a thionscnamh sa bhliain 2006 de bharr tógáil mhótarbhealaigh M7 an Aonaigh–Luimnigh.


Mínítear Tulach Éide mar lonnaíocht imfhálaithe Neoiliteach agus suíonn dátaí raideacharbóin infhaighte an ghníomhaíocht sa tréimhse 3700–3390 RCh. Ag tréimhse na lonnaíochta i dTulach Éide bhí leibhéil na mara níos airde ná mar atá siad inniu agus tuileadh an chúlchríoch íseal faoin gcomhrian 50 troigh. Comharthaíonn talamh phortaigh chothromach timpeall an láithreáin anois an loch anallód. Loch mór de chineál ribín a bhí sa tírdhreach mórthimpeall ag síneadh isteach sa tSionainn agus ag cur ar fáil dul amach agus teacht isteach le bád do na háitritheoirí.

Taifeadadh imeall locha, a bhí comhaimseartha b'fhéidir leis an lonnaíocht Neoiliteach ar an taobh ó dheas agus soir ó dheas agus ní foláir nó gur chruthaigh sé constaic nádúrtha nó gné imfhálaithe ar an taobh sin. Chomharthaigh banda duirleog líne an tseanchladaigh agus bhí an seanloch le feiceáil mar mhóin a chruthaigh thar mharla locha. Pailis a bhí san eilimint imfhálaithe tacair-thógtha ar feadh an taoibh thiar- thuaidh agus thiar den dumha oighreach seo. Tógadh an phailis le cláir darach suite i dtrinse sliotáin agus bhí an fad taifeadta arna tochailt 96m. Taispeánann dáta raideacharbóin de 3641–3524 RCh ón bpailis go raibh sí comhaimseartha leis an lonnaíocht.

Chuimsigh an fhianaise lonnaíochta ar marthain dhá theach Neoiliteacha, agus teallaigh bhainteacha, tógtha taobh istigh de log ar an taobh soir ó dheas den dumha. Tharlódh gur chiteal oighreach a bhí sa log go bunúsach (réimse uisce éadomhain dríodar-líonta cruthaithe ag oighearshruthanna ag cúlú) a doimhníodh chun fothain a chur ar fáil do thithe. Bheadh an radharc óna tithe i dtreo an locha. Bhí na tithe dronuilleach de réir plean agus measúnaítear go raibh struchtúr amháin





An dumha ag Tulach Éide, Co. Thiobraid Árann, i rith na tochailte. (Gach íomhá: Roinn na Seandálaíochta, Ollscoil Chorcaí)



Atógáil an tírdhreacha ag Tulach Éide sa tréimhse Neoiliteach

timpeall 6–7m ar fhad agus 5m ar leithead, agus an dara struchtúr 9m ar fhad agus 7m ar leithead ar a laghad. Cláir darach de réir cosúlachta, a bhí sna ballaí agus iad suite i dtrinsí bunsraithe. Clocha bró a bhí i roinnt de na clocha pacála, a úsáideadh in aon turas b'fhéidir mar chuid de na bunsraitheanna i ngníomh deasghnách éigean, faoi mar a dhéanaimid inniu nuair a chuirtear boinn i mbunsraith tithe. Tá dátaí na struchtúr seo c. 3650 RCh. Tochlaíodh iarsmaí an tríú teach Neoiliteach gar do chladach an locha agus bhí sé seo dronuilleach arís de réir plean ach réasúnta beag ag tomhas 3.5m ar leithead agus 4m ar fhad.

Ceann de na gnéithe ba shuntasaí den láithreán ba ea líon na gclaiseanna a taifeadadh. Leath siad seo trasna an láithreáin iomláin, agus claiseanna móra eisceachtúla créafóg-ghearrtha siar ó dheas áit a raibh an talamh íseal; ach taifeadadh claiseanna freisin in aghaidh na fána, áit ar gearradh isteach iad sa dumha oighreach. Chuimsigh fríotha óna claiseanna uirlisí cloiche cosúil le cinn tua de chloch shnasta, soithí cré agus iarsmaí gualaithe plandaí, lena n-áirítear cruithneacht, coirce agus eorna. Is é an míniú atá ar na claiseanna seo b'fhéidir, ar an leibhéal is comónta, gur láithreáin dramhaíola a bhí iontu, ach b'fhéidir go raibh gníomh deasghnách de chineál éigean trínar tugadh ar ais go dtí an chré ónar tháinig sé ábhar ríluachmhar.


Cladach an tseanlocha comharthaithe ag dromchla duirleoige.


Trinse pailise ag imfhálú na lonnaíochta.



Ceann de na tithe i rith na tochailte.

B'fhéidir gur dódh na tithe Neoiliteacha agus nuair a tréigeadh na foirgnimh clúdaíodh iad le sraitheanna cré a bhí saibhir ó thaobh gualaigh. Chuimsigh fríotha óna sraitheanna seo cinn tua de chloch shnasta, reanna saighde, scríobáin, soithí cré agus an chainníocht is mó agus an t-ilchnuasach is fairsinge d'iarsmaí plandaí ar an láithreán. Taifeadadh cainníochtaí móra de chonamar na mogall collchnónna i mbeagnach gach sraith. Fuarthas gráinní arbhair de chruithneacht go príomha agus roinnt eorna agus cainníocht substaintiúil de shíol úill sna sraitheanna cré. Tá dáta raideacharbóin 3699–3639 RCh ar na sraitheanna a úsáideadh chun an lonnaíocht tréigthe a dhúnadh. Bhí sraitheanna cré saibhir ó thaobh gualaigh in áiteanna eile ar an láithreán comhaimseartha le hiarthréigeadh na dtithe Neoiliteacha agus thug an chuid mhór soithí cré le fios gur dhíorthaigh na sraitheanna ó fhosuithe cónaithe. Dhún na sraitheanna iarthréigthe seo freisin an chuid is mó de na claiseanna.

Léiriú ar thréimhse níos deireanaí den ghníomhaíocht Neoiliteach is ea éiritheacht sraitheanna níos mó ná 1m de thill oighreach ar an bhfána íochtarach. D'athraigh an ghníomhaíocht seo go suntasach comhrianta an dumha. Dhún sraitheanna de ghaineamh/glár/gairbhéal measctha dromchla na seantalún. Leath an till oighreach éiritheach ón talamh íochtarach mhóintiúil mórthimpeall ó thuaidh agus siar go líne chladaigh an tseanlocha ó dheas agus soir ó dheas. Tarrtháladh fríotha óna sraitheanna seo, a fuarthas i rith na tochailte, lena n-áirítear 50% d'uirlisí cloiche, soithí cré agus cinn tua de chloch. Tugann na fríotha le fios go mbaineann imlíonadh na fána íochtaraí leis an tréimhse Mheán-Neoiliteach (c. 3500–2800 RCh) go dtí an Luath-Chré-umhaois (c. 2400–1600 RCh).

Gearradh scairp nó claí fada líneach, ar an taobh thiar thuaidh den dumha, trí na sraitheanna inlíonta éiritheacha agus dromchla na seantalún i dtreo bhun an dumha. Cuireadh suas an dara pailis i dtrinse a ghearr isteach freisin i ndromchla na sraitheanna inlíonta. Tugann na huirlisí cloiche ón trinse le fios go mbaineann an phailis seo leis an tréimhse Neoiliteach. D'imfhálaigh an ghné seo an taobh sin den dumha



Pacáil chloiche, lena n-áirítear blúirí brónna i dtrinse bunsraithe an tí.

a bhí ar aghaidh na talún, ach bhí imlíne níos mó aici ná an phailis níos luaithe. Gearradh isteach sna leibhéil uachtaracha de na sraitheanna inlíonta éiritheacha grúpa beag claiseanna éadoimhne ciorclacha, pacáilte le hithir atá saibhir ó thaobh gualaigh.

Tarrtháladh déantáin de mhianach ard ó gach comhthéacs beagnach ar fud an láithreáin, lena n-áirítear, cinn tua de chloch shnasta idir iomlán agus bhloghach, reanna saighde seirte go príomha, scríobáin agus soithí cré. Tá líon ard na gceann tua agus na reann saighde aitíopúil maidir le smionagar ceirde agus thabharfadh sé le fios go raibh taobh déantúsaíochta agus/nó deasghnách ag an láithreán. Ní bhfuarthas ach cuid an-bheag de na huirlisí cloiche mar dhéantáin chríochnaithe, a chuirfeadh in iúl go raibh roinnt smiota ar láithreán agus na huirlisí críochnaithe á dtáirgeadh in áit eile, ar an láithreán b'fhéidir ag suímh taobh istigh den chlós a ndearna an cairéalú damáiste dóibh i bhfad ó shin. Tá an láithreán mór imfhálaithe Neoiliteach seo gan ríochan faoi láthair sa taifead seandálaíoch Éireannach atá ar eolas agus tá lánfhoilsiú na dtorthaí tochailte ó Thulach Éide á n-ullmhú faoi láthair.



Soitheach cré Neoiliteach ó Thulach Éide.




Claiseanna in aice na dtithe.



Teaglaim ceann tua de chloch a slánaíodh ag Tulach Éide.

# Tábhacht ‘nuair’?




Eolaíocht an dátaithe: cuid de Mhais-Speictiméadracht Luasghéaraithe a úsáidtear don dátú raideacharbóin. (Grianghraf: Barrie Hartwell, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste)

*Scrúdaíonn Ken Hanley, Seandálaí NRA le Foireann an Deiscirt, an chaoi a bhfeabhsaíonn an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch go leanúnach réimse agus beaichte na modhanna dátaithe atá infhaighte do sheandálaithe.*

> *‘Gaoth bheoga an t-am, a bheireann rud nua do gach uair...ach cá bhfuil an té a thuigfeadh agus a thomhaisfeadh a anáil ghéar, a rún agus a dhearadh?’*
> Paracelsus (1493?–1541)

Airgead reatha na seandálaíochta é an t-am. Díorthaíonn an téarma ‘archaeology’ ón bhfocal Gréigise *arkhaiologi (arkhaios* a chiallaíonn ‘ársa’ agus *logi* a chiallaíonn ‘tráchtas’ nó ‘staidéar’). Staidéar ar chultúir na ndaoine agus ar a dtimpeallachtaí san am atá caite í an tseandálaíocht, go príomha trí anailís a dhéanamh ar a gcuid iarsmaí ábhartha. Tá mar fhoras don tseandálaíocht tuiscint ar an *uair* a tharla rudaí. Dá bhrí sin, tá stair na seandálaíochta mar dhisciplín fite fuaite le stair na n-iarrachtaí chun modhanna dátaithe seandálaíocha a fheabhsú.

Ar an leibhéal is bunúsaí, measúnaíonn na seandálaithe dáta déantáin, eachtra nó láithreáin trí dhá theicníc leathana a úsáid: dátú coibhneasach agus dátú absalóideach. Tá an dátú coibhneasach imfhiosach agus tugann sé i dtreis measúnú aois rud éigean go coibhneasach le rud éigean eile. Is í an fheidhm is mó a úsáidtear an stratagrafaíocht agus Dlí an Fhorshuímh, a fuarthas ar iasacht ón nGeolaíocht. I dtéarmaí simplí luann an dlí seo go sil-leagfar sraitheanna níos óige anuas ar shraitheanna a bhí ann cheana féin (atá níos sine dá bhrí sin)



Grianghraf gar-amhairc de dhá fháinne fáis bhliantúla ó shampla darach. Is iad na soithí is mó an fás earraigh a tharlaíonn i rith dheireadh Aibreáin–Bealtaine nó go luath i Meitheamh, ag brath ar an gcrann agus ar an aimsir ag an tráth seo. Bíonn an fás samhraidh níos snáithíní agus soithí níos lú aige. Bíonn an crann ansin suanach ó Shamhain go Márta/Aibreán agus tosaíonn an chéadfháinne eile leis na soithí is mó don chéad bhliain eile. (Grianghraf: David Brown, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste).

faoi ghnáthchoinníollacha an tsil-leagain. Más ea, nuair a fheiceann seandálaithe sil-leagan ag luí os cionn nó gearrtha isteach i sil-leagan íochtarach, meastar ansin go bhfuil an sil-leagan íochtarach níos sine go coibhneasach ná an sil-leagan uachtarach. De bhreis ar sin ba shine aon déantáin ón sil-leagan íochtarach le hais na ndéantán sa sil-leagan uachtarach.

Tá teicníc dátaithe choibhneasach eile a eascraíonn as Dlí an Fhorshuímh ar a dtugtar trasdátú. Aithníonn an teicníc seo comhsheasmhachtaí sa stratagrafaíocht ón taobh istigh de láithreán, nó trasna il-láithreán go fiú, d'fhonn cabhrú lena shocrú má tá eachtraí seandálaíocha ar chomhaois, go coibhneasach. Cuir i gcás gur bhrúcht bulcán ársa (de dháta aithnid) i réigiún na Meánmhara agus gur nocht tochailtí de scata láithreán comharsanach sil-leagan tiubh luaithe bulcánaí teannta idir shraitheanna eile. Thabharfadh an crosdátú le fios gur de bhunús an bhrúchta an tsraith luaithe ó gach láithreán agus go raibh siad dá bhrí sin ar chomhaois.

Trí theicníc a úsáid ar a dtugtar srathú, is féidir dátú coibhneasach a chur i bhfeidhm ar dhéantáin. Tá an srathú bunaithe ar an gcoincheap go n-athraíonn rudaí thar am agus gur féidir seicheamh an athraithe (srathú) a mhúnlú agus a úsáid chun aois choibhneasach na ndéantán a mheasúnú, le beaichte shuntasach go minic. Mar shampla, bunaithe ar sheicheamh an athraithe theicneolaíoch atá i gceist, is féidir linn a dhéanamh amach le hiontaoibh aoiseanna coibhneasacha gramafóin, seinnteoir ceirnín agus iPod go fiú mura feasach sinn aois chruinn gach ceann acu. Cé go dtaibhsíonn sé simplí, leanann na teicnící seo atá bunaithe le fada chun a bheith ina n-uirlisí cumhachtacha ag cur ar chumas na seandálaithe múnlaí sách casta a cheapadh ar an gcaoi ar fhorbair láithreáin seandálaíocha agus teicneolaíochtaí thar am. A fhad agus a bheidh dátaí coibhneasacha an-fhóinteach ar fad, tá cuardach na ndátaí absalóideacha mar fhócas leanúnach den imscrúdú seandálaíoch: cén uair go cruinn a tharla eachtraí?

Mar a thugann an t-ainm le fios, déanann an dátú absalóideach (i gcontrárthacht leis an dátú coibhneasach) iarracht dáta féilire níos cruinne a shocrú do dhéantáin, eachtraí nó láithreáin. Is annamh, áfach, a sholáthróidh modhanna dátaithe absalóideacha dáta nó bliain shocair cé go bhféadann roinnt modhanna é seo a dhéanamh (feic thíos). Is é an modh is dírí den dátú absalóideach an cás inar féidir dáta aithnid (m.sh. eachtra stairiúil aithnid nó ball a bhfuil an dáta greanaithe air i scríbhinn) a chur síos d'iarsma nó fríth sheandálaíoch. Modh dátaithe absalóideach an-rathúil is ea an deindreachroineolaíocht nó dátú fáinní crainn (feic *Seanda* Eisiúint 4, [2009], lch. 45). Tagann an modh seo i dtír ar an bhfíoras go mbaineann méaduithe bliantúla le fás na gceall i dtamhain formhór na gcrann. Is iondúil go mbíonn siad seo níos mó san earrach agus sa samhradh agus níos lú i míonna an gheimhridh, as a dtagann forbairt na bhfáinní crainn indibhidiúla ar féidir linn iad a fheiceáil agus a thomhas. Ag brath ar na coinníollacha timpeallachta, féadann na rátaí fáis athrú agus trí phatrúin na bhfáinní ó shampla d'adhmad darach, abraimis, a mhaitseáil le seicheamh fáinní crainn aithnid (agus dátaithe), féadann seandálaithe go hiondúil dáta beacht a dhíorthú don sampla adhmaid, agus an tsraith, eachtra nó fríth ghaolmhar ónar tháinig sé. Tá a theorainneacha áfach soiléir: níl dátaí indéanta ach ó adhmad oiriúnach agus fáinní crainn imleora ann don chomparáid.

Is é an dátú raideacharbóin an modh is coitinne den dátú absalóideach a úsáideann seandálaithe. Ag saothrú na fionnachtana go n-ionsúnn gach ábhar beo íseatóip charbóin ar a dtugtar Carbón -14 (nó $^{14}C$) agus nuair a fhaigheann an t-ábhar beo bás go mbriseann na híseatóip seo síos ar ráta aithnid, féadann eolaithe aois sampla sheandálaíoch a bhunú trí aois cheann amháin de na táirgí meatha a thomhas (ar a dtugtar dátú raideacharbóin coinbhinsiúnach) nó trí líon comhréireach na n-adamh $^{14}C$ a thomhas go díreach go coibhneasach leis na híseatóip $^{13}C$ nó $^{12}C$ sa sampla (ar a dtugtar dátú Mais-Speictriméadrachta Luasghéaraithe (nó AMS). Tá roinnt éiginnteachta ag baint leis an dátú raideacharbóin, áfach. Nuair a dhéantar dátú raideacharbóin ar shamplaí mar ghualach, cnámh nó blaosc, tá an claonadh ann go mbíonn an toradh ón tsaotharlann ina dháta de réimse a bhíonn bunaithe go tipiciúil ar ráta dóchúlachta timpeall 95.4%. Tharlódh go mbeadh réimse dátaithe sampla de 5725–5580 cal. RCh, agus an giorrúchán 'cal.' ag tabhairt le fios go raibh an léamh raideacharbóin tomhaiste calabraithe chun réimse dátaithe féilire a thabhairt. Chabhraigh feabhsuithe staitisiúla ar na mallaibh go suntasach chun na réimsí dátaithe a thairgeann an dátú raideacharbóin tráidisiúnta a mhionchoigeartú.

I nDeireadh Fómhair 2009, thionóil Scoil na Geograife, na Seandálaíochta & na Palae-Éiceolaíochta ag Ollscoil na Ríona Bhéal Feirste ceardlann ar *Dhéileáil le Dátaí Seandálaíocha.* Eagraíodh an cheardlann i gcomhar le $^{14}$Croineashaotharlann an choláiste agus Ollscoil Oxford agus chistigh an Chomhairle Oidhreachta í mar chuid de dhual *Saothraithe na Sochaithe* den chlár Taighde Seandálaíoch Straitéiseach Náisiúnta Éireannach (INSTAR) (feic *Seanda,* Eisiúint 4, [2009], lch. 6). Chuimsigh an cheardlann léiriú praiticiúil ar fheidhmiú an mhúnlaithe Bhayesaigh taobh istigh den anailís dátaithe raideacharbóin, ag feidhmiú an chláir bhogearra OxCal arna fhorbairt agus arna chothú ag Christopher Bronk Ramsey ag Ollscoil Oxford agus infhaighte saor in aisce le híoslódáil ag http://c14.arch.ox.ac.uk. Ní hé amháin go gceadaíonn an bogearra don úsáideoir na réimsí aoise dóchúla a ríomh do shamplaí orgánacha atá dátaithe go heolaíoch (gualach, adhmad, cnámh srl.), ach tríd an múnlú Bayesach a fheidhmiú ceadaíonn sé freisin don úsáideoir eolas faoi ghrúpáil eachtraí aithnide (eolas ginearálta nó neachtar eolas faoi ghaoil stratagrafaíocha) a chur i bhfeidhm chun réimsí aoise dóchúla na n-eachtraí a chúngú, go minic le feabhsuithe suntasacha. Díorthaíonn an múnlú Bayesach ó staitistic Bhayesach, atá bunaithe ar theoirim Bhayes, teacht i láthair nua i leith na staitisticí a cheap an tUrramach Thomas Bayes. (Níor thángthas ar a theoirim go dtí i ndiaidh a bháis agus d'fhoilsigh cara da chuid í sa bhliain 1763.)

Agus sinn ag foghlaim ón gceardlann INSTAR, sampla é seo a leanas atá ceaptha chun luach an mhúnlaithe Bhayesaigh a thaispeáint (ag feidhmiú OxCal v4.1.5). Cuirimis san áireamh gur thochlaíomar láithreán hipitéiseach,' Láithreán A', a raibh lorg coise tí agus roinnt claiseanna bainteacha ann. Bunaithe ar na dátaí raideacharbóin a fuarthas is feasach sinn go mbaineann an láithreán leis an tréimhse Mhéisiliteach (an luath seú mílaois RCh), atá cúntach, ach an féidir linn an iarracht seo a shárú? Léiríonn an méid seo a leanas roinnt feidhmeanna bunúsacha den mhúnlú Bayesach d'fhonn cabhrú leis an

| Tag. Sampla | Ábhar Samplaithe | Comhthéacs Sampla | Blianta Tomhaiste BP | Dáta Tomhaiste 2-sigme calabraithe |
|---|---|---|---|---|
| Sampla 1 | Síol gráinne gualaithe | Líonadh na claise a dteascann an teach í | 6750 ± 25 | 5710–5626 cal. RCh |
| Sampla 2 | Blaosc collchnó gualaithe | Líonadh pacála ó lorg cuaille 1 an tí | 6800 ± 30 | 5731–5640 cal. RCh |
| Sampla 3 | Blaosc collchnó gualaithe | Líonadh pacála ó lorg cuaille 2 an tí | 6760 ± 25 | 5713–5630 cal. RCh |
| Sampla 4 | Blaosc collchnó gualaithe | Líonadh pacala ó lorg cuaille 3 an tí | 6735 ± 23 | 5708–5619 cal. RCh |
| Sampla 5 | Síol gráinne gualaithe | Líonadh na claise a theascann an teach | 6750 ± 22 | 5709–5626 cal. RCh |

gceist a fhuascailt maidir le cén uair a bhí ár láithreán hipitéiseach in úsáid. Tá cúig shampla dátaithe. Baineann trí cinn acu (Samplaí 2–4) le struchtúr tí inamhrais. Réamhdhátaíonn Sampla 1 an teach agus iardhátaíonn Sampla 5 é.

Ag feidhmiú bogearra OxCal chun na réimsí dátaithe a rianadh go simplí a dhíorthaíonn ón teach (Samplaí 2–4) faighimid an graf iarmhartach i bhFigiúr 1. Tugann sé seo réimse dátaithe iomlán de 5731–5619 cal. RCh (112 bliain). Réimse ilghlúine é 112 bliain áfach agus mar dháta b'fhéidir nach bhfuil sé sách sonrach.

Is féidir leis an gclár OxCal an scéal seo a fheabhsú trí dhátaí na dtithe a ghrúpáil i bpas seicheamheach (Figiúr 2). Measúnaíonn an múnla Bayesach go hatriallach dealraitheacht staitisiúil na dtrí dháta seo ag tarlú sna réimsí beachta seo taobh istigh de theorainn dóchúlachta. Is é an toradh atá ar seo réimse dátaithe arna athbhreithniú anuas de 5720–5624 cal. RCh (96 bliain)—níos fearr! Tá leibhéal an chomhaontaithe staitisiúil leis na modhanna múnlaithe léirithe ag innéacsanna comhaontaithe. Aschur iad seo mar chuid de gach múnla. Is mar seo a leanas atá na príomhinnéacsanna comhaontaithe.

*Innéacs comhaontaithe múnla: $A_{mhúnla}$*


Feidhmítear é seo chun cé chomh dealraitheach agus atá gach múnla mar iomlán a bhreathnú, agus an dáta mar atá. Ba chóir don innéacs comhaontaithe seo níos mó ná 60 (%) a scóráil chun go measfar an múnla a bheith dealraitheach.

*Innéacs indibhidiúil comhaontaithe: A*


Feidhmítear é seo chun cibé samplaí (más ann dóibh) nach n-aontaíonn leis an múnla a mheasúnú. Arís ba chóir don innéacs comhaontaithe seo níos mó ná 60(%) a scóráil chun go measfar gur dealraitheach go gcomhaontaíonn sampla indibhidiúil leis an múnla.

Taifeadann an múnla i bhfigiúr 2 scór comhaontaithe maidir le hinnéacs múnla ($A_{mhúnla}$) de 93% don mhúnla ina iomlán agus scór innéacsanna (*A*) comhaontaithe indibhidiúil de 90% do Shampla 2, 108% do Shampla 3 agus 95% do Shampla 3.

D'fhéadfadh cúrsaí a bheith cuid mhaith níos fearr áfach. Trí roinnt eolais ar an stratagrafaíocht ón láithreán a chur i bhfeidhm, is féidir linn an dáta (Sampla 1) a slánaíodh ó chlais a theasc an teach hipitéiseach a chur san áireamh in éineacht le dáta eile (Sampla 5) ó chlais ag gearradh trasna (agus dá bhrí sin





Figiúr 1: Graf de réimsí dátaithe calabraithe neamh-mhúnlaithe do theach hipitéiseach ag Láithreán A.




Figiúr 2: Graf de réimsí dátaithe calabraithe múnlaithe do láithreán hipitéiseach A. Tabhair faoi deara iarracht den bharrfheabhsú ar réimsí dátaithe do Shamplaí 2–4.


níos sine) an tí. Feidhmíonn na dátaí seo mar choinníollacha taobh istigh den mhúnla agus tríd an eolas seo a chorprú (Figiúr 3) mion-choigeartaítear tuilleadh na réimsí dátaithe iarmhartacha don teach (Samplaí 2–4) (le 95.4% dóchúlachta), anuas go dtí 5684–5633 cal. RCh (51 bliain). Le fírinne, tugann an múnla le fios, le dóchúlacht (fós ard) 68.2%, go mb'fhéidir gur 5665–5643 cal. RCh atá sa réimse dátaithe—22 bliain amháin! Cuireann sé seo teorainn ghlúine amháin nó dhá ghlúin (ar a mhéad) leis an réimse dátaithe agus is feabhsú suntasach é ar an réimse 112 bliain a tháirg an anailís raideacharbóin chaighdeánach neamhmhúnlaithe.

Leanann an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch chun réimse agus beaichte na modhanna atá infhaighte do sheandálaithe a fheabhsú. Le fiche bliain anuas nó mar sin, athscríobhadh an taifead seandálaíoch bunaithe Éireannach ar bhealach réasúnta lán, de thoradh fhéidhmiú méadaitheach teicnící dátaithe nua agus feabhsaithe. Tarlaíonn gach gníomhaíocht daonna i gcomhthéacs agus chun lántuiscint a fháil ar fhorbairt shochaithe na seachmadachta, ní mór dúinn a thuiscint, ón micrileibhéal go dtí an macraileibhéal cén uair a tharla seichimh agus grúpáil na n-eachtraí. Ceadaíonn sé seo an tseachadmacht ag corraí a bhreathnú, gan é iompaíonn gach rud ina chloch.




Figiúr 3: Eolas stratagrafaíochta arna chur i bhfeidhm ar an múnla ag tairiscint réimsí dátaithe feabhsaithe go mór do Shamplaí 2–4.

# Creideamh léimneach na hatógála



Fiarghrianghraf de phlean leasa a tochlaíodh ag Baile Nua Dealgan le bruacha agus foirgnimh mheath-thuairimíochta. (Grianghraf: Niall Roycroft, bunaithe ar fhianaise tochailte ó David Bayley, IAC Ltd)


*Tugann Niall Roycroft, Seandálaí UBN le Foireann an Oirthir, roinnt atógálacha machnaitheacha ar cúig láithreán a tochlaíodh i dtuaisceart Chontae Lú.*

Tá 'níl aon fhianaise ar sin' ina ghlao coiteann ón seomra iarthochailte. Úsáidtear an nath chun foirmle thuairiscithe sheasc loighic-bhunaithe a choinneáil. Níl aon chruthú gan fhianaise thurgnamhach. Ceann de na rudaí is túisce atá le glacadh áfach do go leor tréimhsí den seandálaíocht tuathúil Éireannach is ea gur minic nach mbíonn ach fíorbheagán fianaise fíorasaí ar rud ar bith! Má bhraitheamar ar ar thángthas air go hiarbhír amháin agus ar a bhféadfaí a mhíniú go hiomlán mar fhírinne chruthaithe, bheadh ár léargas ar an seachmadacht an-lom ar fad. Tá 'firicí' ann gan dabht ach is den riachtanas go mbeidh meath-thuairimíocht freisin.

Tagann uaidh seo dhá lucht tuairime. Ar an gcéad dul síos, an míniú bunaithe ar an gcúpla fíric inaitheanta amháin, agus gach smaoineamh eile faoi réir na meath-thuairimíochta de ghrád íseal. Ar an dara dul síos, an láithreán a mhíniú go príomha le meath-thuairimíocht (mínithe gairmiúla úsáidte na talún, feidhm agus leagan amach), bunaithe ar chúpla fíric de ghrád íseal. Dáiríre, agus gan dabht, tá an dá mhodh deargriachtanach d'argóint réasúnta na scríbhneoireachta tuairisce. Ach is trí smaointe atógála go príomha is féidir leis na seandálaithe dul i ngleic leis an (easpa) fianaise ón adhmad agus ón gcré.

Is mór ag na seandálaithe loirg chuaille. Tá tú ar do sháimhín só le lorg cuaille. Má chruthaigh lorg cuaille cuid d'fhoirgneamh féadann loirg chuaille eile a chruth ginearálta a thaispeáint. Ach an féidir le lorg cuaille amháin a bheith ina léiriú ar fhoirgneamh? Má bhí sé ina thaca lárnach do bhothán crémhúrtha tuí cónach, go deimhin is féidir leis. Má thosaímid ag lorg foirgnimh timpeall cuaille leithlisithe is minic go léimeann rud éigean eile amach, teallach féideartha, lintéar silteach páirteach nó spás ciorclach folamh. B'fhéidir gur cheangail sraith foirgneamh le chéile chun spiara a chruthú taobh istigh den láithreán ag deighilt limistéar amháin d'fheidhmiú an láithreáin ó cheann eile.

Má tá foirgnimh ann ach gan aon chlaí imfhálaithe, is féidir fós go mbeidh an láithreán imfhálaithe le bruach nó claí. An bhfuil cnuasach gníomhaíochta 20–30m trasna agus gan tada ar an taobh thall? An bhfuil foirgneamh i lár an chnuasaigh seo go hachomair? A luaithe agus a





Sceitse atógála de chéim mheánach (ar chlé) de chlós Luath-mheánaoiseach ag Baile Uiginn bunaithe ar fhianaise tochailte ó Shane Delaney de chuid na Comhairleachta Seandálaí Éireannaí Ltd Meath-thuairimíocht atá i mórchuid den teorainn sheachtrach ar dheis bunaithe ar phatrúin chlaí níos deireanaí. Is é an dara rogha—agus bíonn an dara rogha i gcónaí ann—gur shínigh an réimse uisce ag an mullach ar dheis an bealach ar fad go dtí an claí imfhálaithe istigh. Más amhlaidh a bhí chiallódh sé seo nár tháinig na leibhéil uisce ar gach aon taobh den láithreán le chéile. Ag breathnú ar an ngairbhéal atá ruaimnithe le huisce sa ghrianghraf aerga ar dheis is féidir nár cuireadh an clós seachtrach leis an láithreán i ndiaidh don chuid ar chlé íseal den láithreán a bheith tuilte—tá rud ar bith intarlaithe sa tseandálaíocht. (Líníocht: Niall Roycroft; grianghraf: Studio Lab)

lorgann an seandálaí na patrúin seo tagann go leor smaointe chun cuimhne.

Tagann léimeanna creidimh agus foirgnimh á gcur ina suíomh ceart. Ní féidir seo a dhéanamh ach trí ghlacadh le sraith toimhdí. Tagann na toimhdí seo ó thuairimíocht a dhéanamh ar fheidhm nó ar úsáid na talún, agus is féidir leis na toimhdí seo beocht a chur i láithreán folamh go tapaidh.

### Atógálacha Simplí

Tá teicníc shimplí ann d'atógálacha tapa agus éasca: cuir gach meath-thuairimíocht agus feidhm thalún leis an bplean láithreáin. A luaithe agus a chuirtear limistéir na bhfoirgneamh, na claiseanna, na clóis ainmhithe, na bealaí isteach agus na bealaí rochtana san áireamh, taispeánfaidh an láithreán leagan amach bunúsach. Ach tharlódh go mbeadh rudaí fós in easnamh. Is é an chéadchéim eile fiarghrianghraf den phlean seo a ghlacadh agus na heilimintí ingearacha a chur leis. Trí bheith ag méiseáil leis an gcéim seo is féidir míreanna atá in easnamh a chur san áireamh; go hiondúil líonfadh 'rud éigean' na spásanna folmha.

Nuair a ghnóthaítear íomhá réasúnta, is féidir an pictiúr a atarraingt ag feidhmiú bosca solais agus an príomhsholas agus scáth arna mbreisiú. Is féidir an íomhá seo a chur timpeall le haghaidh léirmheasa. Buntáiste a bhaineann le ríomhaire a sheachaint ag an gcéim seo is ea go bhfaigheann an t-údar braistint don láithreán a chuireann go suntasach leis an taobh mínithe. (De bhreis ar sin, agus an ríomhaire á sheachaint ciallaíonn sé sin gur féidir le duine ar bith é seo a dhéanamh; ba chóir gach duine a spreagadh chun láithreáin a atógáil). Is féidir an íomhá dheireanach a atarraingt ansin ag feidhmiú ríomhaire nó bosca solais agus í a dhathú.

### *Tithe Neoiliteacha ag Plástar*

Bhí grúpa de thrí theach dhronuilleacha LuathNeoiliteacha ag Plástar ar an mBóthar Ceangail A1/N1 Iúr Chinn Tráchta—Dún Dealgan a thochail Sinclair Turell de chuid Archaeological Development Services Ltd (ADS Ltd). Agus íomhá á hatógáil níor mhór toimhdí áirithe a dhéanamh. I dtosach báire a shocrú má bhí na trí fhoirgneamh seo go léir comhaimseartha. Óna leagan amach tipiciúil (atá léir freisin ag Maigh nEanaigh, Co. Mhuineacháin agus ag an gCorrbhaile, Co. Chill Dara) ba dhealraitheach nár fheidhmigh siad mar fhoirgnimh amháin ach mar spiaraí láithreáin freisin. Thaispeáin dhá chrios ar leith loigínithe limistéir stórála agus diúscartha. Ní raibh aon chlaí imfhálaithe sa láithreán ach i dtréimhse ina raibh béir, toirc agus mic tíre ba chéillí é a imfhálú. Bhí scaipeadh de phoill chuaille timpeall imeall an láithreáin ceangailte a léiríonn teorainn mhírialta.

### *Tuama cúirte Áth na Sceach*


Tuama cúirte Neoiliteach a bhí in Áth na Sceach, a thochail Jo Ronayne de chuid ADS Ltd ar an mBóthar Ceangail A1/N1 Iúr Chinn Tráchta—Dún Dealgan. Mhair an balla colbha cloiche singile in áiteanna, ach bhí bearnaí rialta ann. Is é an toimhde gur chlocha móra Meigiliteacha a bhí sna bearnaí seo tráth, ag léiriú teicníc thipiciúil Neoiliteach múrthógála cloiche singile.

### *Heinse Bhaile Uí Réigín*

Heinse chiorclach a bhí i mBaile Uí Réigín (clós imfhálaithe le feidhm dheasghnách/searmanais) ar sheachród Iartharach M1 Dhún Dealgan, a thochail Brian Ó Donnchadha de chuid Irish Archaeological Consultancy Ltd (IAC Ltd). Sa bhliain 1748 léirigh Thomas Wright an láithreán i *Louthiana* sular folmhaíodh é tamall gearr ina dhiaidh sin. Léirigh Wright freisin heinse in aice láithreach ag 'Baile na hAitinne' (Carn Beag) áit ina dtaispeánann sé clocha ar bharr an bhruaigh imfhálaithe. Bhí bunsraith chloiche ag Baile Uí Réigín chun bruach móna (féideartha) a dhaingniú a bhaineann leis an tréimhse 3000 RCh go neasach. Tá bruachanna móna an-ghéarshleasach go tipiciúil agus tugann siad tacaíocht sármhaith. Dá bhrí sin cuireadh galláin le hatógáil an bhruaigh ghéarshleasaigh ag Baile Uí Réigín. Bhí loig mhóra freisin ag Baile Uí Réigín a choinnigh clocha ó




Atógáil lonnaíocht LuathNeoiliteach ag Plástar. (Líníocht: Niall Roycroft, bunaithe ar fhianaise tochailte ó Sinclair Turell de chuid ADS Ltd)



Atógáil tuama cúirte Neoiliteach ag Áth na Sceach, ag taispeáint na cúirte ó thuaidh. (Svéaróa: Niall Roycroft, bunaithe ar fhianaise tochailte ó Jo Ronayne, ADS Ltd)


bhunús ag ceann an bhruaigh agus an chlaí, ag cruthú bealach isteach taibhseach nó fáinne sheachtrach de ghalláin. Léirigh Wright clocha móra i suímh dá sórt ag Baile Uí Réigín agus Baile na hÁitinne araon.

*Lios Bhaile Nua Dealgan*

Is í an toimhde ag Baile Nua Dealgan, a thochail David Bayley de chuid IAC Ltd, gurb éard tá i roinnt lorg cuaille scaipthe grúpa ciorclach foirgneamh ón seachtú nó ón ochtú haois AD. Meastar freisin gur fheidhmigh na foirgnimh seo mar dheighilt saothraithe talún. Bhí na foirgnimh cóngarach d'fhosú dramhaíola bia agus teaghlaigh sa chlaí clóis. Is cosúil go raibh rochtain ag geata cúil, léirithe ag lorg cuaille mór, ar bhealach isteach an uaimh thalún sheachtrach (atá le feiceáil ar bharr an phictiúir). Is cosúil go bhfuil struchtúr ceathar-chuaille suite go sceabhach (mínithe anseo mar fhoirgneamh) in aice an gheata ag Baile



Atógáil heinse Bhaile Uí Réigín, ón iardheisceart. (Líníocht: Niall Roycroft, bunaithe ar fhianaise tochailte ó Shane Delaney, IAC Ltd)




Atógáil lios Bhaile Nua Dealgan agus an uaimh thalún sheachtrach (bealach isteach amháin). Is féidir grianghraf aerga den láithreán a fheiceáil ar lch 22. (Líníocht: Niall Roycroft, bunaithe ar fhianaise tochailte ó David Bayley, IAC Ltd)

Nua Dealgan agus Baile Uiginn araon. Ní raibh ach fíorbheagán gnéithe ar an taobh istigh de Bhaile Nua Dealgan ach bhí dóthain ann a léireodh cúpla líne chlaí, más é sin a bhí tú a lorg.

*Caiseal Fochaird Íochtarach*

Meastar gur de bhunús na bhfoirgneamh taobh istigh dhá uaimh thalún ag Fochaird Íochtarach ar an A1/N1, a thochail Peter Bowen de chuid ADS Ltd (feic *Seanda,* Eisiúint 3 [2008], lgh. 9–11). Bhí an phríomhuaimh thalún ceilte roinnt taobh istigh den bhruach fuílligh don chlós inmheánach bunúsach (i lár na líníochta atógála). Meastar gur léiriú é bearna sa reilig ar sheipéal/teampall dronuilleach agus glactar leis gur limistéir ainmhithe/oibre iad na paistí cloiche, agus foirgnimh bhainteacha. Meastar go raibh struchtúr adhmaid ar bharr bhalla an chaisil, ós rud é gurb é seo suíomh bhealach amach an phríomhuaimh thalún.





Atógáil (ar chlé) den chaiseal agus de chéimeanna leathnaithe na reilige ag Fochaird Íochtarach timpeall an 10ú aois AD. Taispeánann an íomhá fairsinge iomlán na reilige a bhrúnn na limistéir chónaithe/ghníomhaíochta amach ó lárionad an láithreáin. (Líníocht: Niall Roycroft, bunaithe ar fhianaise tochailte ó Peter Bowen, ADS Ltd; grianghraf ADS Ltd)

## GLUAIS

| | |
|---|---|
| **Angla-Normannach** | Ba shliocht na Normannach a rialaigh Sasana tar éis choncas Liam na Normlainne sa bhliain 1066 AD a bhí sna hAngla-Éireannaigh. Ba thiar sa bhliain 1169 AD a rinne na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn. |
| **Bró** | Cloch mhór ar baineadh leas aisti chun grán a mheilt ina phlúr. Ba iad na ceithre phríomhchatagóir brónna a fuarthas in Éirinn, de réir an dáta: an bhró dhiallaite, an bhró choirceoige, an bhró rothlach agus an bhró chorcáin. |
| **Créamadh** | Corpáin a dhó atá sa chréamadh. Ba ghnách sa réamhstair go gcuirfí an luaithreach laistigh de shoitheach potadóireachta agus go gcuirfí i gclais í. |
| **Créfort mótach** | Áitreabh Angla-Normannach faoi chosaint lenar bhain clós cearnógach nó dronuilleogach arna shainiú ag múr agus díog leathan le híochtar réidh inti. |
| **Cur i dTalamh gan Chumhdach** | An cleachtadh corpáin na marbh a leagan in uaigh. |
| **Dátú radacarbóin** | Modh eolaíochta do dhátú ídiú an iseatóip radaighníomhaigh Carbón 14, atá le fáil i ngach aon ábhar orgánach. |
| **Déantán** | Aon ní inghluaiste arna úsáid, arna mhodhnú nó arna dhéanamh ag daoine. |
| **Deindreacroineolaío cht** | Modh dátaithe eolaíochta bunaithe ar staidéar a dhéanamh ar shraitheanna fáinní crainn, a fhéadann torthaí beachta dátaithe a sholáthar do bhunú gach sraith fáinní crainn. |
| **Fulacht fiadh** | Suíomh, ón gCréumha-Aois de ghnáth, ina bhfaightear dumha crú-chruthach de chlocha dóite, tinteá(i)n agus trach(anna). Baineadh leas as na suímh sin d'fhonn uisce a théamh i gcomhair éagsúlacht cuspóirí féideartha. Ionaid chócaireachta ársa a bhí iontu freisin. |
| **Gné sheandálaíochta** | Aon chomhchuid de shuíomh seandálaíocht, ar nós loirg chuaille, claise, díge nó aon sil-leagan a d'fhéadfadh carnadh sa suíomh. |
| **Iarannaois** | Tréimhse dheireannach na réamhstaire, ag tosú ó 800 RCh. Ba sa tréimhse sin a fuair an t-iarann an lámh in uachtar ar an gcré-umha do dhéanamh uirlisí agus arm. Smiotadh Cloch a bhriseadh nó a shlisniú le buillí géara, ar nós deilbhiú na breochloiche ina huirlisí. |
| **Iar-mheánaoiseach** | An tréimhse tar éis na tréimhse meánaoisí, ar minic a fheictear í mar an ré tar éis díscaoileadh na mainistreacha i lár an 16ú haois. |
| **Líonadh** | Téarma as a mbaintear leas chun cur síos ar an tsraith/na sraitheanna aonair d'ábhar a fhaightear i ngnéithe seandálaíochta, ar nós lorg cuaille, claiseanna nó díog. |
| **Lios nó Ráth** | Áitreabh feirme ón luath-mheánaois lena mbaineann cuibhreann ciorclach arna sainiú ag múr cré agus díog sheachtrach. Féadann dhá nó trí mhúr bheith sna créfoirt ardstádais. |
| **Meánaoiseach** | An tréimhse tar éis na hIarannaoise, a tharlaíonn in Éirinn ó thús na Críostaíochta sa chúigiú haois AD anuas go dtí an 16ú haois. |
| **Méisiliteach** | An Mheán-Chlochaois, c. 8000–4000 RCh, nuair a chéadlonnaigh na sealgairí agus soláthraithe luatha in Éirinn. |
| **Móta agus bábhún** | Daingean cré Angla-Normannach lena mbaineann dumha mór géarthaobhach, réidh ar barr, agus timpeallaithe ag díog, le clós dronuilleogach nó ubhchruthach in aice leis, ar ar tugadh bábhún, arna shainiú ag dumha agus díog sheachtrach. |

## GLUAIS

| | |
|---|---|
| **Angla-Normannach** | Ba shliocht na Normannach a rialaigh Sasana tar éis choncas Liam na Normlainne sa bhliain 1066 AD a bhí sna hAngla-Éireannaigh. Ba thiar sa bhliain 1169 AD a rinne na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn. |
| **Bró** | Cloch mhór ar baineadh leas aisti chun grán a mheilt ina phlúr. Ba iad na ceithre phríomhchatagóir brónna a fuarthas in Éirinn, de réir an dáta: an bhró dhiallaite, an bhró choirceoige, an bhró rothlach agus an bhró chorcáin. |
| **Créamadh** | Corpáin a dhó atá sa chréamadh. Ba ghnách sa réamhstair go gcuirfí an luaithreach laistigh de shoitheach potadóireachta agus go gcuirfí i gclais í. |
| **Créfort mótach** | Áitreabh Angla-Normannach faoi chosaint lenar bhain clós cearnógach nó dronuilleogach arna shainiú ag múr agus díog leathan le híochtar réidh inti. |
| **Cur i dTalamh gan Chumhdach** | An cleachtadh corpáin na marbh a leagan in uaigh. |
| **Dátú radacarbóin** | Modh eolaíochta do dhátú ídiú an iseatóip radaighníomhaigh Carbón 14, atá le fáil i ngach aon ábhar orgánach. |
| **Déantán** | Aon ní inghluaiste arna úsáid, arna mhodhnú nó arna dhéanamh ag daoine. |
| **Deindreacroineolaíocht** | Modh dátaithe eolaíochta bunaithe ar staidéar a dhéanamh ar shraitheanna fáinní crainn, a fhéadann torthaí beachta dátaithe a sholáthar do bhunú gach sraith fáinní crainn. |
| **Fulacht fiadh** | Suíomh, ón gCréumha-Aois de ghnáth, ina bhfaightear dumha crú-chruthach de chlocha dóite, tinteá(i)n agus trach(anna). Baineadh leas as na suímh sin d'fhonn uisce a théamh i gcomhair éagsúlacht cuspóirí féideartha. Ionaid chócaireachta ársa a bhí iontu freisin. |
| **Gné sheandálaíochta** | Aon chomhchuid de shuíomh seandálaíocht, ar nós loirg chuaille, claise, díge nó aon sil-leagan a d'fhéadfadh carnadh sa suíomh. |
| **Iarannaois** | Tréimhse dheireannach na réamhstaire, ag tosú ó 800 RCh. Ba sa tréimhse sin a fuair an t-iarann an lámh in uachtar ar an gcré-umha do dhéanamh uirlisí agus arm. Smiotadh Cloch a bhriseadh nó a shlisniú le buillí géara, ar nós deilbhiú na breochloiche ina huirlisí. |
| **Iar-mheánaoiseach** | An tréimhse tar éis na tréimhse meánaoisí, ar minic a fheictear í mar an ré tar éis díscaoileadh na mainistreacha i lár an 16ú haois. |
| **Líonadh** | Téarma as a mbaintear leas chun cur síos ar an tsraith/na sraitheanna aonair d'ábhar a fhaightear i ngnéithe seandálaíochta, ar nós lorg cuaille, claiseanna nó díog. |
| **Lios nó Ráth** | Áitreabh feirme ón luath-mheánaois lena mbaineann cuibhreann ciorclach arna sainiú ag múr cré agus díog sheachtrach. Féadann dhá nó trí mhúr bheith sna créfoirt ardstádais. |
| **Meánaoiseach** | An tréimhse tar éis na hIarannaoise, a tharlaíonn in Éirinn ó thús na Críostaíochta sa chúigiú haois AD anuas go dtí an 16ú haois. |
| **Méisiliteach** | An Mheán-Chlochaois, c. 8000–4000 RCh, nuair a chéadlonnaigh na sealgairí agus soláthraithe luatha in Éirinn. |
| **Móta agus bábhún** | Daingean cré Angla-Normannach lena mbaineann dumha mór géarthaobhach, réidh ar barr, agus timpeallaithe ag díog, le clós dronuilleogach nó ubhchruthach in aice leis, ar ar tugadh bábhún, arna shainiú ag dumha agus díog sheachtrach. |

## GLUAIS

| | |
|---|---|
| **Angla-Normannach** | Ba shliocht na Normannach a rialaigh Sasana tar éis choncas Liam na Normlainne sa bhliain 1066 AD a bhí sna hAngla-Éireannaigh. Ba thiar sa bhliain 1169 AD a rinne na hAngla-Normannaigh ionradh ar Éirinn. |
| **Bró** | Cloch mhór ar baineadh leas aisti chun grán a mheilt ina phlúr. Ba iad na ceithre phríomhchatagóir brónna a fuarthas in Éirinn, de réir an dáta: an bhró dhiallaite, an bhró choirceoige, an bhró rothlach agus an bhró chorcáin. |
| **Créamadh** | Corpáin a dhó atá sa chréamadh. Ba ghnách sa réamhstair go gcuirfí an luaithreach laistigh de shoitheach potadóireachta agus go gcuirfí i gclais í. |
| **Créfort mótach** | Áitreabh Angla-Normannach faoi chosaint lenar bhain clós cearnógach nó dronuilleogach arna shainiú ag múr agus díog leathan le híochtar réidh inti. |
| **Cur i dTalamh gan Chumhdach** | An cleachtadh corpáin na marbh a leagan in uaigh. |
| **Dátú radacarbóin** | Modh eolaíochta do dhátú ídiú an iseatóip radaighníomhaigh Carbón 14, atá le fáil i ngach aon ábhar orgánach. |
| **Déantán** | Aon ní inghluaiste arna úsáid, arna mhodhnú nó arna dhéanamh ag daoine. |
| **Deindreacroineolaío cht** | Modh dátaithe eolaíochta bunaithe ar staidéar a dhéanamh ar shraitheanna fáinní crainn, a fhéadann torthaí beachta dátaithe a sholáthar do bhunú gach sraith fáinní crainn. |
| **Fulacht fiadh** | Suíomh, ón gCréumha-Aois de ghnáth, ina bhfaightear dumha crú-chruthach de chlocha dóite, tinteá(i)n agus trach(anna). Baineadh leas as na suímh sin d'fhonn uisce a théamh i gcomhair éagsúlacht cuspóirí féideartha. Ionaid chócaireachta ársa a bhí iontu freisin. |
| **Gné sheandálaíochta** | Aon chomhchuid de shuíomh seandálaíocht, ar nós loirg chuaille, claise, díge nó aon sil-leagan a d'fhéadfadh carnadh sa suíomh. |
| **Iarannaois** | Tréimhse dheireannach na réamhstaire, ag tosú ó 800 RCh. Ba sa tréimhse sin a fuair an t-iarann an lámh in uachtar ar an gcré-umha do dhéanamh uirlisí agus arm. Smiotadh Cloch a bhriseadh nó a shlisniú le buillí géara, ar nós deilbhiú na breochloiche ina huirlisí. |
| **Iar-mheánaoiseach** | An tréimhse tar éis na tréimhse meánaoisí, ar minic a fheictear í mar an ré tar éis díscaoileadh na mainistreacha i lár an 16ú haois. |
| **Líonadh** | Téarma as a mbaintear leas chun cur síos ar an tsraith/na sraitheanna aonair d'ábhar a fhaightear i ngnéithe seandálaíochta, ar nós lorg cuaille, claiseanna nó díog. |
| **Lios nó Ráth** | Áitreabh feirme ón luath-mheánaois lena mbaineann cuibhreann ciorclach arna sainiú ag múr cré agus díog sheachtrach. Féadann dhá nó trí mhúr bheith sna créfoirt ardstádais. |
| **Meánaoiseach** | An tréimhse tar éis na hIarannaoise, a tharlaíonn in Éirinn ó thús na Críostaíochta sa chúigiú haois AD anuas go dtí an 16ú haois. |
| **Méisiliteach** | An Mheán-Chlochaois, c. 8000–4000 RCh, nuair a chéadlonnaigh na sealgairí agus soláthraithe luatha in Éirinn. |
| **Móta agus bábhún** | Daingean cré Angla-Normannach lena mbaineann dumha mór géarthaobhach, réidh ar barr, agus timpeallaithe ag díog, le clós dronuilleogach nó ubhchruthach in aice leis, ar ar tugadh bábhún, arna shainiú ag dumha agus díog sheachtrach. |

| | |
|---|---|
| **Neoiliteach** | Tháinig an Chlochaois Nua, c. 4000–2400 RCh roimh thabhairt isteach na miotalóireachta agus feictear tús na feirmeoireachta lena linn. |
| **Oisté-eolaíocht** | Léann eolaíochta um chnámha. Is féidir eolas a sholáthar tríd an anailís oisté-eolaíochta i leith gnéis duine, an aois a bhain siad amach roimh bhás, fás agus forbairt, sláinte, sinsear, bunús tíreolaíochta, agus an chúis bháis i gcásanna annamha. |
| **Seirt** | Carraig shiliciúil liath, dhubh nó ghorm a nochtar i bhfoirm bandaí sil-leaganacha aolchloiche agus ba mhinic ar baineadh leas aisti don táirgeadh uirlise i lár-réigiún na hÉireann. |
| **Smiotadh** | Cloch a bhriseadh nó a shlisniú le buillí géara, ar nós deilbhiú na breochloiche ina huirlisí. |
| **Suirbhé geoifisiceach** | Modh eolaíochta chun taiscéaladh faoi bhun dhromchla na talún trí éagsúlachtaí nó 'aimhrialtachtaí' a thomhas in airíonna maighnéadacha, leictreacha agus eile de chuid na hithreach ar féidir ionstraimí suirbhéireachta iad a bhrath. |
| **Taifead na Séadchomharthaí agus na nÁiteanna** | Liosta suíomh seandálaíochta agus léarscáileanna leo arna dtaifeadadh ag an Stát ar bhunús contae de réir contae. Tugtar cosaint dhlíthiúil áirithe do na suímh sheandálaíochta nuair a chuirtear ar an liosta iad. |
| **Teach halla** | Foirgneamh dronuilleogach cloiche Angla-Éireannach, dhá stór in airde, gan ach príomhsheomra amháin aige ar an gcéad urlár ina bhfaightear seomra fada neamhroinnte ar oscailt suas go dtí an díon agus a shíneann ar feadh fhad an tí. Ba chun críocha cosanta agus stórála a baineadh leas as urlár na talún. |
| **Uaimh thalún** | Struchtúr fothalún ó na meánaoiseanna luatha lenar bhain dorchla agus seomra amháin nó ní ba mhór, agus slí isteach i bhfolach ag leibhéal na talún. Bhí feidhm acu mar thearmainn sealadacha agus mar stórlanna. |


**BUÍOCHAS**

Ba mhaith leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta buíochas a ghabháil leis na daoine agus eagrais seo a leanas as rannchur leis an irisleabhar agus as a mbaint leis na scéimeanna bóthair faoi thrácht:


Tony Bartlett, David Bayley, Peter Bowen, Sheelagh Conran, Frank Coyne, Mary Deevy, Shane Delaney, Lisa Doyle, Liam Hackett, Andy Halpin, Ken Hanley, Linda Hegarty, Penny Johnston, Martin Jones, Hilary Kelleher, Jacinta Kiely, Patricia Long, Linda Lynch, Deirdre McCarthy, Michael MacDonagh, Liam McKinstry, Mairéad McLaughlin, Finola O'Carroll, TJ O'Connell, Brian O'Donnchadha, Nial O'Neill, Jo Ronayne, Niall Roycroft, Frank Ryan, Lee Scotland, Michael Stanley, Mandy Stephens, Rónán Swan, Kate Taylor, Sinclair Turrell, Brian Walsh, Brendon Wilkins, Aegis Archaeology Ltd, Archaeological Consultancy Services Ltd, Archaeological Development Services Ltd, Comhairle Contae Chorcaí, Roinn na Seandálaíochta, An Coláiste Ollscoile, Corcaigh, CRDS Ltd, Eachtra Archaeological Projects, Comhairle Contae na Gaillimhe, Irish Archaeological Consultancy Ltd, Headland Archaeology Ltd, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Longfoirt, Comhairle Contae Lú, Comhairle Contae Luimnigh, Margaret Gowen & Co. Ltd, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Sheila Lane & Associates, Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas, TVAS (Ireland) Ltd agus Comhairle Contae Loch Garman.





Atáirgtear an t-ábhar ó Shuirbéireacht Ordanáis Éireann le caoichead Rialtas na hÉireann agus Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann faoi uimh. cheadúnais EN0045206.


# AN tSEANDÁLAÍOCHT AGUS AN tÚDARÁS UM BÓITHRE NÁISIÚNTA SRAITH MONAGRAIF

















# MONAGRAIF SCÉIME UBN





*Tá gach aon cheann de na foilseacháin thuas ar fáil trí shiopaí leabhair, nó go díreach ó Wordwell Books (www.worldwellbooks.com nó fón: +353-1-2947860).*

transport21 progress in motion
NDP National Development Plan 2007 - 2013
An Roinn Iompair Department of Transport
NRA An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta National Roads Authority